Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0125

Urscaoileadh 2024: Buiséad Ginearálta an Aontais - an Coimisiún

1. Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2026 maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, Roinn III – an Coimisiún agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus an naoú, an deichiú agus an t-aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag (2025/2145(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024[1],

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024 (COM(2025)0359 – C10-0145/2025)[2],

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an obair leantach ar urscaoileadh don bhliain airgeadais 2023 (COM(2025)0373), agus do na freagraí mionsonraithe ar na hiarrataí sonracha arna ndéanamh ag Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do Thuarascáil Bhliantúil 2024 ón gCoimisiún ar Bhainistiú agus ar Fheidhmíocht i ndáil le Buiséad an Aontais (COM(2025)0824),

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún chuig an údarás um urscaoileadh maidir leis na hiniúchtaí inmheánacha a rinneadh in 2024 (COM(2025)0314), agus don doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann léi (SWD(2025)0159),

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí ar chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024, maille le

---

1 IO L, 2024/207, 22.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/budget/2024/207/oj.
2 IO C, C/2025/4944, 13.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/4944/oj.

freagraí na n-institiúidí[3], agus do na tuarascálacha speisialta ón gCúirt Iniúchóirí,

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe i dtaobh bheachtas[4] na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2024, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 17 Feabhra 2026 maidir le hurscaoileadh a dheonú don Choimisiún i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024 (05749/2026 – C10-0037/2026),

– ag féachaint d'Airteagal 317, d'Airteagal 318 agus d'Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d'Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[5], agus go háirithe Airteagail 69, 260, 261 agus 262 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais[6], agus go háirithe Airteagail 69, 266, 267 agus 268 de,

– ag féachaint do Riail 101 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, ón gCoiste um Fhorbairt, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Aeráid agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um

---

3 IO C, C/2025/5409, 8.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5409/oj.

4 IO C, C/2025/5407, 13.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5407/oj.

5 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj.

6 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

Ghnóthaí Baile, ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0085/2026),

1. ag deonú urscaoileadh don Choimisiún i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024;

2. ag cur a barúlacha i láthair sa rún atá ina chuid dhílis de na cinntí maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, Roinn III – an Coimisiún agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus an naoú, an deichiú agus an t-aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus an rún atá ina chuid dhílis de a chur chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus chuig na parlaimintí náisiúnta agus chuig institiúidí iniúchóireachta náisiúnta agus réigiúnacha na mBallstát, agus a shocrú go ndéanfar iad a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (sraith L).

2. Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2026 maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol don bhliain airgeadais 2024 (2025/2145(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024[1],

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024 (COM(2025)0359 – C10-0145/2025)[2],

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol don bhliain airgeadais 2024[3],

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an obair leantach ar urscaoileadh don bhliain airgeadais 2023 (COM(2025)0373), agus do na freagraí mionsonraithe ar na hiarrataí sonracha arna ndéanamh ag Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún chuig an údarás um urscaoileadh maidir leis na hiniúchtaí inmheánacha a rinneadh in 2024 (COM(2025)0314), agus don doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann léi (SWD(2025)0159),

– ag féachaint do thuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí maidir le gníomhaireachtaí AE don bhliain airgeadais 2024, agus freisin do na freagraí ó na gníomhaireachtaí[4],

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe i dtaobh bheachtas[5] na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2024, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 17 Feabhra 2026 maidir le hurscaoileadh a dheonú do na gníomhaireachtaí i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024 (05752/2026 –

---

1 IO L, 2024/207, 22.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/budget/2024/207/oj.
2 IO C, C/2025/4944, 13.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/4944/oj.
3 IO C, C/2025/6001, 18.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/6001/oj.
4 IO C, C/2025/5409, 8.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5409/oj.
5 IO C, C/2025/5407, 13.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5407/oj.

C10-0050/2026),

– ag féachaint d’Airteagal 317, d’Airteagal 318 agus d’Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d’Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[6], agus go háirithe Airteagail 69, 260, 261 agus 262 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais[7], agus go háirithe Airteagail 69, 266, 267 agus 268 de,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú[8], agus go háirithe Airteagal 14(3) de,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2004 maidir le rialachán caighdeánach airgeadais do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a chur ar iontaoibh gníomhaireachtaí feidhmiúcháin i dtaca le cláir Chomhphobail a bhainistiú[9], agus go háirithe an chéad mhír agus an dara mír d’Airteagal 66 de,

– ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide,

---

6 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj.

7 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

8 IO L 11, 16.1.2003, lch. 1., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/58/oj.

9 IO L 297, 22.9.2004, lch. 6., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/1653/oj.

Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE[10],

– ag féachaint do Riail 101 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, ón gCoiste um Fhorbairt, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Aeráid agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0085/2026),

1. ag deonú urscaoileadh do Stiúrthóir na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin don bhliain airgeadais 2024;

2. ag cur a barúlacha i láthair sa rún atá ina chuid dhílis de na cinntí maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, Roinn III – an Coimisiún agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus an naoú, an deichiú agus an t-aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo, an cinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, Roinn III — an Coimisiún agus an rún ar cuid dhílis de na cinntí sin é, a chur chuig Stiúrthóir na Gníomhaireachta Eorpaí Feidhmiúcháin um Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus socrú a dhéanamh go bhfoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L) iad.

---

10 IO L 50, 15.2.2021, lch. 9., ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/173/oj.

3. Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2026 maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr don bhliain airgeadais 2024 (2025/2145(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024[1],

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024 (COM(2025)0359 – C10-0145/2025)[2],

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr don bhliain airgeadais 2024[3],

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an obair leantach ar urscaoileadh don bhliain airgeadais 2023 (COM(2025)0373), agus do na freagraí mionsonraithe ar na hiarrataí sonracha arna ndéanamh ag Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún chuig an údarás um urscaoileadh maidir leis na hiniúchtaí inmheánacha a rinneadh in 2024 (COM(2025)0314), agus don doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann léi (SWD(2025)0159),

– ag féachaint do thuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí maidir le gníomhaireachtaí AE don bhliain airgeadais 2024, agus freisin do na freagraí ó na gníomhaireachtaí[4],

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe i dtaobh bheachtas[5] na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2024, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 17 Feabhra 2026 maidir le hurscaoileadh a dheonú do na gníomhaireachtaí i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024 (05752/2026 –

---

1 IO L, 2024/207, 22.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/budget/2024/207/oj.
2 IO C, C/2025/4944, 13.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/4944/oj.
3 IO C, C/2025/6003, 18.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/6003/oj.
4 IO C, C/2025/5409, 8.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5409/oj.
5 IO C, C/2025/5407, 13.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5407/oj.

C10-0050/2026),

– ag féachaint d’Airteagal 317, d’Airteagal 318 agus d’Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d’Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[6], agus go háirithe Airteagail 69, 260, 261 agus 262 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais[7], agus go háirithe Airteagail 69, 266, 267 agus 268 de,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú[8], agus go háirithe Airteagal 14(3) de,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2004 maidir le rialachán caighdeánach airgeadais do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a chur ar iontaoibh gníomhaireachtaí feidhmiúcháin i dtaca le cláir Chomhphobail a bhainistiú[9], agus go háirithe an chéad mhír agus an dara mír d’Airteagal 66 de,

– ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide,

---

6 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj.

7 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

8 IO L 11, 16.1.2003, lch. 1., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/58/oj.

9 IO L 297, 22.9.2004, lch. 6., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/1653/oj.

Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE[10],

– ag féachaint do Riail 101 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, ón gCoiste um Fhorbairt, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Aeráid agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0085/2026),

1. ag deonú urscaoileadh do Stiúrthóir na Gníomhaireachta Eorpaí um Oideachas agus Cultúr i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin don bhliain airgeadais 2024;

2. ag cur a barúlacha i láthair sa rún atá ina chuid dhílis de na cinntí maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, Roinn III – an Coimisiún agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus an naoú, an deichiú agus an t-aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo, an cinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, Roinn III – an Coimisiún agus an rún atá ina chuid dhílis de na cinntí sin, a chur chuig Stiúrthóir na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus socrú a dhéanamh go bhfoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L) iad.

---

10 IO L 50, 15.2.2021, lch. 9., ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/173/oj.

4. Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2026 maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide don bhliain airgeadais 2024 (2025/2145(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024[1],

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024 (COM(2025)0359 – C10-0145/2025)[2],

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide don bhliain airgeadais 2024[3],

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an obair leantach ar urscaoileadh don bhliain airgeadais 2023 (COM(2025)0373), agus do na freagraí mionsonraithe ar na hiarrataí sonracha arna ndéanamh ag Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún chuig an údarás um urscaoileadh maidir leis na hiniúchtaí inmheánacha a rinneadh in 2024 (COM(2025)0314), agus don doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann léi (SWD(2025)0159),

– ag féachaint do thuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí maidir le gníomhaireachtaí AE don bhliain airgeadais 2024, agus freisin do na freagraí ó na gníomhaireachtaí[4],

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe i dtaobh bheachtas[5] na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2024, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 17 Feabhra 2026 maidir le hurscaoileadh a dheonú do na gníomhaireachtaí i leith chur chun

---

1 IO L, 2024/207, 22.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/budget/2024/207/oj.
2 IO C, C/2025/4944, 13.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/4944/oj.
3 IO C, C/2025/6015, 18.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/6015/oj.
4 IO C, C/2025/5409, 8.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5409/oj.
5 IO C, C/2025/5407, 13.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5407/oj.

feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024 (05752/2026 – C10-0050/2026),

– ag féachaint d'Airteagal 317, d'Airteagal 318 agus d'Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d'Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[6], agus go háirithe Airteagail 69, 260, 261 agus 262 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais[7], agus go háirithe Airteagail 69, 266, 267 agus 268 de,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú[8], agus go háirithe Airteagal 14(3) de,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2004 maidir le rialachán caighdeánach airgeadais do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a chur ar iontaoibh gníomhaireachtaí feidhmiúcháin i dtaca le cláir Chomhphobail a bhainistiú[9], agus go háirithe an chéad mhír agus an dara mír d'Airteagal 66 de,

– ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle

---

6 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj.

7 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

8 IO L 11, 16.1.2003, lch. 1., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/58/oj.

9 IO L 297, 22.9.2004, lch. 6., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/1653/oj.

Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE[10],

– ag féachaint do Riail 101 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, ón gCoiste um Fhorbairt, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Aeráid agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0085/2026),

1. ag deonú urscaoileadh do Stiúrthóir Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin don bhliain airgeadais 2024;

2. ag cur a barúlacha i láthair sa rún atá ina chuid dhílis de na cinntí maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, Roinn III – an Coimisiún agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus an naoú, an deichiú agus an t-aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo, an cinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, Roinn III – an Coimisiún agus an rún atá ina chuid dhílis de na cinntí sin, a chur chuig Stiúrthóir Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus a shocrú go ndéanfar iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

---

10 IO L 50, 15.2.2021, lch. 9., ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/173/oj.

5. Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2026 maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde don bhliain airgeadais 2024 (2025/2145(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024[1],

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024 (COM(2025)0359 – C10-0145/2025)[2],

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde don bhliain airgeadais 2024[3],

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an obair leantach ar urscaoileadh don bhliain airgeadais 2023 (COM(2025)0373), agus do na freagraí mionsonraithe ar na hiarrataí sonracha arna ndéanamh ag Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún chuig an údarás um urscaoileadh maidir leis na hiniúchtaí inmheánacha a rinneadh in 2024 (COM(2025)0314), agus don doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann léi (SWD(2025)0159),

– ag féachaint do thuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí maidir le gníomhaireachtaí AE don bhliain airgeadais 2024, agus freisin do na freagraí ó na gníomhaireachtaí[4],

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe i dtaobh bheachtas[5] na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2024, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 17 Feabhra 2026 maidir le hurscaoileadh a dheonú do na gníomhaireachtaí i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024 (05752/2026 –

---

1 IO L, 2024/207, 22.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/budget/2024/207/oj.
2 IO C, C/2025/4944, 13.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/4944/oj.
3 IO C, C/2025/6023, 18.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/6023/oj.
4 IO C, C/2025/5409, 8.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5409/oj.
5 IO C, C/2025/5407, 13.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5407/oj.

C10-0050/2026),

– ag féachaint d’Airteagal 317, d’Airteagal 318 agus d’Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d’Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[6], agus go háirithe Airteagail 69, 260, 261 agus 262 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais[7], agus go háirithe Airteagail 69, 266, 267 agus 268 de,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú[8], agus go háirithe Airteagal 14(3) de,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2004 maidir le rialachán caighdeánach airgeadais do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a chur ar iontaoibh gníomhaireachtaí feidhmiúcháin i dtaca le cláir Chomhphobail a bhainistiú[9], agus go háirithe an chéad mhír agus an dara mír d’Airteagal 66 de,

– ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide,

---

6 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj.

7 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

8 IO L 11, 16.1.2003, lch. 1., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/58/oj.

9 IO L 297, 22.9.2004, lch. 6., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/1653/oj.

Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE[10],

– ag féachaint do Riail 101 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, ón gCoiste um Fhorbairt, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Aeráid agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0085/2026),

1. ag tabhairt urscaoileadh do Stiúrthóir Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2024;

2. ag cur a barúlacha i láthair sa rún atá ina chuid dhílis de na cinntí maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, Roinn III – an Coimisiún agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus an naoú, an deichiú agus an t-aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo, an cinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, Roinn III — an Coimisiún agus an rún ar cuid dhílis de na cinntí sin é, a chur chuig Stiúrthóir Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus socrú a dhéanamh go bhfoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L) iad.

---

10 IO L 50, 15.2.2021, lch. 9., ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/173/oj.

6. Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2026 maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an tSláinte agus an Digitiú don bhliain airgeadais 2024 (2025/2145(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024[1],

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024 (COM(2025)0359 – C10-0145/2025)[2],

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an tSláinte agus an Digitiú don bhliain airgeadais 2024[3],

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an obair leantach ar urscaoileadh don bhliain airgeadais 2023 (COM(2025)0373), agus do na freagraí mionsonraithe ar na hiarrataí sonracha arna ndéanamh ag Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún chuig an údarás um urscaoileadh maidir leis na hiniúchtaí inmheánacha a rinneadh in 2024 (COM(2025)0314), agus don doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann léi (SWD(2025)0159),

– ag féachaint do thuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí maidir le gníomhaireachtaí AE don bhliain airgeadais 2024, agus freisin do na freagraí ó na gníomhaireachtaí[4],

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe i dtaobh bheachtas[5] na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2024, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 17 Feabhra 2026 maidir le hurscaoileadh a dheonú do na gníomhaireachtaí i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024 (05752/2026 –

---

1 IO L, 2024/207, 22.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/budget/2024/207/oj.
2 IO C, C/2025/4944, 13.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/4944/oj.
3 IO C, C/2025/6041, 18.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/6041/oj.
4 IO C, C/2025/5409, 8.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5409/oj.
5 IO C, C/2025/5407, 13.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5407/oj.

C10-0050/2026),

– ag féachaint d’Airteagal 317, d’Airteagal 318 agus d’Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d’Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[6], agus go háirithe Airteagail 69, 260, 261 agus 262 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais[7], agus go háirithe Airteagail 69, 266, 267 agus 268 de,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú[8], agus go háirithe Airteagal 14(3) de,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2004 maidir le rialachán caighdeánach airgeadais do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a chur ar iontaoibh gníomhaireachtaí feidhmiúcháin i dtaca le cláir Chomhphobail a bhainistiú[9], agus go háirithe an chéad mhír agus an dara mír d’Airteagal 66 de,

– ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide,

---

6 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj.

7 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

8 IO L 11, 16.1.2003, lch. 1., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/58/oj.

9 IO L 297, 22.9.2004, lch. 6., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/1653/oj.

Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE[10],

– ag féachaint do Riail 101 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, ón gCoiste um Fhorbairt, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Aeráid agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0085/2026),

1. ag deonú urscaoileadh do Stiúrthóir na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an tSláinte agus an Digitiú i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin don bhliain airgeadais 2024;

2. ag cur a barúlacha i láthair sa rún atá ina chuid dhílis de na cinntí maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, Roinn III – an Coimisiún agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus an naoú, an deichiú agus an t-aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo, an cinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, Roinn III – an Coimisiún agus an rún atá ina chuid dhílis de na cinntí sin, a chur chuig Stiúrthóir na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an tSláinte agus an Digitiú, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus socrú a dhéanamh go bhfoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L) iad.

---

10 IO L 50, 15.2.2021, lch. 9., ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/173/oj.

7. Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2026 maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Thaighde don bhliain airgeadais 2024 (2025/2145(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024[1],

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024 (COM(2025)0359 – C10-0145/2025)[2],

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Thaighde don bhliain airgeadais 2024[3],

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an obair leantach ar urscaoileadh don bhliain airgeadais 2023 (COM(2025)0373), agus do na freagraí mionsonraithe ar na hiarrataí sonracha arna ndéanamh ag Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún chuig an údarás um urscaoileadh maidir leis na hiniúchtaí inmheánacha a rinneadh in 2024 (COM(2025)0314), agus don doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann léi (SWD(2025)0159),

– ag féachaint do thuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí maidir le gníomhaireachtaí AE don bhliain airgeadais 2024, agus freisin do na freagraí ó na gníomhaireachtaí[4],

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe i dtaobh bheachtas[5] na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2024, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 17 Feabhra 2026 maidir le hurscaoileadh a dheonú do na gníomhaireachtaí i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024 (05752/2026 –

---

1 IO L, 2024/207, 22.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/budget/2024/207/oj.
2 IO C, C/2025/4944, 13.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/4944/oj.
3 IO C, C/2025/6023, 18.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/6023/oj.
4 IO C, C/2025/5409, 8.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5409/oj.
5 IO C, C/2025/5407, 13.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5407/oj.

C10-0050/2026),

– ag féachaint d’Airteagal 317, d’Airteagal 318 agus d’Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d’Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[6], agus go háirithe Airteagail 69, 260, 261 agus 262 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais[7], agus go háirithe Airteagail 69, 266, 267 agus 268 de,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú[8], agus go háirithe Airteagal 14(3) de,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2004 maidir le rialachán caighdeánach airgeadais do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a chur ar iontaoibh gníomhaireachtaí feidhmiúcháin i dtaca le cláir Chomhphobail a bhainistiú[9], agus go háirithe an chéad mhír agus an dara mír d’Airteagal 66 de,

– ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide,

---

6 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj.

7 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

8 IO L 11, 16.1.2003, lch. 1., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/58/oj.

9 IO L 297, 22.9.2004, lch. 6., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/1653/oj.

Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE[10],

– ag féachaint do Riail 101 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, ón gCoiste um Fhorbairt, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Aeráid agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0085/2026),

1. ag deonú urscaoileadh do Stiúrthóir Gníomhach na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Thaighde i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin don bhliain airgeadais 2024;

2. ag cur a barúlacha i láthair sa rún atá ina chuid dhílis de na cinntí maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, Roinn III – an Coimisiún agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus an naoú, an deichiú agus an t-aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo, an cinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, Roinn III — an Coimisiún agus an rún ar cuid dhílis de na cinntí sin é, a chur chuig Stiúrthóir Gníomhach na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Thaighde, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus socrú a dhéanamh go bhfoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L) iad.

---

10 IO L 50, 15.2.2021, lch. 9., ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/173/oj.

8. Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2026 maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad an naoú, an deichiú agus an aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag don bhliain airgeadais 2024 (2025/2145(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do na ráitis airgeadais agus do na cuntais ioncaim agus chaiteachais don naoú, don deichiú agus don aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag don bhliain airgeadais 2024 (COM(2025)0354 – C10-0158/2025),

– ag féachaint don fhaisnéis airgeadais maidir leis na Cistí Eorpacha Forbraíochta (COM(2025)0354),

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí ar na gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an naoú, ag an deichiú agus ag an aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag don bhliain airgeadais 2024, mar aon leis na freagraí ón gCoimisiún[1],

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe i dtaobh bheachtas[2] na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2024, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 17 Feabhra 2026 maidir le hurscaoileadh a dheonú don Choimisiún i leith chur chun feidhme na gCistí Eorpacha Forbraíochta don bhliain airgeadais 2024 (05886/2026 – C10-0051/2026),

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an obair leantach ar urscaoileadh don bhliain airgeadais 2023 (COM(2025)0373), agus do na freagraí mionsonraithe ar na hiarrataí sonracha arna ndéanamh ag Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta idir comhaltaí Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, arna shíniú in Cotonou (Benin) an 23 Meitheamh 2000[3] agus a leasaíodh in Ouagadougou (Buircíne Fasó) an 22 Meitheamh 2010[4],

– ag féachaint do Chinneadh (AE) 2021/1764 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir le Comhlachas na dTíortha agus na

---

1 IO C, C/2025/5409, 8.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5409/oj.
2 IO C, C/2025/5405, 13.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5405/oj.
3 IO L 317, 15.12.2000, lch. 3.
4 IO L 287, 4.11.2010, lch. 3.

gCríoch Thar Lear leis an Aontas Eorpach, lena n-áirítear caidreamh idir an tAontas Eorpach de pháirt, agus an Ghraonlainn agus Ríocht na Danmhairge den pháirt eile (an Cinneadh maidir le Comhlachas na dTíortha Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn)[5],

– ag féachaint d'Airteagal 33 de Chomhaontú Inmheánach an 20 Nollaig 1995 idir ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh sa Chomhairle, maidir le maoiniú agus riar scéim cabhrach an Chomhphobail faoin Dara Prótacal Airgeadais a ghabhann le ceathrú Coinbhinsiún ACC-CE[6],

– ag féachaint d'Airteagal 32 de Chomhaontú Inmheánach an 18 Meán Fómhair 2000 idir Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh sa Chomhairle, maidir le Maoiniú agus Riar Scéim Cabhrach an Chomhphobail faoin bPrótacal Airgeadais a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta idir comhaltaí Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, arna shíniú in Cotonou (Benin) an 23 Meitheamh 2000 agus maidir le leithroinnt cúnaimh airgeadais do na Tíortha agus na Críocha Thar Lear a bhfuil feidhme ag Cuid a Ceathair de Chonradh CE maidir leo[7],

– ag féachaint d'Airteagal 11 de Chomhaontú Inmheánach an 24 agus an 26 Meitheamh 2013 idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh sa Chomhairle, ar mhaoiniú scéim cabhrach an Aontais Eorpaigh faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir le Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus ar leithroinnt cúnaimh airgeadais do na Tíortha agus na Críocha Thar Lear a bhfuil feidhm ag Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leo[8],

– ag féachaint d'Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d'Airteagal 74 de Rialachán Airgeadais an 16 Meitheamh 1998 is infheidhme maidir le comhar airgeadais forbraíochta faoi cheathrú Coinbhinsiún ACC-CE[9],

– ag féachaint d'Airteagal 119 de Rialachán Airgeadais an 27 Márta 2003 is infheidhme maidir leis an 9ú Ciste Forbraíochta

---

5 IO L 355, 7.10.2021, lch. 6., ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/1764/oj.
6 IO L 156, 29.5.1998, lch. 108.
7 IO L 317, 15.12.2000, lch. 355.
8 IO L 210, 6.8.2013, lch. 1., ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_eums/2013/806/oj.
9 IO L 191, 7.7.1998, lch. 53., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_financ/1998/430/oj.

Airgeadais[10],

– ag féachaint d'Airteagal 50 de Rialachán (CE) Uimh. 215/2008 ón gComhairle an 18 Feabhra 2008 maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir leis an 10ú Ciste Eorpach Forbraíochta[11],

– ag féachaint d'Airteagal 44 de Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme maidir leis an aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/323[12].

– ag féachaint do Riail 101 agus don tríú fleasc de Riail 102 dá Rialacha Nós Imeachta agus d'Iarscríbhinn V a ghabhann leo,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0085/2026),

1. ag deonú urscaoileadh don Choimisiún i leith chur chun feidhme bhuiséad an naoú, an deichiú agus an aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag don bhliain airgeadais 2024;

2. ag cur a barúlacha i láthair sa rún atá ina chuid dhílis de na cinntí maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, Roinn III – an Coimisiún agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus an naoú, an deichiú agus an t-aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus an rún atá ina chuid dhílis de a chur chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig an gCúirt Iniúchóirí agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta, agus a shocrú go ndéanfar iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

---

10 IO L 83, 1.4.2003, lch. 1., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_financ/2003/401/oj.

11 IO L 78, 19.3.2008, lch. 1., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/215/oj.

12 IO L 307, 3.12.2018, lch. 1., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1877/oj.

9. Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2026 maidir le dúnadh chuntais bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, Roinn III – an Coimisiún (2025/2145(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024[1],

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024 (COM(2025)0359 – C10-0145/2025)[2],

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an obair leantach ar urscaoileadh don bhliain airgeadais 2023 (COM(2025)0373), agus do na freagraí mionsonraithe ar na hiarrataí sonracha arna ndéanamh ag Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do Thuarascáil Bhliantúil 2024 ón gCoimisiún ar Bhainistiú agus ar Fheidhmíocht i ndáil le Buiséad an Aontais (COM(2025)0824),

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún chuig an údarás um urscaoileadh maidir leis na hiniúchtaí inmheánacha a rinneadh in 2024 (COM(2025)0314), agus don doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann léi (SWD(2025)0159),

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí ar chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024, maille le freagraí na n-institiúidí[3], agus do na tuarascálacha speisialta ón gCúirt Iniúchóirí,

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe i dtaobh bheachtas[4] na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2024, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 17 Feabhra 2026 maidir le hurscaoileadh a dheonú don Choimisiún i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024 (05749/2026 – C10-0037/2026),

---

1 IO L, 2024/207, 22.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/budget/2024/207/oj.
2 IO C, C/2025/4944, 13.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/4944/oj.
3 IO C, C/2025/5409, 8.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5409/oj.
4 IO C, C/2025/5407, 13.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5407/oj.

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 17 Feabhra 2026 maidir le hurscaoileadh a dheonú do na gníomhaireachtaí i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024 (05752/2026 – C10-0050/2026),

– ag féachaint d'Airteagal 317, d'Airteagal 318 agus d'Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d'Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[5], agus go háirithe Airteagail 69, 260, 261 agus 262 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais[6], agus go háirithe Airteagail 69, 266, 267 agus 268 de,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú[7], agus go háirithe Airteagal 14(2) agus (3) de,

– ag féachaint do Riail 101 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, ón gCoiste um Fhorbairt, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Aeráid agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt

---

5 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj.

6 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

7 IO L 11, 16.1.2003, lch. 1., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/58/oj.

Tuaithe,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0085/2026),

1. ag formheas dhúnadh chuntais bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024;

2. ag cur a barúlacha i láthair sa rún atá ina chuid dhílis de na cinntí maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, Roinn III – an Coimisiún agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus an naoú, an deichiú agus an t-aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus chuig na parlaimintí náisiúnta agus chuig institiúidí iniúchóireachta náisiúnta agus réigiúnacha na mBallstát, agus a shocrú go ndéanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

10. Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2026 maidir le dúnadh chuntais an naoú, an deichiú agus an aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag don bhliain airgeadais 2024 (2025/2145(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do na ráitis airgeadais agus do na cuntais ioncaim agus chaiteachais don naoú, don deichiú agus don aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag don bhliain airgeadais 2024 (COM(2025)0354 – C10-0158/2025),

– ag féachaint don fhaisnéis airgeadais maidir leis na Cistí Eorpacha Forbraíochta (COM(2025)0354),

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí ar na gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an naoú, ag an deichiú agus ag an aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag don bhliain airgeadais 2024, mar aon leis na freagraí ón gCoimisiún[1],

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe i dtaobh bheachtas[2] na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2024, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 17 Feabhra 2026 maidir le hurscaoileadh a dheonú don Choimisiún i leith chur chun feidhme na gCistí Eorpacha Forbraíochta don bhliain airgeadais 2024 (05886/2026 – C10-0051/2026),

– ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta idir comhaltaí Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, arna shíniú in Cotonou (Benin) an 23 Meitheamh 2000[3] agus a leasaíodh in Ouagadougou (Buircíne Fasó) an 22 Meitheamh 2010[4],

– ag féachaint do Chinneadh (AE) 2021/1764 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir le Comhlachas na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear leis an Aontas Eorpach, lena n-áirítear caidreamh idir an tAontas Eorpach de pháirt, agus an Ghraonlainn agus Ríocht na Danmhairge den pháirt eile (an Cinneadh maidir le Comhlachas

---

1 IO C, C/2025/5409, 8.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5409/oj.
2 IO C, C/2025/5407, 13.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5407/oj.
3 IO L 317, 15.12.2000, lch. 3.
4 IO L 287, 4.11.2010, lch. 3.

na dTíortha Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn)[5],

– ag féachaint d'Airteagal 33 de Chomhaontú Inmheánach an 20 Nollaig 1995 idir ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh sa Chomhairle, maidir le maoiniú agus riar scéim cabhrach an Chomhphobail faoin Dara Prótacal Airgeadais a ghabhann le ceathrú Coinbhinsiún ACC-CE[6],

– ag féachaint d'Airteagal 32 de Chomhaontú Inmheánach an 18 Meán Fómhair 2000 idir Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh sa Chomhairle, maidir le Maoiniú agus Riar Scéim Cabhrach an Chomhphobail faoin bPrótacal Airgeadais a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta idir comhaltaí Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, arna shíniú in Cotonou (Benin) an 23 Meitheamh 2000 agus maidir le leithroinnt cúnaimh airgeadais do na Tíortha agus na Críocha Thar Lear a bhfuil feidhme ag Cuid a Ceathair de Chonradh CE maidir leo[7],

– ag féachaint d'Airteagal 11 de Chomhaontú Inmheánach an 24 agus an 26 Meitheamh 2013 idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh sa Chomhairle, ar mhaoiniú scéim cabhrach an Aontais Eorpaigh faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir le Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus ar leithroinnt cúnaimh airgeadais do na Tíortha agus na Críocha Thar Lear a bhfuil feidhm ag Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leo[8],

– ag féachaint d'Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d'Airteagal 74 de Rialachán Airgeadais an 16 Meitheamh 1998 is infheidhme maidir le comhar airgeadais forbraíochta faoi cheathrú Coinbhinsiún ACC-CE[9],

– ag féachaint d'Airteagal 119 de Rialachán Airgeadais an 27 Márta 2003 is infheidhme maidir leis an 9ú Ciste Forbraíochta Airgeadais[10],

– ag féachaint d'Airteagal 50 de Rialachán (CE) Uimh. 215/2008 ón

---

5 IO L 355, 7.10.2021, lch. 6., ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/1764/oj.
6 IO L 156, 29.5.1998, lch. 108.
7 IO L 317, 15.12.2000, lch. 355.
8 IO L 210, 6.8.2013, lch. 1., ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_eums/2013/806/oj.
9 IO L 191, 7.7.1998, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_financ/1998/430/oj.
10 IO L 83, 1.4.2003, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_financ/2003/401/oj.

gComhairle an 18 Feabhra 2008 maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir leis an 10ú Ciste Eorpach Forbraíochta[11],

– ag féachaint d'Airteagal 44 de Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme maidir leis an aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/323[12].

– ag féachaint do Riail 101 agus don tríú fleasc de Riail 102 dá Rialacha Nós Imeachta agus d'Iarscríbhinn V a ghabhann leo,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0085/2026),

1. ag formheas dhúnadh chuntais an naoú, an deichiú agus an aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag don bhliain airgeadais 2024;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig an gCúirt Iniúchóirí agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta, agus a shocrú go ndéanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

---

11 IO L 78, 19.3.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/215/oj.

12 IO L 307, 3.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1877/oj.

11. Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2026 maille le barúlacha atá ina gcuid dhílis de na cinntí maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, Roinn III – an Coimisiún agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus an naoú, an deichiú agus an t-aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag (2025/2145(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint dá chinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, Roinn III – an Coimisiún,

– ag féachaint dá cinntí maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséid na ngníomhaireachtaí feidhmiúcháin don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint do Riail 101 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, ón gCoiste um Fhorbairt, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Aeráid agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0085/2026),

A. de bhrí gur shroich an t-aonú CEF déag a chéim dheiridh de réir mar a tháinig a chlásal éagtha i bhfeidhm an 31 Nollaig 2020; de bhrí, áfach, gur síníodh conarthaí sonracha le haghaidh comhaontuithe maoiniúcháin a bhí ann cheana go dtí an 31 Nollaig 2023, agus go leanfar de chur chun feidhme na dtionscadal leanúnach arna gcistiú ag CEF go dtí go gcuirfear i gcrích iad go críochnaitheach;

B. de bhrí nár ionchorpraíodh an naoú, an deichiú agus an aonú CEF déag[1] i mbuiséad ginearálta an Aontais agus go leanfar dá gcur chun feidhme agus de thuairisciú a dhéanamh orthu ar leithligh go dtí go ndúnfar iad;

C. de bhrí, le haghaidh CAI 2021-2027, go bhfuil an chabhair le haghaidh comhar um fhorbairt do na tíortha atá mar chuid de

---

1 Leis an 11ú CEF, cumhdaítear CAI 2021-2027.

Ghrúpa na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) comhtháite san Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda ('ICFCI-An Eoraip Dhomhanda') mar chuid de bhuiséad ginearálta an Aontais, agus go bhfuil an chabhair le haghaidh comhar um fhorbairt do na tíortha agus críocha thar lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn, ionchorpraithe sa Chinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear;

D. de bhrí gurb í an Ard-Stiúrthóireacht um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta (AS INTPA) sa Choimisiún a bhainistíonn na CEFanna den chuid is mó agus go bhfuil sciar beag (7 %) de chaiteachas 2023 CEF á bhainistiú ag an Ard-Stiúrthóireacht um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú (AS NEAR);

Tosaíochtaí polaitiúla

1. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé urraim a thabhairt do luachanna bunúsacha agus bunphrionsabail an Aontais a shainmhínítear sa Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE); faoi chuimsiú an phróisis um urscaoileadh, cuirtear tábhacht ar leith ar phrionsabail an smachta reachta mar a leagtar amach in Airteagal 2 CAE, ar phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais mar a leagtar amach in Airteagal 317 CFAE agus ar an gcomhrac in aghaidh na calaoise agus ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 325 CFAE;

2. á mheabhrú gur réamhchoinníoll é urraim don smacht reachta agus do chearta bunúsacha maidir le bainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais agus go bhfuil raon leathan ionstraimí ar fáil don Choimisiún chun urraim do na prionsabail sin a áirithiú; ag cur sonrú sa mheath leanúnach, agus é ina ábhar imní di, i dtaca leis an smacht reachta agus an t-éilliú sistéamach agus na hionsaithe ar chearta bunúsacha i roinnt Ballstát, agus impleachtaí díreacha aige sin maidir le bainistíocht fhónta chistí an Aontais; ag tabhairt dá haire go bhfuil éifeacht scanrúil ag easpa cistí de chuid an Aontais ar sholáthar seirbhísí poiblí; ag leagan béim go háirithe ar an staid atá ag dul in olcas san Ungáir, ina bhfuil éilliú forleathan agus líonraí olagarcacha seanbhunaithe, rud ar gá aird leanúnach a thabhairt air; á chur in iúl gur saoth léi, cé go bhfuil fadhbanna fós ann nó go bhfuil siad ag dul in olcas, go bhfuil laghdú tagtha ar an mbrú a chuireann an Coimisiún chun athchóirithe fóinteacha a spreagadh de réir mar atá laghdú ag teacht ar mhéideanna na gcistí atá fós reoite; á chur i bhfáth gur gá don Choimisiún dul níos faide ná faireachán agus úsáid iomlán agus chomhsheasmhach a bhaint as na hionstraimí atá ar fáil chun cistiú an Aontais a chur ar fionraí nó a chosaint i gcás ina ndéanann easnaimh maidir leis an smacht reachta difear do bhainistíocht fhónta airgeadais, i ngach Ballstát lena mbaineann; á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh feidhm ag urraim don smacht reachta maidir le gach rannpháirtí i gcláir an Aontais, lena n-áirítear tríú tíortha;

3. á athdhearbhú a ríthábhachtaí atá sé cearta an linbh a chosaint i ngníomhaíochtaí uile an Aontais; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di torthaí Choimisiún Neamhspleách Idirnáisiúnta Fiosrúcháin na Náisiún Aontaithe ar an Úcráin maidir le leanaí Úcránacha a dhíbirt agus a aistriú le forneart chuig an Rúis, mar a dhoiciméadaítear ina thuarascálacha; á chur i bhfios go láidir gur gá don Aontas Eorpach, laistigh dá inniúlachtaí, gníomhú mar ghníomhaí cuiditheach agus iontaofa laistigh den chreat dlíthiúil agus institiúideach idirnáisiúnta, ag rannchuidiú le hiarrachtaí iltaobhacha atá dírithe ar na leanaí atá i gceist a shainaithint, an áit ina bhfuil siad a shoiléiriú, tacú le teaghlaigh a lorg agus le hathaontú teaghlaigh, agus a bhfilleadh sábháilte a éascú, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le leas an linbh; á chur i bhfáth gur cheart go dtacódh beartais agus ionstraimí cistiúcháin an Aontais go comhsheasmhach leis an gcomhar idirnáisiúnta chun cearta an linbh a chosaint, le rochtain ar leigheasanna, le hathshlánú agus le hathimeascadh, chomh maith le cuntasacht as sáruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine;

4. á chur in iúl gur díol sásaimh di go bhfuil tuairim gan choinníoll eisithe arís ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (an Chúirt) don bhliain airgeadais 2024 a bhaineann le beachtas na gcuntas agus dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim; á chur in iúl, ag an am céanna, gur saoth léi gur ghá don Chúirt tuairim dhiúltach a eisiúint maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht chaiteachas bhuiséad an Aontais, den 6ú bliain as a chéile, agus tuairim cháilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA);

5. ag tabhairt dá haire go leagann an Chúirt béim ar roinnt saincheisteanna ina Tuarascáil Bhliantúil do 2024 ar cúis mhór imní iad; á chur in iúl gur díol sásaimh di go bhfuil laghdú tagtha ar an ráta foriomlán earráide ó 5,6 % le haghaidh 2023 go 3,6 % le haghaidh 2024; á chur i bhfáth, áfach, gur cheart an laghdú sin a léirmhíniú go cúramach, ós rud é nach gá go léireodh sé feabhas ar éifeachtacht na gcóras rialaithe ach go bhféadfadh tosca comhthéacsúla tionchar a imirt air freisin amhail deireadh a chur le caiteachas éigeandála a bhaineann le COVID-19, leibhéal measartha íseal de chur chun feidhme buiséadach in 2024 agus an chéim luath de chur chun feidhme CAI 2021-2027; á chur in iúl gur cúis imní ar leith di, cé gur laghdaigh an ráta earráide don cheannteideal ‘Comhtháthú, athléimneacht agus luachanna’ ó 9,3 % go 5,7 %, go bhfuil sé fós i bhfad os cionn na tairsí ábharthachta de 2 % agus go leanann an Chúirt de laigí a aithint i gcórais rialaithe agus braite ar thaobh an Choimisiúin agus na mBallstát araon; á chur in iúl gur cúis imní di go bhfuil baol ann go ndéanfaí an leibhéal earráide reatha sa bheartas comhtháthaithe a normalú de bharr nádúr athfhillteach na dtorthaí sin; á chur in iúl gur cúis mhór imní di sa chomhthéacs sin tograí chun samhail chaiteachais nua a thabhairt isteach faoin gcéad CAI eile a bheadh ag brath níos mó fós ar chórais rialaithe na

mBallstát, cé gur cosúil nár tugadh aghaidh go leormhaith fós ar na bunchúiseanna atá le rátaí earráide atá ard i gcónaí; á mheabhrú gur ionstraim bhunúsach de chuid an Aontais fós é an beartas comhtháthaithe chun cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a chur chun cinn agus chun forbairt chothrom a chothú ar fud na réigiún, agus á chur i bhfáth nach mór cuspóirí, intuarthacht agus creat buiséadach tiomnaithe an bheartais comhtháthaithe a chaomhnú in aon athchóiriú a dhéanfar amach anseo ar shamhlacha caiteachais;

6. á chur in iúl gur cúis mhór imní di na heasnaimh leanúnacha i gcur chun feidhme STA; ag tabhairt dá haire gur eisigh an Chúirt tuairim choinníollach maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht chaiteachas STA don tríú bliain as a chéile agus go measann sí go bhfuil tionchar airgeadais íosta a torthaí os cionn na tairsí ábharthachta; ag leagan béim ar na heasnaimh thromchúiseacha iniúchóireachta agus rialaithe a shainaithin an Chúirt, a leanann den bhonn a bhaint ón leibhéal muiníne maidir le húsáid rialta chistí STA; á chur in iúl gur cúis imní di go háirithe an bhearna shuntasach chuntasachta a eascraíonn as an easpa faisnéise iontaofa agus iomláine maidir le tairbhithe deiridh chistiú an Aontais, go háirithe mar gheall ar léirmhíniú an Choimisiúin ar choincheap an ‘fhaighteora deiridh’ faoi STA, rud a thagann salach ar an reachtaíocht atá ann cheana; á mheabhrú gur léirigh an Pharlaimint imní thromchúiseach arís agus arís eile i rúin maidir le hurscaoileadh roimhe seo i ndáil le STA, lena n-áirítear i ndáil le trédhearcacht na dtairbhithe deiridh; á mheas gur cheart don Choimisiún tús a chur le nósanna imeachta um shárú; á mheas freisin gur cheart don Choimisiún gníomhú gan moill mhíchuí agus a chumhachtaí mar chaomhnóir na gConarthaí a fheidhmiú go hiomlán i gcoinne na mBallstát chun a áirithiú go mbeidh rochtain iomlán ag saoránaigh agus ag geallsealbhóirí ar an bhfaisnéis sin; má theipeann uirthi é sin a dhéanamh, breithneoidh an Pharlaimint gach beart iomchuí laistigh dá sainchumais chun comhlíonadh a áirithiú, lena n-áirítear caingean dlí;

7. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil an ráta cur chun feidhme atá ann faoi láthair do na cistí comhtháthaithe i bhfad níos ísle ná an ráta cur chun feidhme le linn CAI 2014-2020 roimhe seo, rud atá i gcomhthráth leis an bhfíoras nach raibh ach thart ar 50 % de na cistí faoi STA eisíoctha faoi dheireadh 2024, rud a thugann le tuiscint nach mór an 50 % eile de na cistí a eisíoc roimh dheireadh thréimhse cur chun feidhme STA i mí na Nollag 2026; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur mhéadaigh méid iomlán bhannaí an Aontais gan íoc go EUR 578,2 billiún ag deireadh 2024 agus ag tabhairt dá haire agus é ina ábhar imní di go measann an Chúirt go bhféadfadh an méid sin EUR 900 billiún a bhaint amach faoi dheireadh 2027, rud a chuirfidh ualach suntasach ar CAInna amach anseo mar gheall ar na híocaíochtaí úis agus na haisíocaíochtaí príomhshuime gaolmhara; ag tabhairt dá haire nach mór inbhuanaitheacht fhiachas an Aontais a chur san áireamh i ngach cinneadh buiséadach amach anseo;

8. á chur i bhfáth nach prionsabal rialachais teibí í an trédhearcacht ach gur gné lárnach í de thimpeallacht rialaithe éifeachtach; á chur i bhfios go láidir go lagaíonn doiciméadacht neamhiomlán, cleachtais chlárúcháin neamhréireacha nó spleáchas ar bhealaí cumarsáide neamhfhoirmiúla rianta iniúchóireachta go díreach agus go gcuireann siad bac ar chumas an údaráis um urscaoileadh measúnú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht, rialtacht agus bainistíocht fhónta airgeadais; á chur in iúl gur oth léi, i ndáil leis sin, go raibh go leor samplaí ann le blianta beaga anuas inar theip ar an gCoimisiún caighdeáin réasúnta trédhearcachta a bhaint amach agus ag cur sonrú breithiúnas na Cúirte Ginearálta i gcás T-36/23[2], Stevi agus The New York Times v an Coimisiún; á mheabhrú nach gcáileofar mar dhoiciméid faoi Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 teachtaireachtaí téacs a sheolann nó a fhaigheann oifigigh an Aontais ach amháin má bhaineann siad le beartas nó cinntí an Aontais; á chur i bhfios go láidir gur cheart don Choimisiún a áirithiú go gcomhlíonann cleachtais trédhearcachta ardchaighdeáin rialachais chun a ráthú gur féidir leis an údarás um urscaoileadh measúnú iomlán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht, rialtacht agus bainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais; ag tabhairt dá haire a thábhachtaí atá freagairtí tráthúla ar iarrataí ar rochtain ar dhoiciméid; ag spreagadh an Choimisiúin chun a nósanna imeachta a neartú chun a áirithiú gur féidir le comhlachtaí formhaoirseachta measúnú iomlán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht, rialtacht agus bainistíocht fhónta airgeadais; á mheas go bhfuil an baol ann go mbainfí an bonn ó mhuinín an phobail, ó chuntasacht institiúideach agus ó inchreidteacht an Choimisiúin mar chaomhnóir na gConarthaí mura n-áirithítear doiciméadacht chuí agus trédhearcacht chuí ar leibhéal na ceannaireachta sinsearaí; á iarraidh ar cheannaireacht an Choimisiúin a áirithiú go gcomhlíonfar go hiomlán na hoibleagáidí trédhearcachta, go gclárófar go cuí gach cumarsáid a bhaineann leis an obair, lena n-áirítear ar leibhéal Uachtarán agus Chomhaltaí an Choláiste, agus go neartófar nósanna imeachta inmheánacha agus sásraí cuntasachta chun easnaimh chomhchosúla a chosc amach anseo;

9. ag tabhairt dá haire go bhfuarthas amach go raibh iar-Phríomh-Aire na Seicia i staid coinbhleachta leasa le linn a théarma oifige roimhe sin, rud a d’fhág go ndearnadh cistiú ón Aontas a chur ar fionraí agus go ndearnadh ceartú airgeadais air; ag cur sonrú i ráitis phoiblí ón bPríomh-Aire, lena léirítear go bhfuil sé ar intinn aige úinéireacht agus rialú leasanna gnó a d’fhéadfadh tairbhe a bhaint as cistí an Aontais a scaradh trí shocrú iontaobhais a líomhnaítear a bheith dochúlaithe a chruthú; á mheabhrú a thábhachtaí agus atá sé socruithe dlíthiúla infhíoraithe a bhunú chun cosc a chur ar aon riosca go bhféadfadh cistí ón Aontas dul chun tairbhe do leasanna gnó príobháideacha sealbhóirí oifige poiblí; á chur i bhfios go láidir

---

[2] Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 14 Bealtaine 2025, Matina Stevi agus The New York Times Company v an Coimisiún, T-36/23, ECLI:EU:T:2025:483.

gur cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil coimircí éifeachtacha i bhfeidhm chun seasamh le trédhearcacht, lena n-áirítear maidir le faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil a nochtadh, sláine agus bainistíocht fhónta airgeadais chistí an Aontais;

10. á chur i bhfáth nach mór do Chomhaltaí an Choimisiúin na caighdeáin is airde ionracais, neamhspleáchais agus cuntasachta a chomhlíonadh, sna feidhmeanna atá acu faoi láthair agus sna róil a bhí acu roimhe seo araon; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go raibh roinnt poist bainistíochta sinsearaí folamh in AS NEAR le linn na tréimhse ina raibh an Coimisinéir reatha um Shláinte agus um Leas Ainmhithe freagrach as an Ard-Stiúrthóireacht sin ina cháil mar Choimisinéir um an gComharsanacht agus um Méadú, agus ag tabhairt dá haire go raibh an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil maidir leis sin le linn malartú tuairimí leis an údarás urscaoilte míchruinn; á chur i bhfáth nach mór don Choimisiún a áirithiú go gcomhlíonfaidh Comhaltaí uile an Choláiste na caighdeáin ionracais, neamhspleáchais agus iompair ghairmiúil is gá chun a bhfreagrachtaí a fheidhmiú, go háirithe i gcás ina mbaineann na freagrachtaí sin le punanna atá íogair ó thaobh na polaitíochta de agus cistí suntasacha de chuid an Aontais a bhainistiú; á mheas, i dteannta a chéile, go bhfuil na teipeanna bainistíochta tromchúiseacha agus fada in AS NEAR san am atá caite, soláthar na faisnéise míchruinne don Pharlaimint i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh, agus na hábhair imní bhreise a bhaineann le hiompar agus neamhspleáchas a leagtar amach thuas ina léiriú ar phatrún atá ar neamhréir leis na caighdeáin chuntasachta, iontaofachta agus riaracháin fhónta a cheanglaítear ar Chomhalta den Choimisiún;

11. á chur i bhfáth nach mór don Choimisiún gníomhú ar bhealach atá go hiomlán neamhchlaonta agus trédhearcach, lena n-áirítear coinbhleachtaí leasa a dhíothú, cuntasacht shoiléir a sholáthar maidir le bainistiú chistí an Aontais agus a threoirlínte féin maidir leis an smacht reachta a chomhlíonadh; á iarraidh ar an gCoimisiún trédhearcacht agus cuntasacht a neartú maidir le ceapadh agus gníomhaíochtaí a chomhairleoirí speisialta trí fhaisnéis mhionsonraithe a fhoilsiú go córasach maidir lena gcritéir roghnúcháin, a sainordú, a gcúraimí, fad an tsannacháin, luach saothair, agus dearbhuithe leasanna; á chur i bhfáth go bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag comhairleoirí speisialta ar fhorbairt beartas agus, dá bhrí sin, nach mór iad a bheith faoi réir caighdeáin shoiléire rialachais, oibleagáidí tuairiscithe rialta agus nochtadh réamhghníomhach i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais agus le hAirteagal 15(3) CFAE;

12. á chur i bhfáth nach féidir leathnú ar a inniúlachtaí thar an raon feidhme dá bhforáiltear sna Conarthaí a bheith mar thoradh ar ghníomhaíochtaí leantacha an Choimisiúin,

13. ag tabhairt dá haire gur shainaithin an Chúirt, i roinnt tuarascálacha

speisialta le blianta beaga anuas, easnaimh i modheolaíocht an Choimisiúin chun meastachán a dhéanamh ar éifeachtaí aeráide chaiteachas an Aontais as ar eascair rómheastachán sistéamach trí chórais clibeála *ex-ante* a úsáid bunaithe ar an éifeacht a mheastar a bheidh ag gníomhaíochtaí agus nach gcuireann torthaí iarbhír san áireamh; á chur i bhfáth go bhféadfadh teorainneacha na modheolaíochtaí reatha difear a dhéanamh d'iontaofacht na bhfigiúirí tuairiscithe agus go bhféadfadh impleachtaí a bheith acu do mheasúnú an údaráis um urscaoileadh ar fheidhmíocht; ag tabhairt dá haire, thairis sin, nach léirítear go hiomlán leis na modheolaíochtaí atá ann faoi láthair chun caiteachas aeráide agus bithéagsúlachta a rianú éifeachtaí uile ghníomhaíochtaí an Aontais, lena n-áirítear bearta áirithe faoin gcomhbheartas talmhaíochta; ag tabhairt dá haire go gcuidíonn cur i bhfeidhm an phrionsabail 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh' le cur chun feidhme beart neamhchomhlíontach a chosc; á chur i bhfios go láidir gur féidir le teorainneacha modheolaíochta den sórt sin dúshláin chuntasachta a chruthú don údarás um urscaoileadh; á chur i bhfios go láidir go mbraitheann cumas na Parlaiminte rialú buiséadach éifeachtach a fheidhmiú ar fhianaise thrédhearcach, infhíoraithe agus ar leibhéal an tionscadail maidir le comhlíonadh agus tionchar comhshaoil;

14. á mheabhrú gur cinneadh nárbh ann d'aon sárú ar an dlí in athbhreithniú 2024 an Choimisiúin ar chomhaontuithe deontais ENR; á chur i bhfios go láidir, mar sin féin, gur cheart aon fhaighteoir cistithe ón Aontas, lena n-áirítear ENRanna, a bheith faoi réir ceanglais ghrinnscrúdaithe agus trédhearcachta atá láidir, comhréireach agus rioscabhunaithe, i gcomhréir le forálacha dlíthiúla agus le bainistíocht fhónta airgeadais; á chur i bhfáth nach mór rialú buiséadach, coimircí agus ceanglais trédhearcachta a chur i bhfeidhm ar bhealach neodrach, comhréireach agus fianaisebhunaithe, rud lena n-áiritheofar go mbeidh feidhm éifeachtach ag trédhearcacht agus formhaoirseacht i ngach catagóir tairbhithe agus go mbeidh an grinnscrúdú rioscabhunaithe; á chur i bhfios go láidir, go mbaineann an easpa trédhearcachta an bonn ón muinín as an bpróiseas um urscaoileadh agus gur gá caighdeáin choibhéiseacha a chur i bhfeidhm maidir leis na tairbhithe uile chun grinnscrúdú éifeachtach a dhéanamh; ag cur sonrú i dtorthaí na Cúirte ina tuarascáil speisialta 11/2025 dar teideal 'Trédhearcacht chistiú an Aontais a dheonaítear d'eagraíochtaí neamhrialtasacha';

15. ag tabhairt dá haire, faoi na Conarthaí, gur tairbhithe dlisteanacha de chistiú ón Aontas iad eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus gur minic a thacaíonn siad le cuspóirí an Aontais a bhaint amach; á chur i bhfáth nach mór rialú buiséadach, coimircí agus ceanglais trédhearcachta a chur i bhfeidhm ar bhealach neodrach, comhréireach agus fianaisebhunaithe, agus aird chuí á tabhairt ar dheimhneacht dhlíthiúil; á thabhairt chun suntais gur féidir le trédhearcacht roghnaitheach an bonn a bhaint ón muinín as an bpróiseas um urscaoileadh, agus gur gá caighdeáin inchomparáide a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na tairbhithe uile

chun grinnscrúdú éifeachtach a dhéanamh; ag cur sonrú sa Mheitheal um Ghrinnscrúdú a bunaíodh laistigh den Pharlaimint i ndáil leis sin;

16. á mheabhrú go bhfuil ról ríthábhachtach ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna) maidir le luachanna daonlathacha a chaomhnú chun tacú le sochaí dhaonlathach bhríomhar, lena n-áirithítear bonn fónta chun na tuairimí ábhartha uile a chumhdach go forleathan i ndíospóireachtaí éagsúla agus á thabhairt chun suntais go bhféadfaidh ESSanna tacaíocht a fháil ó chistí an Aontais, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, chun na feidhmeanna sin a fheidhmiú, mar a fhoráiltear in Airteagal 11 den Chonradh ar an Aontas Eorpach;

17. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur méadaíodh líon agus méid ionstraimí cistithe cosanta an Aontais ó thús chogadh ionsaithe na Rúise i gcoinne na hÚcráine mar thoradh ar an ngá práinneach atá ann cumais chosanta an Aontais a threisiú; á mheas nach mór caitheamh leis an gcosaint agus leis an tacaíocht don Úcráin mar thosaíocht bhuiséadach sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair agus gur cheart acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh chun an cuspóir sin a bhaint amach; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le cur chuige cuimsitheach AE i leith cistiú slándála agus cosanta, lena bhfreagrófar do ghnáthbhagairtí míleata agus do bhagairtí neamhghnácha araon, lena n-áirítear bagairtí hibrideacha, amhail iad siúd a bhaineann leis an intleacht shaorga, dróin agus cibirionsaithe; á mheas gur cheart tosaíocht a thabhairt do theicneolaíochtaí a sholáthraíonn an buntáiste oibríochtúil is mó i dtaca le cistiú teicneolaíochtaí; á chur i bhfios go láidir nach mór cuntasacht dhaonlathach, in-iniúchóireacht agus trédhearcacht a mhéadú i gcomhthráth le caiteachas, agus á aithint ag an am céanna go bhféadfadh ceanglais dhlisteanacha slándála teorainn a chur le nochtadh faisnéise íogaire áirithe, gan laghdú a dhéanamh ar chumas foriomlán an údaráis um urscaoileadh formhaoirseacht éifeachtach a fheidhmiú; á chur i bhfáth gur gá trédhearcacht chistiú cosanta an Aontais a fheabhsú a thuilleadh, lena n-áirítear trí shocruithe iniúchóireachta atá coibhéiseach go praiticiúil leis na socruithe is infheidhme maidir le caiteachas sibhialtach a áirithiú, agus gur féidir leis an údarás um urscaoileadh grinnscrúdú daonlathach a fheidhmiú ar na gníomhaíochtaí uile arna gcistiú ag an Aontas, le linn na gcéimeanna glactha, deartha agus cur chun feidhme;

18. á thabhairt chun suntais gur luach bunaidh de chuid an Aontais é an comhionannas agus go bhfuil sé cumhdaithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt); ag meabhrú thiomantas an Aontais do phríomhshruthú inscne ina cheapadh beartas agus i gcur chun feidhme chistí an Aontais, lena n-áirítear buiséadú inscne;

19. ag meabhrú an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlacht idirinstitiúideach um chaighdeáin eiticiúla do chomhaltaí na n-

institiúidí agus na gcomhlachtaí comhairleacha dá dtagraítear in Airteagal 13 den Chonradh ar an Aontas Eorpach;

20. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé a áirithiú go ndéanfar cistí an Aontais a leithdháileadh agus a chur chun feidhme i gcomhréir iomlán leis an Rialachán Airgeadais agus le bunluachanna an Aontais; á chur i bhfáth go bhfuil gá le formhaoirseacht, trédhearcacht agus coimircí iomchuí chun calaois, coinbhleachtaí leasa, éilliú, cistiú dúbailte, sciúradh airgid agus mí-úsáid cistí a chosc, lena n-áirítear ag tairbhithe a bhfuil a ngníomhaíochtaí ar neamhréir le luachanna an Aontais; á chur i dtábhacht sa chreat seo go bhfuil ról lárnach ag ollstruchtúr frith-chalaoise an Aontais ina iomláine agus ag cur roinnt ábhair imní in iúl faoi dhiúltú roinnt Ballstát comhoibriú le ceann dá eilimintí, go háirithe Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE);

Príomh-mholtaí:

21. á iarraidh ar an gCoimisiún, go háirithe, an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) athmheasúnú práinneach a dhéanamh ar mheath an smachta reachta agus ar na rioscaí do bhuiséad an Aontais san Ungáir agus aghaidh a thabhairt orthu, agus gach gníomhaíocht is gá a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Coinníollacht agus le huirlisí eile atá ar fáil, lena n-áirítear cistí an Aontais a chur ar fionraí go hiomlán;

(ii) na forálacha a bhaineann leis na ‘faighteoirí deiridh’, de Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[3] (an Rialachán maidir le STA) a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go cruinn, trí athbhreithniú a dhéanamh ar a Threoraíocht maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta, cumarsáid a dhéanamh leis na Ballstáit maidir le cur i bhfeidhm ceart an tsainmhínithe ar ‘fhaighteoirí deiridh’, a áirithiú go mbailíonn agus go soláthraíonn na Ballstáit faisnéis faoi na heintitis deiridh a fhaigheann cistí, gan eintitis idirmheánacha amhail aireachtaí nó údaráis bhainistíochta a áireamh, agus an fhaisnéis sin a chur ar fáil don údarás um urscaoileadh faoin spriocdháta deireanach le haghaidh íocaíocht STA a chur isteach, agus imeachtaí um shárú a thionscnamh más gá;

(iii) liosta na bhfaighteoirí agus na gconraitheoirí deiridh a fhoilsiú ar fud na n-ionstraimí uile i bhformáid chomhchuibhithe mheaisín-inléite;

(iv) a áirithiú go gcomhlíonfar rialacha an Aontais maidir le rochtain ar dhoiciméid, lena n-áirítear teachtaireachtaí téacs,

---

3 IO L 57, 18.2.2021, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

agus é á aithint ag an am céanna gur cheart cumarsáid institiúideach leasa phoiblí a chur ar fáil ar bhealach comhréireach agus na ceanglais dhlíthiúla agus slándála á n-urramú, chun formhaoirseacht dhaonlathach agus cuntasacht dhaonlathach a choimirciú;

(v) a áirithiú nach n-íocfar aon chistí de chuid an Aontais, go díreach nó go hindíreach, le tairbhithe, lena n-áirítear iad siúd atá gaolta le comhaltaí den Chomhairle Eorpach, i gcás inar sainaithníodh coinbhleacht leasa agus nár réitíodh go follasach agus go hinfhíoraithe í, i gcomhréir le rialacha agus coimircí is infheidhme an Aontais;

(vi) a áirithiú go bhfeidhmeoidh na Coimisinéirí agus na hoifigigh shinsearacha uile a bhfeidhmeanna i gcomhréir iomlán le rialacha an Aontais maidir le hionracas, coinbhleachtaí leasa agus dea-riarachán;

(vii) an creat rialaithe le haghaidh chaiteachas an Aontais a bhaineann le cuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta a chur i bhfeidhm go leormhaith, lena n-áirítear sásra fíorúcháin comhréireach, tuairisciú tráthúil sonraí aeráide ar leibhéal an tionscadail agus cumarsáid thrédhearcach maidir le tionchair ar an gcomhshaol, i gcomhréir leis na moltaí ón gCúirt agus aird chuí á tabhairt ar indéantacht oibríochtúil agus ar iomaíochas eacnamaíoch; feabhas a chur ar an bhfaireachán a dhéantar ar thorthaí agus ar thuairisciú torthaí, sa bhreis ar spriocanna caiteachais amháin, d’fhonn tionchar chistiú aeráide agus bithéagsúlachta an Aontais a uasmhéadú;

(viii) scrúdú a dhéanamh, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, ar aon tairbhí a d’fhéadfadh a bheith calaoiseach nó neamhrialta; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé formhaoirseacht iomchuí a dhéanamh ar chistiú ón Aontas, agus aird ar leith á tabhairt ar luachanna bunúsacha an Aontais a urramú, agus ar oibleagáid dhlíthiúil an Choimisiúin a áirithiú go seasfaidh tairbhithe leis na luachanna sin agus go staonfaidh siad ó mhí-iompar gairmiúil;

(ix) a áirithiú go bhfuil acmhainní leordhóthanach ag OIPE chun imscrúdú a dhéanamh ar chásanna calaoise a bhaineann le maoiniú an Aontais, lena n-áirítear caiteachas STA, i bhfianaise líon méadaitheach na n-imscrúduithe agus na ndamáistí arda measta;

(x) leanúint de na hiarrachtaí a rinneadh maidir le buiséadú inscne agus tionchar bhuiséad an Aontais a rianú maidir le comhionannas inscne a chothú;

CAIBIDIL I – an Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI)

Ráiteas dearbhaithe agus bainistiú buiséadach agus airgeadais Chúirt Iniúchóirí na hEorpa

Beachtas na gcuntas

22. á chur in iúl gur geall léi conclúid na Cúirte ina tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024[4], go bhfuil cuntais chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh don bhliain sin beacht; á thabhairt dá haire gur eisigh an Chúirt tuairim ghlan ar bheachtas na gcuntas gach bliain ó 2007;

23. á thabhairt dá haire gur EUR 827,3 billiún a bhí in iomlán na ndliteanas ar an 31 Nollaig 2024, agus gur EUR 518,5 billiún a bhí in iomlán na sócmhainní; ag tabhairt dá haire gurb é is cúis leis an difríocht EUR 308,8 billiún a eascraíonn as sin glansócmhainní diúltacha an Aontais, rud lena léirítear an fiachas agus an sciar den chaiteachas a tabhaíodh cheana faoin 31 Nollaig 2024 nach mór a mhaoiniú le buiséid amach anseo; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur EUR 97,2 billiún a bhí sa toradh eacnamaíoch diúltach do 2024, agus gur chuir méideanna a caitheadh ar NextGenerationEU (NGEU) go suntasach le staid na nglansócmhainní diúltacha agus leis an toradh eacnamaíoch araon;

24. ag tabhairt dá haire, ag deireadh 2024, gurbh é a bhí sa luach measta a bhí ar speansais incháilithe tairbhithe a bhí dlite do thairbhithe ach nach raibh éilithe fós EUR 160,7 billiún (2023: EUR 155,2 billiún), agus gur bhain EUR 7,9 billiún den mhéid sin le híocaíochtaí tuartha STA amach anseo;

25. á chur in iúl gur geal léi conclúid na Cúirte go bhfuil na sócmhainní, na dliteanais, an t-ioncam agus na costais, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le NGEU, an meastachán a bhaineann le próiseas tarraingthe siar na Ríochta Aontaithe, agus tionchar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, léirithe go cothrom sna cuntais bhliantúla chomhdhlúite;

Dlíthiúlacht agus rialtacht ioncam an Aontais

26. ag cur sonrú i gconclúid na Cúirte go bhfuil ioncam an Aontais saor ó earráid ábhartha agus go raibh na córais bhainistíochta a scrúdaigh an Chúirt éifeachtach tríd is tríd;

Dlíthiúlacht agus rialtacht chaiteachas an Aontais

27. á chur in iúl gur oth léi go mór an tuairim neamhfhabhrach maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht chaiteachas bhuiséad an Aontais arna

---

4. IO C, C/2025/5409, 8.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5409/oj.

heisiúint ag an gCúirt don séú bliain as a chéile; á mheabhrú go leanann an t-údarás um urscaoileadh de bheith ag déanamh dlúthfhaireacháin ar fhorbairtí agus go ndéanann sé athmheasúnú ar an staid i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá iarrachtaí leanúnacha agus marthanacha chun aghaidh a thabhairt ar na laigí bunúsacha agus chun bainistiú airgeadais agus sásraí rialaithe an Choimisiúin agus na mBallstát araon a neartú; ag tabhairt dá haire go mbíonn deacrachtaí ag an údarás um urscaoileadh nuair a chuireann an Chúirt Iniúchóirí agus an Coimisiún sainmhínithe éagsúla dlíthiúla agus modheolaíochta i bhfeidhm;

28. á chur in iúl gur díol sásaimh di an laghdú ar mheastachán na Cúirte ar an leibhéal earráide go 3,6 % i gcaiteachas 2024, laghdú dhá phointe céatadáin ó 5,6 % in 2023; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go leanann an Chúirt de shaincheisteanna suntasacha a bhrath maidir le caiteachas atá bunaithe ar aisíocaíochtaí, arb é sin an cineál caiteachais is mó a chuireann leis an ráta foriomlán earráide arb é 5,7 % an leibhéal measta earráide ina leith; á thabhairt dá haire go meastar go bhfuil éifeacht na n-earráidí arna n-aimsiú ag an gCúirt ábhartha agus rábach;

29. ag tabhairt dá haire, maidir le meastacháin 2024 an Choimisiúin ar an riosca tráth na híocaíochta, lena gcumhdaítear gach ceannteideal CAI seachas Ceannteideal 3, go mbíonn na meastacháin sin níos ísle go comhsheasmhach ná eatraimh muiníne na Cúirte, go háirithe do Cheannteidil 2 agus 6; á mheas go léiríonn sé sin freisin na difríochtaí suntasacha modheolaíochta agus sainordaithe idir an dá institiúid;

30. ag tabhairt dá haire, murab ionann agus an Chúirt, nach mór di gach earráid a thuairisciú gan beann ar cheartúchán airgeadais a bheith indéanta, nach dtuairiscíonn an Coimisiún ach neamhrialtachtaí a measann sé go bhfuil údar dlíthiúil le haisghabhálacha ina leith; á mheabhrú go measann an Coimisiún, i gcomhréir le Rialachán na bhforálacha Coiteanna, gur ‘neamhrialtacht’ é aon sárú ar an dlí is infheidhme, a eascraíonn as gníomh nó neamhghníomh ag oibreoir eacnamaíoch, a bhfuil, nó a mbeadh, d’éifeacht aige dochar a dhéanamh do bhuiséad an Aontais trí chaiteachas neamhúdaraithe a ghearradh ar an mbuiséad sin, ach go n-áirítear i sainmhíniú na Cúirte ar ‘earráid’ gach íocaíocht a dhéantar gan na coinníollacha riachtanacha a chomhlíonadh; á athdhearbhú gur cúis imní di go gcuireann an Coimisiún agus an Chúirt, de bharr a róil institiúideacha ar leith, léirmhínithe dlíthiúla agus sainmhínithe modheolaíochta éagsúla i bhfeidhm, rud a d’fhéadfadh mearbhall a chruthú; á chur in iúl gur cúis imní di go bhféadfadh an Coimisiún tearcmheastachán córasach a dhéanamh an leibhéal earráide atá ann cheana; á chur in iúl go dtacaíonn sí le cur chuige agus modheolaíocht choiteann iniúchóireachta a fhorbairt;

31. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé a áirithiú go ndéanfaidh údaráis

phoiblí méideanna a cailleadh go míchuí trí chalaois, imghabháil, neamhrialtachtaí agus ilroinnt riaracháin a aisghabháil go héifeachtach, mar ghné bhunriachtanach chun an t-airgeadas poiblí a chosaint; á iarraidh ar an gCoimisiún trédhearcacht a fheabhsú trí fhaisnéis shoiléir bhliantúil a fhoilsiú maidir le haisghabhálacha, ceartuithe airgeadais agus coigistiú atá nasctha le caiteachais an Aontais agus comhar forfheidhmithe, arna gcur i láthair ar bhealach comhleanúnach agus inrochtana lena dtacaítear le cuntasacht, agus ualach riaracháin nach bhfuil gá leis á sheachaint ag an am céanna;

32. á athdhearbhú gur cúis imní di an bharúil ón gCúirt gur dócha go ndéanfar gannmheastachán ar leibhéal iarbhír an riosca i roinnt réimsí de bharr mheasúnú riosca an Choimisiúin; ag tabhairt dá haire go bhféadfadh laigí arna sainaithint i gcórais áirithe bhainistíochta agus rialaithe difear a dhéanamh d'iontaofacht fhoriomlán chonclúidí na hiniúchóireachta; á thabhairt chun suntais gur gá formhaoirseacht láidir a áirithiú ar fud na modhanna bainistíochta; á chur in iúl gur geal léi, ó 2025 ar aghaidh, go scoirfidh an Chúirt den chleachtas samplaí iniúchóireachta a roghnú ó idirbhearta a ndearna an Coimisiún nó na húdaráis iniúchóireachta náisiúnta athbhreithniú orthu cheana féin, athrú a bhfuil gá leis toisc go bhfuil sé cruthaithe arís agus arís eile go bhfuil an cur chuige sin neamhiontaofa, cé go meastar go nochtar leis roinnt earráidí nó nach nochtar aon earráid leis; á chur i bhfios go láidir go n-ardaíonn an fhorbairt sin amhras tromchúiseach faoi éifeachtacht chórais rialaithe an Aontais agus go dtreisíonn sí iarraidh sheanbhunaithe na Parlaiminte ar shásraí dearbhaithe iontaofa ar fud na modhanna bainistíochta uile;

33. ag tathant ar an gCoimisiún dlús a chur le húsáid uirlisí idir-inoibritheacha frithchalaoise agus mianadóireachta sonraí ar fud na modhanna bainistíochta, rud lena gcumasófar cros-seiceálacha ar úinéireacht thairbhiúil, ar tháscairí riosca soláthair agus ar chomharthaí cistiúcháin dhúbailte; ag tathant ar an gCoimisiún tuairisciú go bliantúil don údarás um urscaoileadh maidir le cumhdach agus éifeachtacht na n-uirlisí sin, lena n-áirítear a nglacadh i measc na n-údarás bainistíochta; á athdhearbhú go bhfuil géarghá le húsáid éigeantach uirlisí mianadóireachta sonraí agus intleachta saorga chun calaois agus neamhrialtachtaí a chomhrac go héifeachtach;

34. á chur i bhfios go láidir, maidir leis an leibhéal measta earráide i gcaiteachas an Aontais, mar a thuairiscítear i ráiteas dearbhaithe na Cúirte, gur léiriú é an leibhéal earráide sin ar mhéideanna nach raibh, de réir mheasúnú na Cúirte, i gcomhréir iomlán leis na rialacha agus na coinníollacha uile is infheidhme; á mheas, cé nach táscaire é sin ar chalaois ná ar éilliú agus nach dtugtar le tuiscint leis go huathoibríoch go mbaintear úsáid dhiomailteach as acmhainní, go leagtar béim ann ar réimsí inar féidir le bearta ceartaitheacha cur i bhfeidhm cuí na rialacha a threisiú agus leas airgeadais an Aontais a chosaint go héifeachtach; á chur in iúl gur oth léi go bhféadfadh

leibhéil leanúnacha earráide, cé gur de chineál teicniúil iad i bhformhór cásanna, an bonn a bhaint mar sin féin ó mhuinín an phobail i mbainistiú fónta airgeadais bhuiséad an Aontais;

35. á mheabhrú, mar a leagtar amach sna Conarthaí, go bhfuil ráiteas dearbhaithe de dhíth ar an údarás um urscaoileadh, arna sholáthar ag an gCúirt, maidir le beachtas na gcuntas agus maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo ag deireadh na bliana le haghaidh a chinnidh maidir le hurscaoileadh don bhliain sin; á thabhairt dá haire go bhfuil cláir chaiteachais an Aontais ilbhliantúil agus go gcumhdaíonn a gcórais bainistíochta agus rialaithe blianta iomadúla, lena n-éascaítear ceartúcháin agus aisghabhálacha tar éis dheireadh na bliana;

36. á mheabhrú gur ar an gCoimisiún atá an phríomhfhreagracht as calaois a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chosc agus a bhrath; ag tabhairt dá haire nach mór don Chúirt Iniúchóirí, i gcomhréir lena sainordú, aon chás neamhrialtachta a sainaithníodh le linn a cuid oibre iniúchóireachta a thuairisciú; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go ndéanann an Chúirt amhras faoi chionta coiriúla a thagann faoi inniúlacht OIPE agus amhras faoi chalaois, éilliú nó gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a tharchur chuig an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF); á thabhairt dá haire gur thuairiscigh an Chúirt, in 2024, 19 gcás calaoise amhrasta do OLAF agus, i gcomhthráth, gur tharchuir sí 7 gcinn de na cásanna sin chuig OIPE, rud as ar tháinig sé imscrúdú OLAF agus seacht n-imscrúdú OIPE go dtí seo; ag moladh na Cúirte as a tuairisciú córasach do OLAF agus OIPE, go háirithe ós rud é go bhfuil ardleibhéal iontaofachta ag baint le faisnéis a eascraíonn as gníomhaíochtaí iniúchóireachta; á chur i bhfáth gur cheart gach cás de chaiteachas neamhrialta arna shainaithint ag an gCúirt a thuairisciú do OLAF agus do OIPE, rud a d’fhágfadh faoi na comhlachtaí inniúla sin é a mheas an bhfuil intinn chalaoiseach ann ar gá tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh ina leith; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá comhordú leanúnach idir an Coimisiún, OLAF, OIPE agus an Chúirt chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach thráthúil agus éifeachtach ar gach cás tuairiscithe, i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach; á athdhearbhú gur gá don Choimisiún acmhainní leordhóthanacha a thabhairt do na comhlachtaí sin chun cumais imscrúdaithe agus braite trasteorann atá go hiomlán éifeachtach a ráthú; á mheabhrú a thábhachtaí atá neamhspleáchas oibríochtúil iomlán OIPE agus OLAF;

Bainistíocht bhuiséadach agus airgeadais

37. ag tabhairt dá haire gur tugadh isteach leis an athbhreithniú meántéarma ar CAI, a glacadh i mí Feabhra 2024, coigeartú teicniúil athbhreithnithe lenar méadaíodh uasteorainn 2024 le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas ó EUR 186,0 billiún go EUR 186,8 billiún, agus lenar méadaíodh leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí faoi EUR 7,1 billiún, rud a d’fhág gur

EUR 149,7 billiún a bhí sa bhuiséad deiridh le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, agus an uasteorainn íocaíochta fhoriomlán á coinneáil ag EUR 170,5 billiún ag an am céanna; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur bunaíodh leis an athbhreithniú an Cúlchiste don Úcráin agus Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) mar ionstraimí speisialta nua a chuirtear lasmuigh d'uasteorainneacha CAI;

38. ag tabhairt dá haire gur fhormheas an t-údarás buiséadach i dtosach buiséad EUR 189,4 billiún le haghaidh bhuiséad an Aontais do 2024 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas; ag tabhairt dá haire gur tháinig glanmhéadú EUR 5,9 billiún mar thoradh ar chúig bhuiséad leasaitheacha a glacadh le linn na bliana, rud a d'fhág gur EUR 195,3 billiún a bhí sna gealltanais iomlána, rud a sháraigh uasteorainn CAI de EUR 186,8 billiún; á chur i bhfios go láidir go rabhthas in ann é sin a dhéanamh trí úsáid a bhaint as ionstraimí speisialta CAI, lena gcuirtear acmhainní breise ar fáil thar na huasteorainneacha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais atá ag teacht chun cinn nó nach raibh coinne leo;

39. ag tabhairt dá haire go bhfuil dul chun cinn déanta maidir le hionsú Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE) 2014-2020, agus gur EUR 475,2 billiún a bhí in iomlán na n-íocaíochtaí, méid a chomhfhreagraíonn do 97,0 % den EUR 489,9 billiún atá ar fáil faoi na cláir; á chur in iúl gur geal léi gur sháraigh 21 Bhallstát ráta ionsúcháin 95,0 % don chlárthréimhse 2014-2020, rud a léiríonn acmhainneacht láidir cur chun feidhme de réir mar atá an tréimhse ag teacht chun deiridh;

40. á chur i bhfios go láidir nach léirítear go hiomlán sna rátaí ionsúcháin carnacha a thíolaic an Coimisiún, bunaithe ar réamh-mhaoiniú agus ar íocaíochtaí eatramhacha a rinneadh leis na Ballstáit, an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme an tionscadail ar an láthair, ós rud é nach ngabhtar leo na méideanna iomlána arna n-eisíoc ag na húdaráis náisiúnta le tairbhithe deiridh;

41. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, in ainneoin méadú suntasach ar íocaíochtaí 2024, go bhfuil ionsú faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna 2021-2027 fós íseal, agus EUR 14,7 billiún eisíoctha in 2024 i gcomparáid le EUR 6,3 billiún in 2023, méid atá fós measartha i gcoibhneas leis na leithdháiltí foriomlána; ag tabhairt dá haire, thairis sin, nár shroich íocaíochtaí deontais STA ach EUR 55,9 billiún in 2024, thart ar leath de réamhaisnéis an Choimisiúin i mí an Mheithimh 2023, rud a léiríonn moilleanna leanúnacha ar iarratais ar íocaíocht a chur isteach agus a phróiseáil;

42. ag tabhairt dá haire gur thuar an Coimisiún in 2024 go ndéanfaí saoradh EUR 8,8 billiún don tréimhse 2025-2027, suas ón EUR 8,1 billiún a measadh in 2023 don tréimhse 2024-2027, agus an méadú sin á spreagadh go príomha ag cláir an bheartais comhtháthaithe faoin CAI reatha agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um

Fhorbairt Tuaithe (CETFT) de réir mar atá cláir 2014-2020 ag teacht chun deiridh in 2026; leis an gcur chun feidhme íseal in 2024, cuirtear méideanna tábhachtacha i mbaol ó 2025 ar aghaidh;

43. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go dtuarann an Coimisiún go ndéanfaí leithreasuithe ar fiú EUR 2,7 billiún iad a shaoradh san iomlán i gcás an Chiste Comhtháthaithe (CC), Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus CSE+, ar ardú suntasach é sin ón EUR 2,2 billiún a réamh-mheasadh in 2023 agus beagnach seacht n-oiread na réamhaisnéise EUR 0,4 billiún in 2022, in ainneoin go nglactar leis go gcuirfear dlús géar leis an gcur chun feidhme in 2026 agus 2027; á chur i bhfáth go méadófar na méideanna atá i mbaol saortha a thuilleadh mura mbainfear amach an ráta cur chun feidhme géaraithe sin;

44. ag tabhairt rabhaidh go bhféadfadh na rioscaí éagsúla arna sainaithint ag an gCúirt i mbuiséad an Aontais, lena n-áirítear gealltanais atá le híoc, baint amach chuspóirí an Aontais a chur i mbaol; á iarraidh ar an gCoimisiún, i gcomhréir le moltaí na Cúirte, gníomhú go réamhghníomhach chun a áirithiú go mbeidh acmhainneacht leordhóthanach ag a uirlisí maolaitheacha riosca (amhail an Ciste don Soláthar Coiteann);

45. ag tabhairt dá haire gur shroich luach ainmniúil gan íoc iasachtaíocht an Aontais EUR 601,3 billiún ag deireadh 2024, rud a léiríonn úsáid margaí caipitil chun cláir an Aontais a mhaoiniú, amhail Tacaíocht chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála (SURE) agus NGEU; á thabhairt dá haire go bhféadfadh an iasachtaíocht iomlán gan íoc a bheith níos mó ná EUR 900 billiún faoi 2027, méid atá beagnach deich n-oiread an leibhéil a taifeadadh in 2020 sular seoladh NGEU; ag tabhairt dá haire go bhfuil straitéis cistiúcháin éagsúlaithe á cur i bhfeidhm ag an gCoimisiún ó bhí mí na Nollag 2022 ann mar mhodh caighdeánach chun cistí a thiomsú ar mhargaí caipitil; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá tuairisciú trédhearcach, freagracht fhioscach agus bainistiú fónta airgeadais i gcomhthéacs riosca méadaithe iasachtaíochta agus ráta úis chun inbhuanaitheacht fhioscach a choimirciú agus chun cuntasacht iomlán chomh maith le formhaoirseacht dhaonlathach ag an údarás um urscaoileadh a áirithiú;

46. ag tabhairt dá haire gur EUR 5,4 billiún a bhí sa chaiteachas úis a bhain le maoiniú na tacaíochta neamh-inaisíoctha ó NGEU don tréimhse 2021–2024, lena n-áirítear EUR 3,4 billiún in 2024 amháin, méid atá beagnach 50 % os cionn na réamhaisnéise tosaigh de EUR 3,7 billiún; á thabhairt faoi deara go bhféadfadh an caiteachas úis iomlán sa CAI reatha a bheith idir EUR 29,0 billiún agus EUR 30,4 billiún, méid atá thart ar dhá oiread mheastachán bunaidh an Choimisiúin de EUR 14,9 billiún; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur measadh i bhfaisnéisiú in 2024 dar teideal ‘Management of debt liabilities in the EU budget under the post-2027 MFF’ [Bainistiú dliteanas fiachais i mbuiséad an Aontais faoi CAI tar éis 2027] a

d’iarr an Coiste um Buiséid[5], go bhféadfadh íocaíochtaí úis as tacaíocht neamh-inaisíoctha ó NGEU sa chéad CAI eile a bheith cothrom le EUR 70,9 billiún agus EUR 73,8 billiún, rud a chuireann i dtábhacht na himpleachtaí buiséadacha fadtéarmacha a bhaineann le hiasachtaíocht NGEU;

47. ag tabhairt dá haire, gur lean neamhchosaint bhuiséad an Aontais de bheith ag méadú in 2024, rud a léiríonn méid méadaitheach na n-oibríochtaí iasachtaíochta agus na ráthaíochtaí gaolmhara; á chur i bhfios gur EUR 342,0 billiún a bhí i neamhchosaint iomlán bhuiséad an Aontais ag deireadh 2024, arb ionann é agus méadú 14,8 % i gcomparáid le EUR 298,0 billiún ag deireadh 2023; á chur i bhfios go láidir go gcuireann an treocht sin béim ar a thábhachtaí atá córas láidir, freagracht bhuiséadach agus tuairisciú trédhearcach chun a áirithiú gur féidir leis an Aontas a oibleagáidí fiachais a chomhlíonadh i ngach uile chás; á chur i bhfáth, i gcomhthéacs leibhéil fiachais atá ag ardú, go bhfuil sé fíor-riachtanach fíoracmhainní dílse nua a fhorbairt chun cosc a chur ar chostais seirbhísithe fiachais tosaíochtaí a phlódú faoi chreataí airgeadais ilbhliantúla a bheidh ann amach anseo;

48. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, mar a thug an Chúirt chun suntais i dTuarascáil Speisialta 18/2025 maidir le solúbthacht bhuiséad an Aontais, nach raibh an togra ón gCoimisiún le haghaidh CAI 2021-2027 bunaithe go leormhaith ar shainaithint agus anailís chríochnúil ar na riachtanais agus ar na rioscaí ar cheart do bhuiséad an Aontais a bheith in ann aghaidh a thabhairt orthu; ag tabhairt dá haire, cé gur chuir na socruithe solúbthachta atá ann cheana ar chumas an Aontais freagairt do thosaíochtaí atá ag teacht chun cinn, gur ídíodh roinnt uirlisí solúbthachta arís agus arís eile i mblianta tosaigh CAI, rud a chuir teorainn leis an lamháil inlíochta don chuid eile den tréimhse; á chur i bhfios go láidir go bhfuil an creat solúbthachta róchasta gan aon seicheamh atá sainithe go soiléir chun corrlaigh faoi bhun na n-uasteorainneacha agus na hionstraimí speisialta atá os a gcionn a ghníomhachtú; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil forluí idir uirlisí solúbthachta áirithe agus go bhfuil forluí idir na huirlisí sin agus cláir théamacha lena ndírítear ar na riachtanais chéanna, rud a fhágann go bhfuil castacht nach bhfuil gá léi ann i mbainistiú airgeadais agus sa chinnteoireacht;

Moltaí

49. ag tacú go láidir leis na moltaí ón gCúirt ina tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024 agus i dtuarascálacha speisialta gaolmhara; á iarraidh ar an gCoimisiún iad a chur chun feidhme gan mhoill agus an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas maidir le dul chun cinn an chur

---

5 https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/BRIE/2024/766173/IPOL_BRI(2024)766173_EN.pdf.

chun feidhme;

50. á iarraidh ar an gCoimisiún, go háirithe, an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) iontaofacht agus trédhearcacht an tuairiscithe airgeadais a neartú; go háirithe trí chur i láthair glansócmhainní diúltacha agus costas fabhraithe a fheabhsú, agus trína áirithiú go gcuirfear impleachtaí buiséadacha fadtéarmacha iasachtaíocht NGEU in iúl go soiléir agus go córasach don údarás buiséadach;

(ii) gach beart is gá a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na laigí leanúnacha i ndlíthiúlacht agus i rialtacht an chaiteachais, lena n-áirítear trí threoraíocht d'údaráis bhainistíochta a fheabhsú agus a shoiléiriú, leanúint de na hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a sainaithníodh i gcaiteachas atá bunaithe ar aisíocaíocht agus cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta a áirithiú i gcás ina leanann rioscaí ar aghaidh;

(iii) a mhodheolaíocht riosca tráth na híocaíochta a choigeartú ionas go n-áiritheofar ailíniú iomlán idir a mheastacháin riosca agus an timpeallacht rialaithe ar a bhfuil sé ag brath;

(iv) faireachán ar chur chun feidhme chistí bainistíochta comhroinnte 2021-2027 a neartú, lena n-áirítear obair leantach níos gníomhaí ar rátaí ísle ionsúcháin, tacaíocht riaracháin fheabhsaithe agus cúnamh teicniúil spriocdhírithe do na Ballstáit, agus sainaithint chórasach scrogall struchtúrach a chuireann moill ar an gcur chun feidhme;

(v) leas iomlán a bhaint as na hionstraimí uile atá ar fáil chun saoradh a chosc agus chun a áirithiú go ndéanfar na cistí leithdháilte a ionsú go hiomlán agus go héifeachtach;

(vi) cumarsáid shoiléir a dhéanamh maidir le tionchar an chaiteachas úis a bhfuil coinne leis ar oibríochtaí iasachtaíochta an Aontais, lena n-áirítear a impleachtaí buiséadacha do CAInna amach anseo, agus inbhuanaitheacht na straitéise cistiúcháin éagsúlaithe atá ann faoi láthair;

(vii) athbhreithniú agus simpliú a dhéanamh ar ollstruchtúr solúbthachta bhuiséad an Aontais don chéad CAI eile, lena n-áirítear trí sheicheamh soiléir a bhunú chun corrlaigh agus ionstraimí speisialta a shlógadh, comhlántacht idir uirlisí solúbthachta a áirithiú, agus trédhearcacht agus intuarthacht maidir lena n-úsáid a fheabhsú agus formhaoirseacht dhaonlathach ag an údarás buiséadach á háirithiú go hiomlán ag an am céanna;

(viii) á mholadh go n-áireodh an Coimisiún, i dtograí CAI amach anseo, anailís chuimsitheach ar riachtanais, rioscaí agus acmhainneacht freagartha géarchéime, lena n-áiritheofar go mbeidh údar leordhóthanach le hionstraimí solúbthachta, go ndéanfar iad a chistiú go leormhaith agus go mbeidh siad in ann aghaidh a thabhairt ar theagmhais gan choinne gan iad a bheith ídithe roimh am;

(ix) a áirithiú go gcuirfear acmhainní leordhóthanacha agus iomchuí ar fáil d'ollstruchtúr frithchalaoise an Aontais, go háirithe OLAF agus OIPE, agus go n-éascófar comhar láidir eatarthu agus leis an gCoimisiún; lena n-áirítear trí chásanna calaoise amhrasta a tharchur go tráthúil agus trí straitéisí coiscthe calaoise a neartú, go háirithe i réimsí caiteachais ardriosca agus in ionstraimí airgeadais mórscála;

(x) achoimrí soiléire soláimhsithe feidhmíochta agus caiteachais a fhoilsiú, lena n-áirítear forléargais aonleathanaigh agus deaiseanna idirghníomhacha le tacair sonraí mheaisín-inléite;

Ioncam

51. á chur in iúl gur geal léi go léiríonn an fhianaise iniúchóireachta fhoriomlán freisin don bhliain airgeadais 2024 nach raibh an leibhéal earráide san ioncam ábhartha; ag an am céanna, á chur in iúl i gcónaí go bhfuil easnamh i méid na ndleachtanna allmhairiúcháin a bhailítear mar thoradh ar na fadhbanna maidir le dleachtanna custaim a dhearbhú go mícheart nó gan iad a dhearbhú ar chor ar bith (an 'bhearna chustaim'), rud atá ina fhadhb leanúnach don Aontas agus dá Bhallstáit le blianta fada anuas;

52. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá freagrachtaí na mBallstát maidir le cáin bhreisluacha (CBL) agus acmhainní dílse traidisiúnta (ADT) a bhailiú chun iomaíocht chóir agus cánachas cothrom sa Mhargadh Aonair a áirithiú agus chun a ráthú go roinnfear go cothrom an t-ualach a bhaineann le caiteachas an Aontais a mhaoiniú i measc na mBallstát; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go raibh na córais ioncaim a scrúdaigh an Chúirt éifeachtach tríd is tríd; ag tathant ar an gCoimisiún, an tráth céanna, dlús a chur lena iarrachtaí a dhéanamh chun bailiú acmhainní dílse atá ann cheana a fheabhsú, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar na laigí atá fós ann a shainaithin an Chúirt, go háirithe iad siúd a bhaineann le saincheisteanna atá fós gan réiteach maidir le forchoimeádais CBL agus pointí oscailte a bhaineann le ADTanna;

53. á chur i bhfios go láidir go bhfuil athchóiriú ar chóras custaim an Aontais fós tábhachtach chun acmhainní dílse a nuachóiriú agus chun an choireacht eagraithe a chomhrac go héifeachtach ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta araon; ag cur sonrú i mbarúil na Cúirte maidir leis an ngá atá le tuilleadh pleanála cur chun feidhme agus oibríochtaithe; á chur i bhfios go láidir a

thábhachtaí atá sé gnéithe athchóirithe comhaontaithe a bhaint amach ar bhealach tráthúil agus comhordaithe;

54. á chur i bhfáth gur cheart glacadh agus cur chun feidhme tapa gach gné den togra le haghaidh athchóiriú custaim a bheith ina bpríomhthosaíochtaí i gcónaí; á thabhairt chun suntais gur cheart go rannchuideodh bunú Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus Mhol Sonraí an Aontais le measúnú riosca fíor-ama, brath calaoise, agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach rialacha custaim, lena n-ionadaítear córais náisiúnta ilroinnte le haghaidh Aontas Custaim digitithe níos láidre; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcuideoidh an t-athchóiriú le laghdú suntasach ar an mbearna chustaim a bhaint amach agus go bhfeabhsófar éifeachtacht rialuithe custaim an Aontais leis; á chur i bhfios a thábhachtaí atá sé measúnú riosca fíor-ama agus rialuithe custaim digitithe a bheith ann;

55. ag moladh iarrachtaí OIPE agus OLAF dúshaothrú eagraithe laigí i rialuithe custaim an Aontais a chomhrac; á mholadh, i ndáil le hacmhainneacht oibríochtúil agus saineolas OIPE maidir le patrúin choireachta eagraithe a dhéanann difear d'ioncam agus do chaiteachas an Aontais a chomhrac, go ndéanfaí an acmhainneacht oibríochtúil agus an saineolas sin a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear trí chúraimí comhpháirteacha speisialaithe, comhroinnt faisnéise fheabhsaithe agus cumais anailíse riosca;

56. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá bearta coisctheacha agus réamhchúraim chun calaois CBL a chomhrac; á mholadh go bhféachfaí ar chineálacha nuálacha cur chuige, amhail sampláil rioscabhunaithe agus eachtarshuíomh staidrimh torthaí rialaithe chuig catagóirí idirbheart níos leithne, agus lánurraim á tabhairt do choimircí dlíthiúla agus don chomhréireacht;

57. á chur in iúl gur díol sásaimh di na tograí le haghaidh acmhainní dílse nua arna dtíolacadh ag an gCoimisiún, lena n-áirítear mar chuid den phacáiste tograí don chéad CAI eile, lenar cheart a bheith in ann, ar a laghad, na costais a bhaineann le hús agus aisíocaíocht iasachtaí faoi STA a chumhdach chun a áirithiú nach gcuirfidh na costais sin teorainn le cistí an Aontais atá ar fáil do chláir chaiteachais rialta an Aontais; á aithint go bhféadfaí foinsí eile ioncaim a mheas freisin mura dtiocfaidh na tograí atá ann cheana chun cinn gan an fhreagracht fhioscach a chur i mbaol; á mheas gur cheart féachaint ar acmhainneacht ioncaim cánach seirbhíse digití agus cánach ar idirbhearta airgeadais mar réitigh fhéideartha;

Moltaí:

58. á iarraidh ar an gCoimisiún, go háirithe, an méid seo a leanas a dhéanamh:

    (i) na céimeanna is gá a ghlacadh chun tacú le cur chun feidhme tráthúil agus éifeachtach an athchóirithe custaim, lena n-áirítear bunú agus oibriú tosaigh Údarás Custaim an Aontais

Eorpaigh agus forbairt, cur chun feidhme agus cothabháil Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh;

(ii) comhar maidir le custam a threisiú le tíortha eile lasmuigh den Aontas chun trádáil a éascú agus chun an comhrac i gcoinne na calaoise trasteorann cánach agus custaim a mhéadú;

(iii) dlús a chur le hiarrachtaí chun bailiúchán foinsí ioncaim reatha an Aontais a fheabhsú, lena n-áirítear na foinsí ioncaim sin ón ríomhthráchtáil, trí aghaidh a thabhairt ar na laigí atá fós ann a shainaithin an Chúirt, go háirithe iad siúd a bhaineann le saincheisteanna atá fós gan réiteach maidir le forchoimeádais CBL agus pointí oscailte a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (ADT);

(iv) leanúint den obair i dtreo acmhainní dílse nua breise a thabhairt isteach;

(v) leanúint d'aghaidh a thabhairt ar na dúshláin mhóra chustaim a chruthaíonn fás tapa na ríomhthráchtála d'údaráis chustaim; acmhainní leordhóthanacha daonna, teicniúla agus airgeadais a sholáthar;

An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach

59. á thabhairt dá haire gur EUR 25,9 billiún (13,5 % de bhuiséad an Aontais) a bhí sa bhuiséad do na cláir faoi cheannteideal 1 de CAI 'An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach' a dáileadh mar seo a leanas: EUR 14,9 billiún (57,6 %) le haghaidh Taighde, EUR 4,1 billiún (15,9 %) don Iompar, Fuinneamh agus Digiteach, EUR 3,1 billiún (11,9 %) don Chlár InvestEU, EUR 2,3 billiún (8,8 %) don Spás, agus EUR 1,5 billiún (5,8 %) do réimsí eile;

60. á thabhairt dá haire go bhfuil scrúdú déanta ag an gCúirt ar 127 n-idirbheart a chumhdaíonn an raon iomlán caiteachais faoin gceannteideal seo de CAI; á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go raibh earráidí i 32 cheann (25 %) de na 127 n-idirbheart a scrúdaigh an Chúirt; á chur in iúl gur oth léi, bunaithe ar na 28 n-earráid inchainníochtaithe a d'aimsigh an Chúirt, agus ar earráidí breise a braitheadh in idirbhearta cheannteideal 1 CAI arna gcur chun feidhme ag gníomhaireachtaí an Aontais, ag comhghnóthais agus ag an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht, go measann an Chúirt go raibh an leibhéal earráide sa chaiteachas ar 'An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha' in 2024 ábhartha ag 3,2 %; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go measann an Coimisiún gurb ionann an riosca tráth na híocaíochta agus 1,6 % don cheannteideal sin, atá sa leath íochtarach de raon mheastachán na Cúirte;

61. ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt earráidí a chatagóiriú, agus go raibh costais dhíreacha phearsanra neamh-incháilithe

freagrach as 76 % d’earráidí, go raibh costais dhíreacha neamh-incháilithe eile (CBL, taisteal, trealamh) freagrach as 18 %, go raibh fochonraitheoireacht neamh-incháilithe freagrach as 4 % agus go raibh costais indíreacha neamh-incháilithe freagrach as 2 %;

62. ag cur sonrú i mbarúil na Cúirte, agus é ina chúis imní di, go leanann an taighde de bheith ina réimse caiteachais ardriosca, go háirithe i réimse na gcostas pearsanra; ag tabhairt dá haire gur aimsigh an Chúirt earráidí inchainníochtaithe a bhain le 26 idirbheart de na 99 n-idirbheart taighde agus nuálaíochta a bhí sa sampla a roghnaigh sí; á aithint go bhfuil tionchar ag an gcaoi a n-eisíoctar cistí ar an riosca earráide agus ar na rialacha casta a bhaineann le cistiú atá bunaithe ar aisíocaíochtaí a úsáidtear go ginearálta i réimse an taighde; á chur i bhfios go láidir, ina leith sin, gur gá na rialacha lena rialaítear cláir thaighde agus nuálaíochta an Aontais a shimpliú d’fhonn an riosca earráidí a laghdú agus rochtain tairbhithe, go háirithe FBManna, ar chistiú ón Aontas á héascú ag an am céanna;

63. á thabhairt faoi deara gur shainaithin an Chúirt roinnt saincheisteanna freisin i dtionscadail de chuid na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (SCE), lena n-áirítear costais indíreacha a thuairisciú, neamhréireachtaí idir íocaíochtaí dearbhaithe agus íocaíochtaí iarbhír agus nósanna imeachta soláthair neamhchomhlíontacha, agus á iarraidh go ndéanfaidh na comhpháirtithe uile rialacha incháilitheachta costais agus bainistíocht fhónta airgeadais a chomhlíonadh go docht; á chur i bhfios go láidir, thairis sin, gur gá na saincheisteanna sin a chur san áireamh i gcomhthéacs Rialachán SCE (2028–2034) atá ar na bacáin, chun trédhearcacht a fheabhsú i gcur chun feidhme thionscadail SCE agus chun a mbreisluach AE a threisiú;

64. á chur in iúl gur geal léi, i gcás Thuarascáil Bhliantúil 2024 uaithi, go ndearna an Chúirt measúnú freisin ar an bhfaisnéis feidhmíochta maidir le ceannteideal 1 CAI a cuireadh i láthair sna ráitis ar fheidhmíocht chláir i dtuarascáil bhliantúil 2023 ar bhainistíocht agus ar fheidhmíocht arna hullmhú ag an gCoimisiún; á chur in iúl gur mór aici conclúid fhoriomlán na Cúirte gur tháinig feabhas ar dhearadh na dtáscairí feidhmíochta i gcomparáid leis an gclárthréimhse 2014-2020, lena n-áirítear an chothromaíocht idir cineálacha éagsúla táscairí (ionchur, aschur, toradh agus tionchar) i gcás an chláir Fís Eorpach, Chlár Spáis an Aontais, agus InvestEU; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, nach n-áirítear táscairí toraidh ná tionchair sa reachtaíocht maidir leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) 2021-2027;

65. á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur sainaithin an Chúirt bearnaí in inrianaitheacht na dtorthaí tuairiscithe, go háirithe i gcás Fís 2020; á mheas go bhfuil sé fíor-riachtanach inrianaitheacht agus iontaofacht na sonraí a úsáidtear chun táscairí feidhmíochta a chruthú a fhíorú agus a áirithiú; ag tabhairt dá haire, mar gheall ar roghanna costais simplithe agus samhlacha maoinithe nach bhfuil nasctha le costais a

thabhairt isteach agus a úsáid níos mó, nach mór aghaidh a thabhairt ar laigí in inrianaitheacht agus in iontaofacht sonraí feidhmíochta chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint;

66. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, cinneadh na Cúirte nach bhféadfadh an Coimisiún faisnéis ar leibhéal an tionscadail a chur ar fáil maidir le InvestEU, ós rud é go gcuirtear chun feidhme é trí bhainistíocht indíreach, arna comhlánú le cuairteanna faireacháin; á chur in iúl gur oth léi freagra an Choimisiúin nach gceanglaítear ar chomhpháirtithe cur chun feidhme InvestEU leis na comhaontuithe ráthaíochta ná le Rialachán InvestEU príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna) a thuairisciú ar leibhéal an tionscadail; á mheas gur cheart sonraí ar leibhéal an tionscadail a bheith ina mbonn de thuairisciú feidhmíochta feabhsaithe le haghaidh ionstraimí airgeadais a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach, amhail InvestEU; á chur i bhfáth nach mór an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI), mar phríomh-chomhpháirtí cur chun feidhme InvestEU, a bheith faoi réir na gcaighdeán is airde trédhearcachta agus cuntasachta;

67. á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur chinn an Chúirt, go ginearálta, go raibh an dul chun cinn maidir le spriocanna le haghaidh PTFanna a bhaint amach níos ísle ná mar a mheas an Coimisiún; ag tabhairt dá haire go bhfuil cláir CAI 2021-2027 ar an mbóthar ceart den chuid is mó chun spriocanna a bhaint amach, agus nár bhain cláir 2014-2020 a gcuspóirí amach ach go páirteach; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur tháinig an Chúirt ar an gconclúid go léiríonn níos lú ná leath de tháscairí feidhmíochta Fís 2020 agus SCE 2014-2020 gur baineadh amach torthaí nó go bhfuil siad ar an mbóthar ceart; ag tabhairt dá haire, i gcás InvestEU, nach raibh sprioc ag 50 % de na táscairí a cuireadh i láthair sna ráitis ar fheidhmíocht na gclár; ag aithint fhreagra an Choimisiúin, mar gheall ar chineál na n-ionstraimí airgeadais amhail InvestEU atá faoi thionchar an mhargaidh agus an éilimh, go mbraitheann feidhmíocht na gclár sin ar a nglacadh ag an margadh, rud a chuireann teorainn le cumas an Choimisiúin garspriocanna agus spriocanna réamhshainithe a bhunú;

68. á mheabhrú a thábhachtaí atá cláir chistiúcháin taighde agus nuálaíochta (T&N) an Aontais d’fhorbairt eolaíoch, shochaíoch, eacnamaíoch agus theicneolaíoch an Aontais, lena dtugtar aghaidh go leormhaith ar thosaíochtaí agus ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn, agus chun neamhionannais a laghdú, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach agus spleáchas fuinnimh an Aontais ar an Rúis a laghdú; á chur i bhfios go láidir, chun iomaíochas, ceannaireacht theicneolaíoch agus uathriail straitéiseach an Aontais a fheabhsú agus chun an bhearna nuálaíochta le hiomaitheoirí domhanda a dhúnadh, go bhfuil gá le cistiú méadaithe le haghaidh T&N agus le hiarracht infheistíochta níos láidre agus níos spriocdhírithe sa taighde agus sa nuálaíocht, mar aon le hualach riaracháin laghdaithe d’iarratasóirí agus slógadh níos fearr caipitil phríobháidigh, d’fhonn aghaidh a thabhairt freisin ar mholtaí

ábhartha thuarascáil Draghi; á mheabhrú go gcuirtear i bhfios go láidir i dtuarascáil Draghi go bhfuil an barr feabhais sa taighde agus sa nuálaíocht bunriachtanach d'iomaíochas an Aontais agus gur cheart critéar roghnúcháin amháin a bheith ann laistigh de chóras taighde agus nuálaíochta an Aontais, lena n-áirítear an clár Fís Eorpach, mar atá, an barr feabhais; ag athdhearbhú, ina leith sin, a seasaimh gur cheart leanúint de chistiú le haghaidh taighde agus nuálaíochta a chinneadh de réir phrionsabal an bharr feabhais agus gur cheart go leanfadh sé de bheith bunaithe ar fhiúntas;

69. ag tabhairt dá haire gur measadh sa mheastóireacht ex-post ar Fhís 2020 go nginfí cúig euro de shochair don tsochaí faoi 2040 le haghaidh gach euro de chostais atá nasctha leis an gclár; á chur in iúl gur oth léi go mór nach bhféadfaí 74 % de na tograí a mheas saineolaithe neamhspleácha mar thograí ardcháilíochta a chistiú mar gheall ar shrianta buiséid; ag tabhairt dá haire go mbeadh gá le EUR 159 mbilliún breise chun na tograí ardcháilíochta uile a chistiú; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cistiú leordhóthanach a áirithiú do T&N an Aontais chun borradh a chur faoi rathúnas agus iomaíochas inbhuanaithe an Aontais; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé leas iomlán a bhaint as an Séala Barr Feabhais agus as ionstraimí cistiúcháin comhlántacha eile de chuid an Aontais agus as ionstraimí cistiúcháin náisiúnta comhlántacha eile, lena n-áirítear na hionstraimí sin faoin mbeartas comhtháthaithe, chun tacú le tionscadail taighde agus nuálaíochta ardcháilíochta ach neamhchistithe agus chun éiceachórais nuálaíochta réigiúnacha a neartú ar fud an Aontais;

70. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé na rialacha agus na nósanna imeachta lena rialaítear cistiú T&N an Aontais a shimpliú chun rochtain na dtairbhithe ar chistiú agus cur chun feidhme an chláir a éascú; á chur i bhfáth gur cheart bearta simpliúcháin a cheapadh ar bhealach a rachaidh chun tairbhe d'iarratasóirí agus do thairbhithe, lena n-áirítear iarratasóirí céaduaire, FBManna agus ollscoileanna, agus cuibhreannais níos lú agus níos solúbtha, struchtúir tionscadail mhodúlacha agus rannpháirtíocht chéimnithe á gcur chun cinn ag an am céanna chun rannpháirtíocht níos leithne agus cuimsiú éifeachtach ar fud an Aontais a éascú; á chur in iúl gur cúis imní di cinneadh na Cúirte, in ainneoin na simplithe a tugadh isteach faoin gclár Fís Eorpach chun tuairisciú costais na dtairbhithe a éascú, nár aimsigh an Chúirt aon difríocht shuntasach idir Fís 2020 agus Fís Eorpach maidir le rialtacht an chaiteachais;

71. ag tabhairt dá haire gur chinn an Chúirt gur chuir an Coimisiún an chuid is mó dá mholtaí a rinneadh sna blianta roimhe sin chun feidhme; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, mar sin féin, maidir leis an uirlis 'Draoi na gCostas Pearsanra', ar uirlis í a spreagann an Chúirt go láidir í a úsáid, go háirithe i gcás catagóirí áirithe tairbhithe a bhfuil claonadh níos mó iontu earráidí a dhéanamh, amhail FBManna agus iontrálaithe nua, nach raibh an uirlis sin réidh go fóill tráth iniúchadh na Cúirte; ag cur sonrú i gcinneadh na

Cúirte, i gcás cúig cinn de na 34 idirbheart faoin gclár Fís Eorpach ina sampla in 2024, go ndearna tairbhithe costais phearsanra a ríomh fós trí úsáid a bhaint as an modh is infheidhme maidir le Fís 2020 nó nár chomhlíon siad go hiomlán na rialacha nua is infheidhme maidir le Fís Eorpach; á mheas go bhféadfadh forbairt agus úsáid uirlisí amhail Draoi na gCostas Pearsanra cabhrú le tairbhithe na rialacha cearta a chur i bhfeidhm maidir le costais phearsanra a ríomh, arb é sin an phríomhfhoinse earráide faoi cheannteideal 1 CAI;

72. ag tabhairt dá haire gur lean an Coimisiún de roghanna costas simplithe a chur i bhfeidhm in 2024 amhail cnapshuimeanna agus costais aonaid sa chlár Fís Eorpach, agus gurb ionann cistiú cnapshuime agus 27 % de bhuiséad iomlán na nglaonna sna cláir oibre do 2024; á mheabhrú gur shoiléirigh an Chúirt, nuair a thugtar deontais chnapshuime, go n-íoctar cnapshuim réamhshainithe leis na tairbhithe le haghaidh gach pacáiste oibre a chuirtear i gcrích, gan beann ar na costais iarbhír a thabhaítear; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gurb é sprioc an Choimisiúin 50 % ar a laghad den bhuiséad glaonna a chur ar fáil faoi 2027 i gcláir oibre fhoilsithe i bhfoirm cnapshuimeanna; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, ar na cúiseanna a mhínítear i mbosca 5.4 dá Tuarascáil Bhliantúil, nach raibh an Chúirt in ann a mheas an raibh gá le mír shonrach trealaimh a áireamh sa togra buiséid agus an raibh údar leis i gcás deontas cnapshuime a ndearna sí iniúchadh air; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go n-áireofar in ionstraimí cistiúcháin amach anseo coimircí chun róchúiteamh a sheachaint i gcás trealamh nár ceannaíodh iarbhír cé go n-áirítear é sa bhuiséad cnapshuime, i gcomhréir le barúlacha na Cúirte;

73. á aithint go bhfuarthas amach sa mheastóireacht eatramhach ar an gclár Fís Eorpach gur chuir cnapshuimeanna fíorshimpliú ar fáil do thairbhithe, ós rud é go bhfuil an coigilteas measta idir 14 % agus 30 % dá gcostais riaracháin; ag cur sonrú i dtorthaí mheasúnú an Choimisiúin ar Chistiú Cnapshuime sa chlár Fís 2020 agus sa chlár Fís Eorpach 2018-2024, lena n-áirítear an fíoras gur thuairiscigh tairbhithe don Choimisiún freisin go mba dhíol sásaimh dóibh tuilleadh soiléireachta maidir leis an gcaoi a ndéanfaí deontais chnapshuime a iniúchadh; á chur in iúl gur mór aici gur chuir an Coimisiún straitéis rialaithe ex-post i bhfeidhm in 2024 do dheontais Fís Eorpach, lena n-áirítear modheolaíocht le haghaidh athbhreithnithe teicniúla ex-post i ndeontais chnapshuime; ag tabhairt dá haire gur sheol an Coimisiún na chéad 30 athbhreithniú teicniúil ex-post de chuid Fís Eorpach sa cheathrú ráithe de 2024; ag aithint, ag an am céanna, bharúil na Cúirte, cé go bhfuil cnapshuimeanna iomchuí do phacáistí oibre atá sainithe go soiléir, go dtiocfadh deacrachtaí chun cinn maidir le scéimeanna den sórt sin a chur chun feidhme i gcásanna ina gcuirfí moill ar phacáistí oibre, i gcásanna nach gcuirfí an pacáiste oibre ina iomláine i gcrích nó i gcásanna ina gcuirfí gníomhaíochtaí eile in ionad cuid de na gníomhaíochtaí a shonraítear sa phacáiste oibre;

74. ag tabhairt dá haire gur chinn an Chúirt go bhfuil méadú suntasach tagtha ar thacaíocht airgeadais an Aontais do thríú páirtithe sa taighde, ós rud é gur cuireadh EUR 2,5 billiún den chistiú sin ar fáil faoi dheontais Fís 2020 don chlárthréimhse ina hiomláine, de bhrí gur cuireadh EUR 5,5 billiún ar fáil faoi dheireadh 2024 faoin gclár Fís Eorpach; á chur in iúl gur cúis imní di cinneadh na Cúirte, i gcás naoi n-idirbheart as 11 idirbheart a sampláladh a bhaineann le deontais do thríú páirtithe, gur sáraíodh an tairseach chistiúcháin EUR 60 000 a leagtar síos le hAirteagal 207 den Rialachán Airgeadais gan údar cuí a thabhairt le maolú sa chlár oibre nó sa ghlao; ag tabhairt dá haire, de réir an Choimisiúin, gur gá méideanna níos airde deontas a dheonú i gcás cineálacha áirithe gníomhaíochtaí, i bhfianaise chineál na ngníomhaíochtaí sin; á chur in iúl gur cúis mhór imní di cinneadh na Cúirte nach gceanglaítear ar thríú páirtithe éifeachtacht a rialuithe a léiriú chun rialtacht chaiteachas an Aontais a áirithiú; á chur in iúl go n-aontaíonn sí leis an gCúirt go gcruthaíonn sé sin riosca ar leith don bhainistíocht fhónta airgeadais agus do chosaint leasanna airgeadais an Aontais;

75. ag tabhairt dá haire go dtacaíonn cláir thaighde agus nuálaíochta an Aontais, lena n-áirítear Fís Eorpach, le hardteicneolaíochtaí a fhorbairt le haghaidh feidhmeanna sibhialta, ach á aithint go bhféadfadh rioscaí bunúsacha dé-úsáide a bheith ag baint le teicneolaíochtaí áirithe; á mheas go bhfuil gá le tacaíocht fheabhsaithe don taighde agus don nuálaíocht faoin gclár Fís Eorpach chun cosaint an Aontais a neartú; á thabhairt chun suntais go bhfuil acmhainneacht shuntasach ag teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, go háirithe i réimsí amhail an intleacht shaorga, an chibearshlándáil agus an ríomhaireacht chandamach, chun rannchuidiú le slándáil agus athléimneacht an Aontais; á mheas gur cheart, dá bhrí sin, tacaíocht iomchuí a thabhairt do chláir shibhialtacha taighde agus nuálaíochta agus iad a ailíniú go straitéiseach, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, trína chumasú go n-úsáidfear a dtorthaí chun críoch dé-úsáide chun cumais chosanta an Aontais a choimirciú; ag cur sonrú sa fhreagra ón gCoimisiún, agus é ina ábhar imní di, nach bhfuil faireachán sonrach á dhéanamh aige faoi láthair tar éis deireadh tionscadail má thugtar ar aghaidh torthaí tionscadal T&N arna gcistiú ag an Aontas le haghaidh feidhmeanna dé-úsáide, míleata nó cosanta; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar faireachán iomchuí ar an obair leantach ar thionscadail T&N arna gcistiú ag an Aontas a bhféadfadh feidhmeanna dé-úsáide, míleata nó cosanta a bheith acu i gcomhréir le ceanglais an Aontais; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh cistiú an Aontais go hiomlán comhsheasmhach le luachanna agus oibleagáidí an Aontais faoin dlí idirnáisiúnta; á chur i bhfáth ag an am céanna gur gá don Choimisiún an obair leantach ar thorthaí taighde arna gcistiú ag an Aontas a neartú, lena n-áirítear a n-aistriú chuig úsáid tráchtála, chun tionchar sochaíoch a uasmhéadú agus toradh leormhaith ar infheistíocht a áirithiú do cháiníocóirí;

76. á mheabhrú gur leithdháileadh 75 % (EUR 19,6 billiún) de ráthaíocht bhuiséadach an Aontais ar Ghrúpa BEI faoi Rialachán InvestEU; ag meabhrú freisin mholtaí an údaráis um urscaoileadh ina thuarascálacha roimhe seo maidir le rialú ghníomhaíochtaí airgeadais BEI; ag cur sonrú sna bearnaí cuntasachta agus iniúchóireachta i ndáil le hoibríochtaí BEI, mar a shainaithnítear i ráiteas CC 1/2025 ón gCoiste Teagmhála; á chur i bhfáth gur gá an creat iniúchóireachta a ailíniú agus a oiriúnú do shainordú leathnaithe BEI; ag tathant ar an gCoimisiún tacú go gníomhach le rochtain iniúchóireachta iomlán a dheonú do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ar ghníomhaíochtaí BEI; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le faisnéis chuimsitheach maidir le cáilíocht punainne agus cleachtais bainistithe riosca BEI chun formhaoirseacht dhaonlathach fhóinteach ar a chuid oibríochtaí a chumasú; á iarraidh ar an gCoimisiún dul i dteagmháil le BEI chun tuairisciú ar cháilíocht a phunainne a chur ar fáil don údarás um urscaoileadh, chun a áirithiú go mbeidh próifílí measúnaithe riosca d’infheistíochtaí mórscála faoi réir athbhreithniú neamhspleách agus go nochtfaidh BEI na ceachtanna a foghlaimíodh ó chásanna ina raibh mainneachtain mar thoradh ar iasachtú suntasach; á chur i bhfáth go mbraitheann muinín an phobail i mbainistiú fónta iasachtaithe le tacaíocht ón Aontas ar na caighdeáin is airde ionracais institiúidigh; ag tathant, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún a cheangal ar BEI sásraí coiscthe coinbhleachtaí leasa a neartú;

77. á chur i bhfios go láidir go bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint le taighde i réimse na cosanta chun slándáil agus athléimneacht fhadtéarmach an Aontais a neartú; á chur i bhfios go láidir go n-éilíonn taighde cosanta agus slándála dlúthchomhar iontaofa i measc na mBallstát chun a áirithiú go mbainfear úsáid níos costéifeachtaí agus níos éifeachtúla as airgead cháiníocóirí an Aontais, chun dúbailt neamhriachtanach a sheachaint agus chun sineirgí a chothú; á chur i bhfios go láidir gur gá go mbeadh sonraí, teicneolaíochtaí agus faisnéis an-íogair i gceist le gníomhaíochtaí taighde sa réimse sin, ar sonraí, teicneolaíochtaí agus faisnéis iad nach mór a bheith faoi réir na gcaighdeán cosanta is airde i gcoinne trasnaíocht sheachtrach nó ionramháil mhailíseach; á chur i bhfáth, sa chomhthéacs sin, go bhfuil géarghá le hollstruchtúr cosanta coiteann agus láidir a fhorbairt ar leibhéal an Aontais chun bagairtí hibrideacha a chomhrac agus chun eolas criticiúil, bonneagar criticiúil agus éiceachórais nuálaíochta chriticiúla a choimirciú;

78. á mheabhrú gur chinn Parlaimint na hEorpa, an 10 Márta 2022, Coiste PEGA a chur ar bun chun imscrúdú a dhéanamh ar shárú líomhnaithe nó ar dhrochriarachán líomhnaithe i gcur i bhfeidhm dhlí an Aontais i ndáil le húsáid Pegasus agus bogearraí faireachais spiaireachta coibhéiseacha agus ag meabhrú an mholta ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Meitheamh 2023 chuig an gComhairle

agus chuig an gCoimisiún arna ghlacadh tar éis obair Choiste PEGA[6]; á chur in iúl go bhfuil sí míshásta nach bhfuil bearta forfheidhmithe agus obair leantach reachtach curtha i láthair fós ag an gCoimisiún ar mholtaí na Parlaiminte maidir le húsáid Pegasus agus earraí spiaireachta coibhéiseacha; ag cur sonrú i dtuairiscí ar na meáin[7] ina líomhnaítear go bhféadfadh sé gur thacaigh cistiú ón Aontas go díreach le cuideachtaí a bhfuil baint acu le forbairt, imscaradh agus onnmhairiú earraí spiaireachta ag eintitis a bhfuil a dteicneolaíochtaí nasctha le faireachas neamhdhleathach ar iriseoirí, ar chosantóirí chearta an duine agus ar ghníomhaithe polaitiúla san Aontas agus i dtríú tíortha; ag cur sonrú sa fhreagra ón gCoimisiún go n-áirithítear úsáid chuí chistí an Aontais le forálacha conarthacha éagsúla lena gceanglaítear go n-urramófar an dlí is infheidhme agus luachanna an Aontais agus go bhféadfaí bearta conarthacha éagsúla a dhéanamh mura ndéantar na hoibleagáidí sin a urramú, lena n-áirítear conradh nó íocaíochtaí a chur ar fionraí agus conradh a fhoirceannadh; ag cur sonrú freisin sa fhreagra i scríbhinn ón gCoimisiún go measann sé go bhfuil roinnt beart curtha i bhfeidhm aige chun aghaidh a thabhairt ar an riosca go mbainfidh na daoine míchearta leas as earraí spiaireachta agus chun cosaint a mhéadú d'íospartaigh ionchasacha earraí spiaireachta, lena n-áirítear an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán, an Treoir maidir le ríomh-Phríobháideachas, an Gníomh um Chibear-Athléimneacht agus an rialachán dé-úsáide agus go gcumhdaítear freisin ina thuarascálacha bliantúla ar an Smacht Reachta forbairtí i ndáil leis na líomhaintí maidir le húsáid neamhdhleathach earraí spiaireachta;

79. ag tabhairt dá haire gur thug an Coimisiún freagra don Choiste um Rialú Buiséadach go bhfuair na cuideachtaí i dtrácht EUR 12,77 milliún san iomlán ó bhuiséad an Aontais ó bhí 2021 ann; á chur in iúl gur oth léi nár roinn an Coimisiún ach faisnéis pháirteach leis an gCoiste um Rialú Buiséadach maidir le méid iomlán an chistithe ón Aontas a leithdháiltear ar ghnólachtaí bogearraí spiaireachta nó faireachais chunóraigh, ós rud é go bhfuil an freagra a chuir sé ar fáil teoranta d'fhaisnéis atá ar fáil go poiblí cheana féin sa Chóras Trédhearcachta Airgeadais (FTS), nach bhfoilsíonn faoi láthair ach faisnéis faoi thairbhithe agus conraitheoirí faoi bhainistíocht dhíreach agus faoi chomhpháirtithe cur chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach; á chur in iúl gur saoth léi go bhfuair an t-údarás um urscaoileadh freagra neamhiomlán ar a iarraidh;

80. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá infheistíochtaí an Aontais i bhforbairt gréasán tras-Eorpach ardfheidhmíochta, inbhuanaithe agus idirnasctha go héifeachtúil i réimsí an iompair, an fhuinnimh agus na seirbhísí digiteacha agus á thabhairt dá haire gur

---

6 Téacsanna arna nglacadh: P9_TA(2023)0244. https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2023-0244_EN.html.

7 https://www.ftm.eu/articles/spyware-industry-eu-subsidies-surveillance-concers.

príomhionstraim de chuid an Aontais é SCE, a mbeidh caiteachas EUR 4,1 billiún aici in 2024, chun na cuspóirí sin a bhaint amach;

81. ag cur sonrú sa fhreagra i scríbhinn ón gCoimisiún gur caitheadh EUR 12,63 milliún ó bhí 2021 ann ar tháirgeadh hidrigine in-athnuaite agus ar bhonneagar gaolmhar ó chistiú SCE le haghaidh fuinneamh in-athnuaite agus gur caitheadh EUR 187,21 milliún de chistiú SCE le haghaidh iompair ar stáisiúin athbhreoslaithe; ag tabhairt dá haire thairis sin gur leithdháil an Coimisiún EUR 791,13 milliún i ndeontais faoin gCiste don Nuálaíocht ar thionscadail leictribhreosla idir 2021 agus 2024; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé cistí an Aontais a leithdháileadh chun tacú le réitigh a d'fhéadfadh dícharbónú agus inscálaitheacht fhadtéarmach a bhaint amach agus a thábhachtaí atá sé cur chuige fianaisebhunaithe a ghlacadh maidir le réitigh atá ag teacht chun cinn chun úsáid éifeachtúil acmhainní poiblí a áirithiú agus an tionchar ar an aeráid a uasmhéadú; á chur i bhfáth gur gá measúnú a dhéanamh ar na teicneolaíochtaí uile maidir lena n-éifeachtacht agus lena n-inscálaitheacht; á iarraidh go mbeifí cúramach agus cistí an Aontais á leithdháileadh ar theicneolaíochtaí a bhfuil ról fadtéarmach éiginnte nó teoranta acu sa chonair dícharbónaithe; á chur i bhfáth go bhfuil tábhacht chinntitheach ag baint le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050; á chur i bhfios go láidir gur gá soláthar fuinnimh atá iontaofa, inacmhainne agus athléimneach a áirithiú san Aontas; ag tabhairt dá haire, sa chomhthéacs sin, gur cheart don Choimisiún cur chuige atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de a chur chun cinn maidir le taighde agus nuálaíocht; á iarraidh go háirithe go dtacófaí le tionscadail trasteorann chun réitigh fhíor-Eorpacha a chothú i réimse an tsoláthair fuinnimh, chun úsáid chostéifeachtúil chistí an Aontais a áirithiú, chun an margadh inmheánach a neartú, agus chun breisluach AE a chruthú; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh critéir chistiúcháin bunaithe ar thorthaí intomhaiste laghdaithe astaíochtaí seachas ar thosaíochtaí teicneolaíochta saintreoracha;

82. á mheabhrú go bhfuil sé d'aidhm ag an nGníomh um Margaí Digiteacha margaí digiteacha atá cothrom agus fabhrach don nuálaíocht a áirithiú san Eoraip, rud a chuirfidh cosc ar aon ghníomhaí aonair ceannas a bheith aige air ar chostas tomhaltóirí, iomaitheoirí, nó formhaoirseacht dhaonlathach; á chur i bhfáth go bhfuil éifeachtaí diúltacha suntasacha ag ceannasacht an mhargaidh dhigitigh ar chearta bunúsacha agus ar scaipeadh na hionramhála ar fhaisnéis agus na bréagaisnéise agus go bhfuil gá le gníomhaíocht chomhpháirteach ón Aontas sna réimsí sin; ag tabhairt dá haire, le linn 2024, go raibh tearclíon foirne tromchúiseach in Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta (AS COMP), mar a tuairiscíodh ina Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí 2024; ag tabhairt dá haire go ndearna AS COMP baill foirne a ath-leithdháileadh ar aonaid atá freagrach as an nGníomh um Margaí Digiteacha a fhorfheidhmiú, rud a chruthaigh ganntanais foirne i ranna eile;

Moltaí

83. á iarraidh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) aghaidh iomlán a thabhairt ar mholtaí na Cúirte maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht agus tuairisciú feidhmíochta;

(ii) soláthar cistithe ón Aontas atá méadaithe go suntasach a áirithiú le haghaidh taighde agus nuálaíochta, arna chinneadh ag prionsabal an bharr feabhais agus an fhiúntais;

(iii) ceanglais cheangailteacha a thabhairt isteach do chomhpháirtithe cur chun feidhme, lena n-áirítear BEI, chun tuairisciú feidhmíochta a sholáthar bunaithe ar shonraí ar leibhéal an tionscadail freisin le haghaidh ionstraimí airgeadais arna gcur chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach, amhail InvestEU; á éileamh gur cheart go mbeadh tuairisciú den sórt sin ag brath ar mheascán cothrom táscairí aschuir, toraidh agus tionchair;

(iv) athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta simpliúcháin a tugadh isteach le haghaidh Fís Eorpach chun a mheas an gcuireann siad fíorshimpliú ar fáil do thairbhithe agus d'iarratasóirí tionscadail, lena n-áirítear a dtionchar ar an ualach riaracháin, ar rátaí rannpháirtíochta, ar chothromaíocht gheografach agus ar éascaíocht rochtana d'iarratasóirí nua, go háirithe ó réigiúin ar lú a bhfeidhmíocht, agus sineirgí a chothú le hionstraimí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear an beartas comhtháthaithe agus an Séala Barr Feabhais;

(v) úsáid uirlisí a fhorbairt agus a spreagadh, amhail Draoi na gCostas Pearsanra, a chuidíonn le tairbhithe na rialacha cearta a chur i bhfeidhm maidir le costais phearsanra a ríomh;

(vi) meastóireacht a dhéanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó na hathbhreithnithe teicniúla ex post ar dheontais chnapshuime a seoladh in 2024 agus in 2025, agus tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh;

(vii) a áirithiú go n-áireofar in ionstraimí cistiúcháin amach anseo coimircí chun róchúiteamh a sheachaint i gcás trealamh nár ceannaíodh iarbhír cé go n-áirítear é sa bhuiséad cnapshuime;

(viii) athbhreithniú a dhéanamh ar shampla ionadaíoch de dheontais chnapshuime, agus anailís a dhéanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh óna gcur chun feidhme agus ar na modhanna a úsáideadh chun tacaíocht airgeadais ón Aontas a bhunú, sula ndéanfar úsáid deontas cnapshuime a leathnú a thuilleadh chuig ionstraimí cistiúcháin amach anseo;

(ix) athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar chistiú ón Aontas chun bogearraí spiaireachta nó faireachais chunóraigh a

fhorbairt, a imscaradh agus a onnmhairiú ar fud na modhanna bainistíochta uile ó bhí 2021 ann, agus plean gníomhaíochta a ullmhú chun mí-úsáid earraí spiaireachta san Aontas a chosc, agus iad a chomhroinnt leis an údarás um urscaoileadh;

(x) cur chuige atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de a shaothrú i leith taighde agus nuálaíochta, lena n-áirítear trí thionscadail trasteorann a chur chun cinn, chun tacú le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 agus chun soláthar fuinnimh cobhsaí, athléimneach agus inacmhainne san Aontas a chothú, agus cost-éifeachtúlacht á ráthú, dlús á chur leis an dul chun cinn i dtreo spriocanna aeráide an Aontais agus iomaíochas á fheabhsú ag an am céanna;

(xi) comhar i measc na mBallstát i dtaighde a bhaineann le cosaint agus slándáil a threisiú trí chláir T&N arna gcistiú ag an Aontas, agus sineirgí á gcur chun cinn ag an am céanna, rud lena n-áiritheofar cosaint láidir sonraí íogaire agus cosaint teicneolaíochtaí ar chur isteach eachtrach agus ar bhagairtí hibrideacha, agus i gcás inarb iomchuí, úsáid fhreagrach torthaí taighde chun críoch dé-úsáide a chumasú chun tacú le hathléimneacht, cumais chosanta agus neamhspleáchas straitéiseach an Aontais;

(xii) a áirithiú nach rannchuideoidh cistiú taighde an Aontais, lena n-áirítear faoin gclár Fís Eorpach agus trí chomhaontuithe le comhpháirtithe nach de chuid an Aontais iad, le forbairt earraí spiaireachta nó teicneolaíochtaí faireachais chunóraigh coibhéiseacha i gcomhréir le moltaí ábhartha na Parlaiminte a glacadh an 15 Meitheamh 2023[8];

Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna

84. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról ag beartas comhtháthaithe an Aontais maidir le héagothromaíochtaí eacnamaíocha, sóisialta agus críochacha laistigh den Aontas a laghdú, mar a leagtar síos sna Conarthaí, agus maidir le tacú le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta; á áitiú go leanfaí de thacaíocht a thabhairt don chomhtháthú in CAI tar éis 2027, de réir phrionsabail na comhpháirtíochta agus an rialachais il-leibhéil, agus le rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach agus na ngeallsealbhóirí ábhartha; á thabhairt dá haire gur EUR 61,4 billiún (32,1 % de bhuiséad an Aontais) a bhí sa bhuiséad do na cláir faoi Cheannteideal 2 de CAI ‘Comhtháthú, athléimneacht agus luachanna’ a dáileadh mar seo a leanas: 47,7 % do CFRE agus d’oibríochtaí réigiúnacha eile, 16,4 % do Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE), 6,7 % do CC, 6,6 % do Erasmus+, 2,2 % do SCE Iompar, 3,6 % do Théarnamh AE, agus 3,1 % do scéimeanna eile;

---

8 IO C, C/2024/494, 23.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/494/oj.,

85. á thabhairt dá haire gur scrúdaigh an Chúirt sampla de 223 idirbheart lena gcumhdaítear raon iomlán an chaiteachais faoi Cheannteideal 2 de CAI; á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil leibhéal earráide foriomlán measta na Cúirte maidir le caiteachas faoin gceannteideal sin in 2024 go mór os cionn na tairsí ábharthachta arís, agus gur 5,7 % atá ann; á mheabhrú go n-áirítear i ráta earráide na Cúirte na hearráidí nár bhraith na Ballstáit agus an Coimisiún agus go léiríonn sé go ndéantar gannmheastachán ar rátaí earráide an Choimisiúin;

86. ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt earráidí a fuarthas sa chaiteachas comhtháthaithe a chatagóiriú, agus go raibh costais neamh-incháilithe freagrach as 49 % d'earráidí, go raibh neamhchomhlíonadh tromchúiseach i rialacha soláthair phoiblí agus státchabhrach freagrach as 23 % díobh, agus go raibh tionscadail neamh-incháilithe freagrach as 18 % díobh; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gurb é an caiteachas a bhaineann le CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe is cúis leis an sciar is mó d'earráidí (54 %);

87. ag tabhairt dá haire, ar an iomlán, gur tháinig Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh (AS REGIO) ar an gconclúid ina tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí go raibh leibhéal ábhartha nó caiteachas neamhrialta fós i gcuntais 2024 i gcás CFRE/an Chiste Comhtháthaithe, in ainneoin thorthaí na rialuithe agus na gceartúchán a cuireadh i bhfeidhm cheana féin ar leibhéal na mBallstát, agus gur tháinig an Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú (AS EMPL) ar an gconclúid chéanna maidir le CSE/TFAO agus FEAD;

88. á athdhearbhú gur cúis bhuartha di conclúid na Cúirte ina hAthbhreithniú 03/2024 dar teideal '*An overview of the assurance framework and the key factors contributing to errors in 2014-2020 cohesion spending*' [Forbhreathnú ar an gcreat dearbhaithe agus ar na príomhthosca a chuireann le hearráidí i gcaiteachas comhtháthaithe 2014-2020] go ndéanann an Coimisiún gannmheastachán ar leibhéal na n-earráidí a thuairiscíonn sé;

89. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na heasnaimh leanúnacha a thug an Chúirt faoi deara in obair na n-údarás iniúchóireachta náisiúnta mar easnaimh atá le feiceáil sna laigí a sainaithníodh sna pacáistí dearbhaithe, agus ráta earráidí iarmharacha sna pacáistí dearbhaithe sin atá os cionn na tairsí ábharthachta le haghaidh níos mó ná 60 % de luach iomlán na bpacáistí dearbhaithe a ndearnadh iniúchadh orthu in 2024; á chur i bhfáth, agus é ina ábhar imní di, go dteipeann go comhsheasmhach ar údaráis bhainistíochta neamhrialtachtaí sa chaiteachas arna dhearbhú ag tairbhithe a chosc nó a bhrath agus go laghdaíonn sé sin a mhéid is féidir leis an gCoimisiún brath ar a gcuid oibre;

90. á chur in iúl gur cúis bhuartha di barúil na Cúirte go bhféadfadh, agus gur cheart, na hearráidí a d'aimsigh an Chúirt a bheith braite

ag na húdaráis iniúchóireachta nuair a rinne siad a seiceálacha; á thabhairt dá haire go laghdaíonn sé sin a mhéid is féidir leis an gCoimisiún brath ar thorthaí a chuid oibre; ag leagan béim ar an mbarúil ón gCúirt, agus é ina ábhar imní di, nár thit cion na bpacáistí dearbhaithe ag a bhfuil rátaí earráidí iarmharacha os cionn 2 % faoi bhun 39 % den chaiteachas ina samplaí óbhí 2017 ann, rud a léiríonn go bhfuil easnaimh fós in obair na n-údarás iniúchóireachta, nach dtugtar aghaidh orthu go leordhóthanach in obair dearbhaithe an Choimisiúin; á chur in iúl gur geal léi, áfach, gur sheol an Coimisiún Plean Gníomhaíochta arb é is aidhm dó feabhas a chur ar chumas braite na n-údarás sa tréimhse 2021-2027;

91. ag tabhairt dá haire gur mheabhraigh an Chúirt, ina hAthbhreithniú 04/2025 dar teideal '*The Future of EU Cohesion Policy: Drawing lessons from the past*' [Todhchaí bheartas comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh: ag tarraingt ar na ceachtanna a foghlaimíodh san am a chuaigh thart], an dúshlán seanbhunaithe a bhaineann le castacht an chreata rialála, agus, in ainneoin iarrachtaí chun rialacha agus nósanna imeachta a shimpliú, go leanann castacht rialáil an Aontais agus cómhaireachtáil ceanglas náisiúnta agus réigiúnach d'ualaí suntasacha riaracháin a fhorchur agus go gcuireann siad le ráta ard earráide; á mheabhrú, áfach, go raibh ról tábhachtach ag an mbeartas comhtháthaithe maidir le héagothromaíochtaí eacnamaíocha, sóisialta agus críochacha a laghdú agus cóineasú agus cobhsaíocht a chur chun cinn ar fud an Aontais, agus ar an gcaoi sin léirítear a bhreisluach do cháiníocóirí an Aontais, rud is féidir a neartú a thuilleadh trí aghaidh a thabhairt ar laigí leanúnacha; ag tabhairt dá haire, cé gur tugadh isteach roghanna costas simplithe chun oibleagáidí tuairiscithe a laghdú, go bhfuil a n-úsáid teoranta i gcónaí, go háirithe in CFRE; á mheabhrú go bhfuil laigí leanúnacha i gcórais bhainistíochta agus rialaithe na mBallstát; á chur in iúl go bhfuil amhras uirthi faoi phlean an Choimisiúin maidir le spleáchas méadaithe ar chórais náisiúnta agus á chur i bhfáth nach mór iad a leigheas sula dtabharfar isteach aon samhail chaiteachais den sórt sin amach anseo faoin gcéad CAI eile; á chur i bhfáth gur gá freagrachtaí maoirseachta agus rialaithe an Choimisiúin agus na mBallstát araon a shainiú go soiléir agus ar bhealach ceangailteach sula gcuirfear tús leis an gcur chun feidhme; á mheas nár cheart don Choimisiún brath ar chórais rialaithe na mBallstát amháin, ach gur cheart dó íoscheanglais agus a shásraí fíoraithe a shainiú, cosúil leo siúd dá bhforáiltear faoi bhainistíocht chomhroinnte, chun neamhchomhlíonadh rialacha náisiúnta agus rialacha an Aontais a sheachaint, mar a d'iarr an Chúirt;

92. ag cur sonrú i dtorthaí na Cúirte, ina Tuarascáil Speisialta 22/2025 dar teideal '*Financial corrections in cohesion policy funds*' [Ceartúcháin airgeadais i gcistí an bheartais comhtháthaithe] nach gcuireann an Coimisiún ceartúcháin airgeadais i bhfeidhm toisc gur cheart dó buiséad an Aontais a chosaint ar chaiteachas neamhrialta sa bheartas comhtháthaithe, agus, in ainneoin go ndearna líon suntasach earráidí difear don chaiteachas comhtháthaithe bliain i

ndiaidh bliana, gur thóg an Coimisiún níos mó ná 10 mbliana chun a chéad cheartúchán airgeadais a ghlacadh i mí Mheán Fómhair 2025 don tréimhse 2014-2020; á chur i bhfios go bhfuil an creat dlíthiúil lena rialaítear an sásra ceartúcháin casta, nach bhfuil an treoraíocht agus na critéir maidir le measúnú a dhéanamh ar easnaimh thromchúiseacha soiléir go leor, agus nach gcuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach iad, agus nach bhfuil aon tráthchlár dea-shainithe ann don nós imeachta;

93. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur shainaithin an Chúirt easnaimh i bpleanáil agus in ullmhú obair iniúchóireachta na n-údarás, amhail laigí i gcineálacha cur chuige samplála agus seicliostaí neamhiomlána;

94. á mheabhrú, tar éis iarraidh ar rochtain ar dhoiciméid a bhaineann le hurscaoileadh maidir le conarthaí le 30 oibreoir eacnamaíoch, go raibh ar an gCoimisiún tabhairt faoi chleachtadh sainaitheanta leathan agus dian ar acmhainní mar gheall ar theorainneacha ina chórais sonraí inmheánacha, as ar sainaithníodh na céadta eintiteas a bhfuil ainmneacha comhchosúla nó gaolmhara acu; ag aithint na n-iarrachtaí atá déanta ag seirbhísí an Choimisiúin freagairt go pras agus go trédhearcach; á mheabhrú, thairis sin, go gceanglófar ar an gCoimisiún, amhail ón gcéad CAI eile, sonraí a stóráiltear in uirlis mianadóireachta sonraí agus scórála riosca Arachne a úsáid chun suíomh gréasáin trédhearcachta láraithe a fhothú, agus é d’oibleagáid ar na Ballstáit rochtain uathoibrithe ar shonraí ábhartha a sholáthar, oibleagáid a mbeidh feidhm aici ó 2027 ar aghaidh agus a bhfuil tús curtha ag an gCoimisiún le hobair ullmhúcháin ina leith cheana féin; ag tathant ar an gCoimisiún córas idir-inoibritheach a chur chun feidhme chun rianú Eorpach cistí a cheadú le tús CAI nua;

95. ag tabhairt dá haire gur chinn an Chúirt, ina Tuarascáil Speisialta 24/2025 dar teideal ‘Ionstraimí Airgeadais sa bheartas comhtháthaithe: Tháinig úsáid imrothlach cistí chun bheith ann go pointe áirithe’, cé go bhfuil sé ar cheann de na buntáistí a bhaineann le hionstraimí airgeadais sa bheartas comhtháthaithe thar dheontais gur féidir athshreabha a úsáid chun tacú le faighteoirí deiridh breise, rud a fhágann gur féidir úsáid níos éifeachtúla a bhaint as maoiniú poiblí, nach dtagann ach athúsáid theoranta as athshreabha chun cinn le linn tréimhsí incháilitheachta, arb é is cúis leis sin go páirteach cúiseanna inghlactha, amhail cineál fadtéarmach na n-infheistíochtaí; ag tabhairt dá haire, tar éis na tréimhse incháilitheachta, go ndéantar athshreabha a athúsáid go ginearálta chun críoch comhtháthaithe ach go bhfuil teorainneacha ag baint leo; á chur in iúl gur saoth léi nach bhfuil an creat dlíthiúil maidir leis an oibleagáid athúsáide soiléir go leor agus go bhfuil sé débhríoch, agus go bhfuil easpa maoirseachta ag an gCoimisiún, rud a fhágann go mbíonn cleachtais éagsúla ann i measc údaráis bhainistíochta na mBallstát;

96. á chur in iúl gur cúis imní di barúil na Cúirte go raibh cur chun

feidhme chistí an bheartais comhtháthaithe (CFRE, CC, CSE+), arb é atá iontu os cionn 90 % de na cistí bainistíochta comhroinnte faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna do 2021-2027, fós íseal; á thabhairt dá haire, nuair a chuireann an Chúirt a gcur chun feidhme (réamh-mhaoiniú agus íocaíochtaí eatramhacha) i gcomparáid leis an gclárthréimhse roimhe sin, nach raibh i ráta ionsúcháin foriomlán na dtrí chiste sin ach 5 % faoi dheireadh 2024 i gcomparáid le 14 % ag an bpointe coibhéiseach den CAI roimhe sin (deireadh 2017); á chur i bhfios go láidir gur cuireadh an chlárthréimhse reatha chun feidhme i gcomhthéacs thar a bheith dúshlánach ina bhfuil géarchéimeanna comhleanúnacha, brúnna boilscitheacha, suaitheadh sa slabhra soláthair agus dálaí geopholaitiúla agus eacnamaíocha atá ag athrú; á aithint, ag an am céanna, gur 7 mí níos déanaí a glacadh cláir 2021-2027 ná cláir chlárthréimhse 2014-2020 agus go raibh na rátaí réamh-mhaoinithe faoi chláir 2014-2020 níos airde agus go ndearnadh iad a imréiteach ag tráth difriúil ná na rátaí faoin CAI reatha; ag tabhairt dá haire, ina leith sin, gur 3,49 % a bhí sa ráta ionsúcháin ag an gcéim inchomparáide cur chun feidhme, ag deireadh mhí an Mheithimh 2017, i gcás CFRE, CC agus CSE+, ráta atá inchomparáide leis an ráta ag deireadh 2024; á thabhairt dá haire, agus é ina chúis imní di, ós rud é go socraítear deireadh na tréimhse incháilitheachta don chaiteachas foluiteach[9] agus an sprioc-am chun an t-iarmhéid deiridh do CAI 2021-2027 a íoc 1 bhliain níos luaithe ná mar a bhí sa chlárthréimhse roimhe sin, go dtiocfaidh méadú breise ar an mbrú chun cistí de chuid an Aontais a ionsú;

97. á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur mhéadaigh an réamhaisnéis ón gCoimisiún in 2024 maidir le saoradh don tréimhse 2025-2027 ag EUR 8,8 billiún i gcomparáid le réamhaisnéis 2023 de EUR 8,1 billiún don tréimhse chéanna agus gurb iad na cláir chomhtháthaithe faoin CAI reatha agus CETFT go príomha a spreag an méadú sin ar shaoradh measta; á thabhairt dá haire go bhfuil coinne le saoradh CETFT nuair a dhúnfar cláir CAI a bhí ann roimhe seo in 2026, agus tá rioscaí suntasacha saortha ann do chláir chomhtháthaithe le haghaidh CAI 2021-2027 ó 2027 ar aghaidh;

98. á mheabhrú gur tháinig roinnt leasuithe ar an mbeartas comhtháthaithe agus ar an gcreat dlíthiúil, eadhon STEP agus RESTORE, i bhfeidhm in 2024; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá na hionstraimí sin chun iomaíochas an Aontais a fheabhsú agus chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí tubaistí nádúrtha; á athdhearbhú, mar sin féin, go n-eascraíonn éiginnteacht dhlíthiúil agus éagobhsaíocht dhlíthiúil as leasuithe leanúnacha ar chreat an bheartais comhtháthaithe agus go bhfuil an baol ann go mbainfí an bonn ó chuspóirí fadtéarmacha struchtúracha an bheartais comhtháthaithe maidir le héagothromaíochtaí a laghdú ar fud an Aontais; á chur i bhfáth go bhfuil creat rialála cobhsaí ag teastáil le haghaidh an bheartais comhtháthaithe chun intuarthacht a

---

9 Airteagal 63(2) de Rialachán (AE) 2021/1060.

chur ar fáil do thairbhithe;

99. á athdhearbhú gur cúis mhór imní di an tionchar díréireach atá ag cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine i gcónaí ar réigiúin thoir an Aontais atá ar theorainn na Rúise agus/nó na Bealarúise; ag tarraingt aird ar na costais a bhíonn ar na réigiúin sin mar thoradh ar a dteorainn chomhroinnte le tíortha comharsanachta naimhdeacha, go háirithe an gá atá ag na Ballstáit faoi seach cistiú poiblí a dhíriú ar shlándáil, ar chosaint agus ar ullmhacht, agus aghaidh á tabhairt acu ag an am céanna ar acmhainní atá laghdaithe go mór mar gheall ar chur isteach ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha, ar thrádáil trasteorann agus ar mhalartuithe eile; á chur in iúl gur cúis imní di, thairis sin, an caillteanas i dtacaíocht airgeadais an Aontais a bhfuil roinnt réigiún teorann thíos leis mar thoradh ar leasuithe ar chistí comhtháthaithe faoin tréimhse clársceidealaithe reatha, go háirithe i gcás cistí CFRE a cuireadh i leataobh ar dtús le haghaidh comhar trasteorann leis an Rúis agus leis an mBealarúis agus cistí a ath-leithdháileadh i gcomhthéacs athbhreithniú meántéarmach 2025 ar an gcomhtháthú;

100. á chur i bhfios go láidir go n-éilítear leis an gcomhtháthú críochach athléimneacht eacnamaíoch áitiúil a neartú, mar shampla tríd an turasóireacht inbhuanaithe, trí shócmhainní cultúrtha a chosaint, trí fhostaíocht don aos óg agus trí fhorbairt scileanna gairme, lena n-áirítear san atógáil ghlas, san éifeachtúlacht fuinnimh agus i seirbhísí cosanta sibhialta; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá beartas comhtháthaithe an Aontais do chóineasú agus forbairt eacnamaíoch agus chríochach i réigiúin an Aontais, chomh maith le tacú le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta; á chur i bhfáth gur gá rochtain ar sheirbhísí bunriachtanacha i gceantair thuaithe agus iargúlta a chosaint agus á iarraidh ar an gCoimisiún a mheas an rannchuidíonn caiteachas an Aontais go héifeachtach le brú dídhaonraithe a laghdú;

101. á thabhairt chun suntais go bhfuil méadú ag teacht ar neamhchosaint réigiún áirithe, lena n-áirítear críocha cósta agus intíre na Meánmhara, ar rioscaí a bhaineann leis an aeráid amhail stoirmeacha, tuilte, creimeadh cósta agus strus triomaigh; á chur i bhfáth go bhfuil bearta coisctheacha agus oiriúnúcháin níos costéifeachtaí ná atógáil iarthubaiste; á chur i bhfáth gur gá tús áite a thabhairt d’infheistíochtaí i gcosc rioscaí, sábháilteacht hiodrálach, cobhsaíocht fána, réitigh dhúlrabhunaithe agus bonneagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, lena n-áirítear calafoirt inbhuanaithe, lóistíocht idirmhódúil, nascacht iarnróid agus córais uisce athléimneacha, laghdú ar sceitheadh, uisciú athléimneach agus bainistiú cliste uisce, chun torthaí athléimneachta tapa agus intomhaiste a áirithiú, athléimneacht chríochach a fheabhsú agus éifeachtacht chaiteachas an Aontais a chosaint;

102. á thabhairt chun suntais gur mhol Seirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach (SII) an Choimisiúin, ina hiniúchadh a rinneadh in 2024

ar phróisis forbartha dearbhaithe do na cistí arna gcur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte, gur gá straitéis iniúchóireachta aonair AS REGIO, AS EMPL agus Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta (AS MARE) a thabhairt cothrom le dáta toisc nach raibh gnéithe áirithe soiléir go leor nó nár forbraíodh go leordhóthanach iad ag an gcéim seo den chlárthréimhse; ag cur sonrú freisin sa mholadh ó SII gur gá do AS REGIO, a chuireann Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais chun feidhme freisin faoi bhainistíocht chomhroinnte agus indíreach, tuilleadh feabhais a chur ar a dhearadh agus ar a bhainistiú éifeachtach;

103. ag tabhairt dá haire, tar éis bhunú a chreata[10] um laghdú agus aisghabhálacha i gcás calaoise, éilliú agus coinbhleachta leasa a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais nach bhfuil ceartaithe ag an mBallstát, gur thug an Coimisiún faoin gcéad laghdú den sórt sin an 8 Bealtaine 2025, nuair a ghlac sé, tar éis moladh ó OLAF, a chéad chinneadh cur chun feidhme lena laghdaítear tacaíocht don tSlóvaic faoi EUR 1,225 milliún i ndáil le neamhrialtacht neamhcheartaithe; ag cur sonrú, áfach, i gcinneadh na Cúirte i dTuarascáil Speisialta 26/2025 nach bhfuil sásra ag an gCoimisiún chun faireachán a dhéanamh i dtaobh an ndéantar méideanna a ordaítear do chúirteanna náisiúnta a aisghabháil tar éis imeachtaí coiriúla a aisíoc ina n-iomláine le buiséad an Aontais;

104. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na torthaí i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta maidir le staid an smachta reachta san Ungáir, go háirithe na dúshláin leanúnacha agus shistéamacha in earnálacha na mbreithiúna agus na meán; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, nár cuireadh feabhas ar thrédhearcacht an leithdháilte cásanna i gcúirteanna níos ísle, agus go bhfuil brú míchuí fós ar roinnt breithiúna laistigh de na breithiúna, go háirithe i ndáil le díospóireachtaí inmheánacha ar phríomh-shaincheisteanna a bhaineann le neamhspleáchas breithiúnach; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, ar an gcaoi chéanna, go bhfuil cur chun feidhme Straitéis Náisiúnta Frith-Éillithe 2024-2025 chun deiridh, leis an laghdú ar líon na gciontuithe as coireanna éillithe, leis an easpa dul chun cinn maidir le cuntas teiste láidir a bhunú maidir le héilliú ardleibhéil, agus leis an tuairisciú leanúnach ó Údarás Sláine na hUngáire ar bhacainní maidir lena chúraimí maoirseachta a chomhlíonadh go héifeachtach;

105. á athdhearbhú gur cúis mhór imní di cinneadh an Choimisiúin an 13 Nollaig 2023, inar chinn sé gur chomhlíon rialtas na hUngáire ceanglais na Cairte maidir le neamhspleáchas breithiúnach agus lenar chuir sé deireadh leis an bhfionraí ar eisíoc cistí do chláir ghaolmhara, rud a fhágann go bhfuil an Ungáir incháilithe chun thart ar EUR 10,2 billiún a fháil ó chistí éagsúla a rialaítear le Rialachán na bhForálacha Coiteanna; á mheabhrú gur thug Parlaimint na hEorpa caingean os comhair na Cúirte Breithiúnais an 25 Márta

---

10 C/2024/4618, Iarscríbhinn IV.

2024 chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an chinnidh ón gCoimisiún, chomh maith le deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt do chur chun feidhme shásra an smachta reachta; ag tabhairt dá haire, cé go bhfuil rialú CBAE fós ar feitheamh, gur mhol an tAbhcóide Ginearálta an 12 Feabhra 2026 go ndéanfadh an Chúirt Bhreithiúnais an cinneadh ón gCoimisiún lena gcuirtear deireadh leis an bhfionraí maidir le heisíocaíocht cistí leis an Ungáir a neamhniú;

106. ag tabhairt dá haire, as na leithdháiltí EUR 19,8 billiún faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna a blocáladh ar dtús mar gheall ar ábhair imní maidir le cearta bunúsacha, nach bhfuil ach EUR 7,6 billiún fós blocáilte do rialtas na hUngáire i mí Eanáir 2026; ag tabhairt dá haire, thairis sin, ón EUR 6,4 billiún a blocáladh ar dtús faoin Rialachán maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta mar gheall ar ábhair imní a bhaineann leis an smacht reachta agus leis an éilliú, go ndearnadh EUR 1 bhilliún agus EUR 1,1 billiún a shaoradh ag deireadh 2024 agus 2025 faoi seach; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di, agus an smacht reachta ag dul in olcas i gcónaí agus borradh ag teacht faoin éilliú trí líonraí olagarcacha daingnithe san Ungáir, go dtagann laghdú ar mhéid na gcistí de chuid an Aontais atá fós reoite mar gheall ar ábhair imní maidir leis an smacht reachta agus leis an éilliú, agus dá bhrí sin, go dtagann laghdú leanúnach ar an mbrú a chuireann an Coimisiún ar rialtas na hUngáire athchóirithe a dhéanamh;

107. ag cur sonrú sna hiarrataí ó rialtas na hUngáire an 28 agus an 29 Márta 2025 EUR 545 mhilliún a aistriú ó dhá chlár comhtháthaithe chuig tosaíochtaí nua faoin Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), ar as an méid sin EUR 395 mhilliún ó chistí a bhí reoite toisc nár comhlíonadh an coinníoll cumasúcháin cothrománach faoin gCairt um Chearta Bunúsacha; á chur in iúl gur oth léi gur fhormheas an Coimisiún na leasuithe an 25 Meán Fómhair 2025, in ainneoin bac a chur arís ar aisíocaíochtaí do thosaíochtaí nua STEP mar gheall ar neamhchomhlíonadh cheanglais na Cairte, gur thug sé, mar sin féin, rochtain do rialtas na hUngáire ar réamh-mhaoiniú ar fiú EUR 317,3 milliún é; á athdhearbhú go dtabharfadh ath-leithdháileadh nó athdháileadh leithreasuithe reoite ar chláir nó ar chuspóirí eile le fios do rialtais nach gcomhlíonann luachanna an Aontais agus a n-oibleagáidí leasanna airgeadais an Aontais a chosaint gur féidir caillteanais a fhritháireamh in áiteanna eile; ag meabhrú a seasaimh nár cheart cistí a cuireadh ar fionraí de bhun an Rialacháin maidir le Coinníollacht nó mar gheall ar neamhchomhlíonadh coinníollacha cumasúcháin cothrománacha a bheith incháilithe do leasuithe nó aistrithe cláir; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún a cheart tionscnaimh a fheidhmiú agus bearta a mholadh chun aon lúb ar lár atá ann cheana i gcreat reachtach an Aontais a dhúnadh, ar lúba ar lár iad a d’fhéadfadh a chur ar chumas rialtas cistí a aistriú atá curtha ar fionraí mar gheall ar sháruithe ar a smacht reachta nó ar oibleagáidí eile na Cairte um Chearta Bunúsacha, agus a áirithiú go ndéanfar aon ionstraim chistiúcháin amach anseo a chosaint ar

theacht timpeall;

108. ag tabhairt dá haire go ndéantar MOL Plc, ar ilchuideachta pheitriceimiceach Ungárach atá liostaithe go poiblí é, a rialú go héifeachtach trí bhíthin trí iontaobhas leasa phoiblí, mar a thugtar orthu, atá cleamhnaithe le Rialtas na hUngáire, a bhfuil sciar 10 % ag gach ceann acu; á mheabhrú go gcuirtear toirmeasc le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2506 ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 ar an gCoimisiún gealltanais dhlíthiúla nua a thabhairt, faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach, le hiontaobhais agus eintitis leasa phoiblí na hUngáire a choinníonn siad ar bun agus buiséad an Aontais á chur chun feidhme; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur cosúil go bhfuil comhaontú cistiúcháin amháin ar a laghad tugtha i gcrích idir an Coimisiún agus MOL tar éis ghlacadh an Chinnidh sin; ag cur sonrú sa fhreagra ón gCoimisiún go bhfuil an t-ábhar á imscrúdú aige, agus ag dréim leis go dtabharfaidh an Coimisiún míniú soiléir don údarás um urscaoileadh gan mhoill ar an gcaoi a bhféadfaí gealltanas den sórt sin a shíniú;

109. ag tabhairt dá haire go bhfaighidh rialtas na hUngáire an tríú leithdháileadh is mó faoi ionstraim SAFE, leithdháileadh ar fiú EUR 16,2 billiún é, atá beartaithe chun tacú le mórinfheistíochtaí sa tionscal cosanta; á mheabhrú go bhfuil sé de chumhacht ag an gCoimisiún formheas pleananna infheistíochta cosanta náisiúnta faoi SAFE a choinneáil siar i gcás ina bhfuil ábhair imní ann maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint; ag tabhairt dá haire gur dhíol rialtas na hUngáire bun tromlaigh rialaithe 75 %+ 1 ina shealúchas tionscail cosanta stáit le déanaí le 4iG, cuideachta a mheastar go forleathan a bheith gar don rialtas; ag tabhairt rabhadh láidir, i bhfianaise mheath leanúnach an smachta reachta, rioscaí leanúnacha éillithe agus laigí sistéamacha sa mhaoirseacht mar a thuairiscítear thuas, nach féidir a mheas go bhfuil leasanna airgeadais an Aontais á gcosaint go leormhaith dá n-eisíocfaí cistiú SAFE le rialtas na hUngáire gan, ar a laghad, coinníollacha dochta a leagan síos nach mór a chomhlíonadh sula n-eisíocfaí aon chistí;

110. á thabhairt chun suntais, agus é ina ábhar imní di, gur ghlac an tSlóvaic, ó foilsíodh Tuarascáil 2024 maidir leis an Smacht Reachta, sraith leasuithe ar an gCód Coiriúil, a ritheadh sa dara leath de 2024, lena n-áirítear dúnadh eintiteas speisialaithe frithéillithe, na Gníomhaireachta Náisiúnta Coireachta agus Oifig an Ionchúisitheora Speisialta, ar bearta iad as ar eascair moilleanna ar imscrúduithe a aistríodh chuig comhlachtaí eile agus laghduithe suntasacha ar líon na gcásanna éillithe; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil sé beartaithe ag Rialtas na Slóvaice institiúid a chur in ionad na hoifige reatha do sceithirí, ar institiúid í a gceapfadh an spéicéir parlaiminteach a cathaoirleach go díreach, rud a chruthaíonn an baol go ndéanfaí an oifig a pholaitiú, a cuid oibre a ailíniú le tosaíochtaí an Rialtais, cosaint sceithirí a ghearradh siar, agus an bonn a bhaint ón ngrinnscrúdú ar an gcaoi a láimhseálann an Rialtas cistí an Aontais; á chur i bhfáth go bhfuil riosca méadaithe

substaintiúil ag baint leis na forbairtí sin do bhainistiú fónta airgeadais bhuiséad an Aontais; á chur i dtábhacht nach bhfuil an Rialachán maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta teoranta do bhearta rogha deiridh, ach go gceadaítear leis freisin luathghníomhaíocht a dhéanamh le fionraíochtaí páirteacha, i gcás ina sainaithnítear sáruithe ar an smacht reachta a bhfuil riosca tromchúiseach ag baint leo do bhainistiú fónta airgeadais bhuiséad an Aontais; ag tacú go hiomlán leis an gcinneadh ón gCoimisiún agus á iarraidh ar an gCoimisiún tús a chur leis an gcéad chéim den sásra coinníollachta agus tús a chur le himeacht um shárú maidir leis an ábhar sin;

111. ag tabhairt dá haire, sa chomhthéacs sin, tar éis mhisean an Choiste um Rialú Buiséadach go dtí an Bhratasláiv an 26-28 Bealtaine 2025, mar thoradh ar ráitis phoiblí gan bhunús ó Phríomh-Aire na Slóvaice agus ó chomhaltaí na Comhairle Náisiúnta, go ndearnadh bagairtí ar Cheannaire an mhisin, rud a d’fhág go raibh gá le cosaint ó na póilíní; á mheas go léiríonn teagmhais den sórt sin a thuilleadh timpeallacht an smachta reachta atá ag dul in olcas agus na rioscaí a bhaineann leis sin do leasanna airgeadais an Aontais;

112. á chur in iúl gur saoth léi, de réir anailís na sochaí sibhialta, go ndéantar na moltaí a tugadh roimhe seo a athrá i bhformhór mór na moltaí a rinneadh sa Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta; á mheas gur cúis imní é sin i dtaobh an nglacann na Ballstáit leis na moltaí ar bhealach sách dáiríre agus i dtaobh an bhfuil brú leordhóthanach á chur ag an gCoimisiún chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach iad; á chur i bhfáth go bhfuil tionchar díreach ag go leor de na heasnaimh a liostaítear sa Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta ar bhainistiú fónta airgeadais bhuiséad an Aontais agus, dá bhrí sin, á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach ó thaobh rialú buiséadach de go mbeadh torthaí inláimhsithe agus intomhaiste ar an gcleachtadh; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún na moltaí tírshonracha óna Thuarascálacha bliantúla maidir leis an Smacht Reachta a aistriú ina ngarspriocanna nithiúla a mbeidh ar na Ballstáit gníomhú go córasach ina leith, agus an Rialachán maidir le Coinníollacht a ghníomhachtú i gcás ina bhfuil nasc sách díreach ag sáruithe córasacha ar an smacht reachta, arna sainaithint faoi cholúin na Tuarascála, le cosaint bhuiséad an Aontais;

113. ag cur sonrú sa fhreagra ón gCoimisiún go gcomhordaíonn an Ardrúnaíocht idir úsáid trí ionstraim éagsúla den Rialachán maidir le Coinníollacht, an Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta, STA agus coinníollacha cumasúcháin cothrománacha Rialachán na bhForálacha Coiteanna chun comhsheasmhacht a áirithiú ar fud na gclár, na n-ionstraimí agus na mBallstát uile, agus go bhfuil príomhsheirbhís ann laistigh de gach ionstraim a gcuirtear de chúram uirthi an cur chun feidhme agus seirbhísí gaolmhara ábhartha a chur san áireamh san obair sin freisin; á tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil an Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus

Tomhaltóirí (AS JUST) agus an Ardrúnaíocht i gceannas go comhpháirteach ar an obair ar an Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta, go bhfuil AS EMPL i gceannas ar an obair ar choinníoll cumasúcháin cothrománach na Cairte, SG REFORM (Tascfhórsa um Athchóiriú agus Infheistíocht) leis an Ard-Stiúrthóireacht um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais (AS ECFIN) don obair ar STA agus Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid (AS BUDG) don obair ar an Rialachán maidir le Coinníollacht; á iarraidh ar an gCoimisiún ról na gcinnteoirí uile sna nósanna imeachta sin a shoiléiriú a thuilleadh; á chur i bhfios go láidir, cé go bhfuil creat daingean ann ar pháipéar, go bhféadfaí cur i bhfeidhm praiticiúil na nósanna imeachta a fheabhsú a thuilleadh; á chur in iúl gur oth léi nár sholáthair an Coimisiún, san am atá caite, ach an fhaisnéis íosta, gan mionsonraí tábhachtacha a bheith ag gabháil léi, agus nár chomhroinn sé an doiciméadacht iomlán, fiú i ndiaidh don Pharlaimint í a iarraidh; á chur i bhfáth go bhfuil comhroinnt thráthúil, chuimsitheach agus réamhghníomhach faisnéise bunriachtanach chun go bhfeidhmeoidh sé a fhreagrachtaí buiséadacha agus formhaoirseachta go héifeachtach agus chun go gcoinneoidh saoránaigh muinín as institiúidí an Aontais agus as inchreidteacht an Aontais ina hiomláine;

114. á chur in iúl gur oth léi gur thóg sé níos mó ná dhá bhliain ar an gCoimisiún tús a chur le himeachtaí um shárú i gcoinne Mhálta toisc nár cuireadh dlí an Aontais i bhfeidhm i réimse an chearrbhachais ar líne; ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis mhór imní di, mar thoradh ar reachtaíocht Mhálta lena gcuirtear cosc ar fhorfheidhmiú breithiúnas bailí ó Bhallstáit eile, nach raibh thart ar 100 000 saoránach de chuid an Aontais atá i dteideal aisíocaíochtaí in ann sásamh a fháil; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil roinnt cuideachtaí cearrbhachais atá ceadúnaithe i Málta tar éis tús a chur le sócmhainní a aistriú chuig eintitis eile, rud a chuireann forfheidhmiú éifeachtach na mílte breithiúnas cúirte i mbaol fiú dá dtarraingeofaí siar an reachtaíocht atá faoi chonspóid; á chur in iúl gur oth léi go mór, sa chomhthéacs sin, moill an Choimisiúin maidir le himeachtaí um shárú a thionscnamh;

115. á mheabhrú gur ann do thorthaí Thuarascáil Speisialta na Cúirte ar Dhigitiú an Chúraim Sláinte, inar thángthas ar an gconclúid go raibh tacaíocht an Aontais do na Ballstáit éifeachtach ar an iomlán chun claochlú digiteach na gcóras cúraim sláinte a chothú; ag tabhairt dá haire, áfach, go raibh deacrachtaí ag Ballstáit úsáid a bhaint as cistí an Aontais arna leithdháileadh chun na críche seo agus á chur in iúl gur oth léi, cé go ndéanann an Coimisiún faireachán ar an dul chun cinn atá bainte amach ag na Ballstáit maidir le digitiú an chúraim sláinte, nach bhfuil forbhreathnú cuimsitheach aige fós i ndáil le conas a bhaintear úsáid as cistí an Aontais chun tacú leis na gníomhaíochtaí sin; á iarraidh ar an gCoimisiún moltaí na Cúirte a chur chun feidhme ina n-iomláine, go háirithe trí fheabhas a chur ar threoraíocht do na Ballstáit, trí fhaireachán agus maoirseacht fheidhmíochtbhunaithe ar chistí an Aontais a úsáidtear don tsláinte

dhigiteach a neartú agus trína áirithiú go seasfaidh infheistíochtaí sa tsláinte dhigiteach leis na caighdeáin is airde maidir le cosaint sonraí, cibearshlándáil agus idir-inoibritheacht;

116. á aithint gur rannchuidigh an clár EU4Health leis an gclár InvestEU trí mheascadh le ráthaíocht an Aontais, agus ar an gcaoi sin déantar infheistíochtaí breise a shlógadh; ag tabhairt dá haire go sonrach go ndearnadh ranníocaíocht EUR 110 milliún trí bhreisiú InvestEU lena dtacaítear le hinfheistíochtaí BEI i dtionscadail nuálacha eolaíochta beatha a bhaineann le frithbhearta leighis; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé trédhearcacht, comhordú éifeachtúil le hionstraimí cistiúcháin náisiúnta agus le hionstraimí cistiúcháin an Aontais, agus rochtain leathan do na Ballstáit a áirithiú ionas go gcuirfidh na hinfheistíochtaí sin breisluach láidir Eorpach ar fáil agus go neartóidh siad athléimneacht chórais sláinte an Aontais; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh sa nuálaíocht leighis agus i dteicneolaíochtaí leighis ar an leibhéal Eorpach agus a thábhachtaí atá sé an comhar idir institiúidí taighde, cuideachtaí leighis príobháideacha agus údaráis phoiblí a neartú chun freastal níos fearr ar leas an phobail;

117. á chur in iúl gur oth léi an cinneadh ón gCoimisiún scor de dheontais oibriúcháin a thacaíonn leis an earnáil sláinte, arbh ionann iad agus beagán os cionn 1 % de bhuiséad EU4Health in 2024; á thabhairt faoi deara go ndearna na hathruithe sin difear do rannchuidiú leanúnach le cuspóirí sláinte poiblí na hEorpa; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sásraí tacaíochta intuartha agus cobhsaí d’eagraíochtaí geallsealbhóirí agus d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá gníomhach san earnáil sláinte; á mholadh go leanfadh cistiú amach anseo de bheith bunaithe ar chritéir shoiléire a bhaineann le breisluach Eorpach, trédhearcacht, neodracht pholaitiúil, agus tionchar intomhaiste, chun a áirithiú go ndíreofar acmhainní ar na háiteanna is mó a dtéann siad chun tairbhe d’othair agus do chórais sláinte; á thabhairt chun suntais go bhfuil ról ag gníomhaithe geallsealbhóirí agus ag gníomhaithe na sochaí sibhialta maidir le rannchuidiú le cuspóirí bheartas sláinte an Aontais agus lena chur chun feidhme;

118. ag tabhairt dá haire gur leithdháil an Coimisiún EUR 8 milliún in 2024 agus EUR 20,9 milliún in 2025 ar ghlaonna ar thograí chun ábhar maidir le gnóthaí an Aontais a tháirgeadh ag cuibhreannais d’eagraíochtaí meán nuachta, agus go bhfaigheann trí chuibhreannas meán cistiú ón Aontas faoi láthair; á mheabhrú gur bunchloch faoin gcuntasacht dhaonlathach é preas atá saor, neamhspleách agus ilchineálach; á mheas gur féidir le tacaíocht an Aontais do na meáin rannchuidiú le hiolrachas na meán agus díospóireacht phoiblí eolasach a neartú ar fud an Aontais, ar choinníoll go bhfuil coimircí dochta i bhfeidhm chun neamhspleáchas agus trédhearcacht iomlán eagarthóireachta a áirithiú; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá trédhearcacht maidir leis an tacaíocht airgeadais uile, lena n-áirítear deontais, conarthaí agus cistiú indíreach a chuirtear ar fáil

d’eagraíochtaí meán, agus gur cheart an fhaisnéis sin a bheith inrochtana go héasca agus a chur i láthair go soiléir;

119. á chur in iúl gur oth léi nach ndearna an Coimisiún meastóireachtaí eatramhacha ar na cláir shuaitheanta Erasmus+, an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, agus Eoraip na Cruthaitheachta roimh an spriocdháta atá sainithe go dlíthiúil; á chur i bhfáth gur cheart meastóireachtaí a bheith mar bhonn eolais don chinnteoireacht le haghaidh na clárthréimhse reatha, agus le haghaidh na clárthréimhse a bheidh ann amach anseo;

Moltaí

120. á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhú de réir mholtaí na Cúirte óna Tuarascáil Bhliantúil chun an méid seo a leanas a áirithiú:

    (i) go neartaíonn údaráis iniúchóireachta a gcumas rialaithe agus braite trína fhíorú go ndéanann siad an tsampláil a phleanáil i gceart, go ndeimhníonn siad go bhfuil comhlíonadh na gcritéar incháilitheachta cruthaithe, agus go gcoimeádann siad doiciméadacht chuí chun tacú leis an rian iniúchóireachta;

    (ii) nuair a bhraitear laigí córasacha i gcláir oibríochtúla agus nuair a fhorchuirtear ráta comhréidh, nach n-úsáideann údaráis na mBallstát an sásra ceartúcháin ar ráta comhréidh chun a bhfreagracht a sheachaint maidir le hincháilitheacht an chaiteachais a sheiceáil sula ndearbhóidh siad don Choimisiún é, agus aisghabhálacha aonair a dhéanamh de réir mar is gá;

121. á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, an méid seo a leanas a dhéanamh:

    (i) leanúint d’aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist shistéamach maidir le neamhbhrath earráidí ar leibhéal na mBallstát i gcaiteachas an bheartais comhtháthaithe trí chur chun feidhme éifeachtach an phlean gníomhaíochta, arb é is aidhm dó cumas braite a mhéadú ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Choimisiúin;

    (ii) treoraíocht, comhordú agus faireachán a neartú a thuilleadh chun deimhneacht dhlíthiúil níos fearr agus athúsáid níos éifeachtaí athshreabh ar fud na mBallstát a áirithiú;

    (iii) oibriú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, go háirithe leis na Ballstáit sin a bhfuil srianta struchtúracha nó acmhainneachta orthu, chun cúnamh teicniúil, simpliú riaracháin agus solúbthacht leordhóthanach sa chur chun feidhme a chur ar fáil chun a áirithiú go n-ionsúfar cistí comhtháthaithe go hiomlán agus go héifeachtach;

    (iv) modheolaíocht a fhorbairt chun tionchar airgeadais foriomlán imscrúduithe OIPE agus OLAF a thomhas, lena n-áirítear

méideanna arna n-aisghabháil tar éis cinntí cúirte náisiúnta in imeachtaí coiriúla, agus chun faisnéis rialta a fháil ó na Ballstáit maidir le haisghabháil sócmhainní agus an sciar a thugtar ar ais do bhuiséad an Aontais mar a mhol an Chúirt;

(v) moltaí ón Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta a nascadh le cur chun feidhme beart nithiúil ag an mBallstát lena mbaineann chun tionchar níos láidre a bheith acu agus chun rannchuidiú le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, agus ag tagairt ina leith sin do na moltaí a rinneadh i rún ón bParlaimint an 18 Meitheamh 2025 maidir le Tuarascáil 2024 ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta;

(vi) dlús a chur lena fhaireachán ar na coinníollacha cumasúcháin cothrománacha agus téamacha sna Ballstáit uile chun bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann ar chosaint Bhuiséad an Aontais a shainaithint agus trédhearcacht fheabhsaithe agus rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí i gcur i bhfeidhm na huirlise sin a áirithiú;

(vii) an tuarascáil ar an smacht reachta a ailíniú go dlúth leis an Rialachán maidir le Coinníollacht agus tuarascáil níos mionsonraithe a thabhairt ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta is féidir a úsáid mar ionchur chun an Rialachán maidir le Coinníollacht a ghníomhachtú;

(viii) a cheart tionscnaimh a fheidhmiú agus bearta a mholadh chun aon lúb ar lár atá ann cheana i gcreat reachtach an Aontais a dhúnadh a d'fhéadfadh a chur ar chumas rialtas cistí a aistriú a cuireadh ar fionraí i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta nó mar gheall ar neamhchomhlíonadh coinníollacha cumasúcháin cothrománacha, agus a áirithiú go mbeidh coimircí leordhóthanacha ann maidir le haon ionstraim chistiúcháin amach anseo lena gcosnófar ar theacht timpeall í;

(ix) athmheasúnú práinneach a dhéanamh ar mheath an smachta reachta agus ar na rioscaí do bhuiséad an Aontais san Ungáir agus aghaidh a thabhairt orthu, agus gach gníomhaíocht is gá a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Coinníollacht agus le huirlisí eile atá ar fáil, lena n-áirítear cistí an Aontais a chur ar fionraí go hiomlán;

(x) meastóireacht *ex post* a dhéanamh ar thionchar airgeadais leasuithe ar an mbeartas comhtháthaithe ar réigiúin teorann thoir, go háirithe cistí CFRE a cuireadh i leataobh ar dtús le haghaidh comhar trasteorann leis an Rúis agus leis an mBealarúis chomh maith le cistí a ath-leithdháileadh i gcomhthéacs athbhreithniú meántéarma 2025 ar an gcomhtháthú, lena gcumhdaítear a mhéid a d'fhan cistí de chuid an Aontais a bhí beartaithe ar dtús do réigiúin a bhfuil

teorainn acu leis an Rúis agus/nó leis an mBealarúis iontu ar deireadh nó a mhéid a treoraíodh os a choinne sin iad in áiteanna eile, a mheastóireacht a roinnt leis an údarás um urscaoileadh, agus tacaíocht airgeadais spriocdhírithe a mholadh go práinneach do na réigiúin sin chun tionchar díréireach chogadh foghach na Rúise a chomhrac, lena n-áirítear caillteanais a fulaingíodh mar thoradh ar na leasuithe le linn na clárthréimhse reatha a leigheas;

(xi) athmhachnamh a dhéanamh ar an gcur chuige iniúchóireachta aonair go dtí go rachfar i ngleic leis na laigí a sainaithníodh sna húdaráis bhainistíochta agus iniúchóireachta sna Ballstáit;

(xii) a áirithiú go gcuirfear deontais oibriúcháin ar fáil faoin gclár EU4Health;

Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol

122. á thabhairt dá haire gur EUR 64,4 billiún (33,7 % de bhuiséad an Aontais) a bhí sa bhuiséad do na cláir faoi Cheannteideal 3 de CAI ‘Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol’ agus a dáileadh mar seo a leanas: Chuaigh 59,2 % den chaiteachas sin chuig an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) — íocaíochtaí díreacha (EUR 38,1 billiún), agus ina dhiaidh sin CETFT (EUR 15,5 billiún, 24,0 %), an Ciste um Aistriú Cóir (EUR 6,2 billiún, 9,5 %), an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) – caiteachas a bhaineann leis an margadh (EUR 2,7 billiún, 4,1 %), caiteachas Muirí agus Iascaigh (EUR 1,3 billiún, 2,0 %), an Comhshaol agus an Aeráid (LIFE) (EUR 600 milliún, 0,9 %) agus eile (EUR 200 milliún, 0,3 %);

123. á chur i bhfios go láidir gur ar an gcomhbheartas talmhaíochta (CBT) a caitheadh an príomhchion (87,3 %) de chaiteachas an Aontais Eorpaigh ar acmhainní nádúrtha agus an comhshaol in 2024; á mheabhrú gurbh é 2024 an dara bliain de CBT 2023-2027, lenar tugadh isteach samhail nua seachadta lena n-ionchorpraítear gnéithe feidhmíochtbhunaithe, a comhaontaíodh leis na Ballstáit i bPleananna Straitéiseacha, mar bhonn d’íocaíochtaí;

124. á thabhairt faoi deara gur EUR 6,3 billiún a bhí in íocaíochtaí ó CETFT 2023-2027 ag deireadh 2024 (in 2023: EUR 700 milliún), rud a léiríonn ráta ionsúcháin 9,5 % (i gcomparáid le 1 % in 2023); á chur i bhfáth go mbaineann íocaíochtaí moillithe an bonn ó chobhsaíocht ioncaim feirmeoirí; á chur in iúl gur geal léi freisin ráta ionsúcháin 32 % an Chiste um Aistriú Cóir; ag cur sonrú i ráta íseal ionsúcháin an Chiste Eorpaigh Mhuirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID), agus é ina ábhar imní di, nár shroich ach 3 % faoi dheireadh 2024;

125. á thabhairt dá haire go bhfuil scrúdú déanta ag an gCúirt ar shampla ina raibh 228 n-idirbheart a chumhdaíonn an raon iomlán caiteachais faoin gceannteideal seo de CAI i 19 mBallstát agus sa Ríocht Aontaithe; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go measann

an Chúirt gurb é 2,6 % an leibhéal earráide don cheannteideal sin (in 2023: 2,2 %); ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur aimsigh an Chúirt ocht n-earráid inchainníochtaithe (i.e. earráidí a bhfuil tionchar díreach airgeadais acu ar bhuiséad an Aontais) san fhorbairt tuaithe, ocht gcinn in idirbhearta éiciscéime, cineál nua idirghabhála a tugadh isteach faoi CBT 2023-2027 chun tacú le cleachtais talmhaíochta a chuireann leis na spriocanna aeráide agus comhshaoil agus le leas ainmhithe, trí cinn in íocaíochtaí díreacha gan éiciscéimeanna a áireamh, dhá cheann i mbearta margaidh, agus ceann amháin in idirbheart bainistíochta comhroinnte faoi CEMID; ag tabhairt faoi deara gur bhraith an Chúirt 19 saincheist chomhlíontachta eile freisin nach raibh aon tionchar airgeadais acu ar bhuiséad an Aontais;

126. ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt earráidí a chatagóiriú, agus gur earráidí riaracháin ba chúis le 44 % d'earráidí, gur shaincheisteanna neamh-incháilitheachta ba chúis le 28 % díobh, gur neamh-urramú gealltanas agra-chomhshaoil, aeráide nó éiciscéime ba chúis le 16 % díobh agus gur sholáthar faisnéise míchruinne maidir le limistéir nó ainmhithe ba chúis le 12 % díobh;

127. á chur in iúl gur cúis imní di, i gcás 13 earráid inchainníochtaithe, go measann an Chúirt go raibh faisnéis leordhóthanach ag údaráis na mBallstát chun an earráid a chosc, nó chun an earráid a bhrath agus a cheartú sular ghlac siad leis an gcaiteachas agus, dá mba rud é gur bhain údaráis na mBallstát úsáid chuí as an bhfaisnéis uile a bhí ar fáil dóibh, go mbeadh an leibhéal measta earráide le haghaidh an cheannteidil seo 2,2 pointe céatadáin níos ísle;

128. ag tarraingt aird ar an ngá atá le simpliú, le huirlisí digiteacha a fhorbairt a thuilleadh agus a chur chun cinn, agus le rialuithe níos láidre chun leibhéal an chaiteachais neamh-incháilithe a laghdú; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé ualaí riaracháin ar fheirmeoirí a laghdú chun bainistíocht fhónta airgeadais a neartú;

129. á chur in iúl gur cúis áthais di conclúid na Cúirte go raibh na híocaíochtaí díreacha faoi CBT, gan éiciscéimeanna a áireamh, saor ó earráid ábhartha in 2024; ag aithint mheasúnú an Choimisiúin go ndeimhnítear leis sin an ról tábhachtach atá ag an gCóras Comhtháite Riaracháin agus Rialaithe (CCRR) maidir le riosca earráidí a chosc agus a laghdú, ós rud é go mbainistíonn gach Ballstát íocaíochtaí díreacha trí CCRR, lena ndéantar bunachair sonraí maidir le gabháltais, iarratais ar chabhair, clárlanna ainmhithe agus limistéir talmhaíochta a idirnascadh;

130. á mheabhrú, faoi shamhail CBT 2023-2027 atá bunaithe ar fheidhmíocht, go leagann na Ballstáit síos na rialacha atá le comhlíonadh ag tairbhithe deiridh i gcomhréir le creat ginearálta an Aontais, agus go ndíríonn an Coimisiún ar thorthaí feidhmíochta agus ar fheidhmiú na gcóras a chuireann na Ballstáit i bhfeidhm chun a áirithiú go n-urramófar na coinníollacha sin agus nach n-urramófar

na hidirbhearta aonair a thuilleadh; á mheabhrú, thairis sin, dá réir sin, i gcás CBT 2023-2027, go bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit tuairisciú don Choimisiún maidir le táscairí aschuir agus toraidh a bhaineann le feidhmíocht beartais, seachas maidir le staidreamh rialaithe; ag cur sonrú i mbarúil na Cúirte ina tuarascáil speisialta 07/2024 dar teideal 'Na córais atá ag an gCoimisiún chun caiteachas neamhrialta AE a aisghabháil' go raibh ag éirí go maith le haisghabhálacha a bhaineann le caiteachas talmhaíochta, arb é is cúis leis sin, i bpáirt, an riail 50/50 mar a thugtar air lenar tugadh dreasacht do Bhallstáit cistí a aisghabháil; á thabhairt dá haire nár coinníodh an riail sin in CBT 2023-2027 agus gur thug an Chúirt rabhadh go bhféadfadh meath ar an ráta aisghabhála i gcás caiteachas talmhaíochta a bheith mar thoradh air sin;

131. ag cur sonrú i bhfreagraí an Choimisiúin ar an gCúirt go measann sé go bhfuil obair iniúchóireachta na gComhlachtaí Deimhniúcháin fós ina príomhghné dearbhaithe do chaiteachas CBT faoi na Pleananna Straitéiseacha; ag tabhairt dá haire, thairis sin, i gcás CBT 2023-2027, go gceanglaítear ar na Ballstáit a bpacáistí dearbhaithe a thuairisciú don Choimisiún, lena n-áirítear na tuarascálacha bliantúla nua ar fheidhmíocht agus tuairim an Chomhlachta Deimhniúcháin agus na tuarascálacha a ghabhann leo, a úsáideann an Coimisiún ansin, mar aon le torthaí a thorthaí iniúchóireachta féin agus torthaí na Cúirte, chun teacht ar chonclúid maidir leis an dearbhú do chaiteachas CBT; á chur i bhfios go láidir nach ríomhann an Coimisiún ráta earráide nó riosca tráth na híocaíochta do chaiteachas faoi Phleananna Straitéiseacha CBT; ag aithint mhíniú an Choimisiúin, ós rud é go gcomhfhreagraíonn 74,8 % de chaiteachas cheannteideal 3 CAI in 2024 do chaiteachas feidhmíochtbhunaithe faoi Phleananna Straitéiseacha CBT, nach bhféadfaí aon riosca tráth na híocaíochta a chinneadh don cheannteideal sin agus, mar thoradh air sin, do bhuiséad an Aontais ina iomláine;

132. ag tabhairt dá haire, le haghaidh 2024, gur mheas Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe (AS AGRI) go raibh riosca íseal ag baint le 82 % de chaiteachas CBT 2023-2027, go raibh riosca meánach ag baint le 11 % de, agus go raibh ardriosca ag baint leis an 7 % eile; ag tabhairt dá haire gur shoiléirigh an Chúirt go gcomhfhreagraíonn caiteachas ísealriosca d'idirghabhálacha nach ndéanann easnaimh thromchúiseacha a d'fhéadfadh a bheith ina gcórais rialachais difear dóibh agus go mbaineann an chuid is mó den chaiteachas ísealriosca le híocaíochtaí díreacha agus le tacaíocht eile a chumhdaítear le CCRR; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur chuir AS AGRI toradh na n-íocaíochtaí feidhmíochtbhunaithe agus na n-íocaíochtaí atá bunaithe ar chomhlíonadh le chéile ina Thuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí do 2024 agus gur tháinig sé ar an gconclúid go raibh riosca íseal ag baint le 77 % de chaiteachas CBT in 2024 ar an iomlán (i gcomparáid le 69 % de chaiteachas CBT in 2023 agus 72 % in 2022), go raibh riosca meánach ag baint le 10 % de, agus go raibh

ardriosca ag baint le 13 % de;

133. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, na forchoimeádais a eisíodh i dtuarascáil bhliantúil 2024 ar ghníomhaíochtaí ó AS AGRI, mar atá, deich bhforchoimeádas do naoi mBallstát maidir le caiteachas CCRR faoi Phleananna Straitéiseacha CBT mar gheall ar easnaimh thromchúiseacha féideartha a sainaithníodh i bhfeidhmiú na gcóras rialachais, 6 fhorchoimeádas do chúig Bhallstát maidir le caiteachas neamh-CCRR faoi Phleananna Straitéiseacha CBT mar gheall ar easnaimh thromchúiseacha féideartha a sainaithníodh i bhfeidhmiú na gcóras rialachais, sé fhorchoimeádas do cheithre Bhallstát maidir le bearta margaidh mar gheall ar laigí suntasacha i ndlíthiúlacht agus i rialtacht na n-idirbheart bunúsach, agus an méid atá i mbaol measta ag EUR 14,92 milliún, forchoimeádas amháin do Bhallstát amháin maidir le híocaíochtaí díreacha faoi chlár de roghanna a bhaineann go sonrach le hiargúltacht agus le hoileánacht (POSEI) mar gheall ar laigí suntasacha i ndlíthiúlacht agus i rialtacht na n-idirbheart bunúsach, agus an méid atá i mbaol measta ag EUR 28,83 milliún, 12 fhorchoimeádas do dheich mBallstát maidir le forbairt tuaithe mar gheall ar laigí suntasacha i ndlíthiúlacht agus i rialtacht na n-idirbheart bunúsach, agus an méid atá i mbaol measta ag EUR 209,80 milliún;

134. á chur in iúl gur geal léi, mar chuid dá hiniúchadh in 2024, go ndearna an Chúirt faisnéis a bhailiú agus go ndearna sí anailís uirthi freisin maidir le tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht a thabhairt isteach do CBT 2023-2027; á chur in iúl go bhfuil sí sásta le conclúid fhoriomlán na Cúirte gur tugadh isteach, den chuid is mó, an tuairisciú bliantúil ar fheidhmíocht mar a bhí beartaithe agus nár shainaithin sí aon fhadhb maidir leis na sonraí tuairiscithe; á chur in iúl go bhfuil sí muiníneach as cinneadh na Cúirte gur féidir, i gcás na naoi ngníomhaireacht íocaíochta a ndearna sí athbhreithniú orthu, comhfhreagras a bhunú idir na híocaíochtaí a rinneadh agus na haschuir a taifeadadh ina gcórais TF chun tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht a tháirgeadh;

135. ag cur sonrú i gcinneadh na Cúirte, bunaithe ar a suirbhé ar 19 mBallstát, go raibh córais tuairiscithe feidhmíochta na ngníomhaireachtaí íocaíochta fós á bhforbairt in 2024, agus go raibh táirgeadh táscairí feidhmíochta uathoibrithe ag 18 ngníomhaireacht íocaíochta agus go raibh dhá ghníomhaireacht íocaíochta ag úsáid cur chuige láimhe nó as cur chuige atá uathoibrithe i bpáirt chun roinnt príomhtháscairí aschuir a tháirgeadh dá dtuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht 2024; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, nach raibh tástáil iomlán déanta go fóill ar na córais TF a úsáidtear chun na tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht a chur ar fáil, tráth obair iniúchóireachta na Cúirte, chun a sheiceáil go gcomhlíonann siad na caighdeáin idirnáisiúnta slándála faisnéise (ISO 27001);

136. á mheabhrú go bhfuil CBT 2023-2027 bunaithe ar dheich

bpríomhchuspóir, lena n-áirítear ioncam inmharthana, cothrom agus cobhsaí a áirithiú d’fheirmeoirí, slándáil bia a chosaint agus athléimneacht na hearnála talmhaíochta a neartú; á mheas gur cheart tacaíocht ioncaim dhíreach faoi CBT a dhíriú ar bhealach níos fearr ar fheirmeoirí a bhíonn ag gabháil go gníomhach don táirgeadh talmhaíochta, agus deimhneacht dhlíthiúil á caomhnú agus srianta iomarcacha riaracháin á seachaint ag an am céanna, agus béim ar leith á leagan ar thacaíocht a thabhairt dóibh siúd is mó atá i ngátar, amhail feirmeacha teaghlaigh, feirmeacha beaga, feirmeacha atá lonnaithe i limistéir a bhfuil srianta nádúrtha nó dúshláin shonracha eile rompu, feirmeoirí óga agus feirmeoirí baineanna; á iarraidh ar an gCoimisiún éifeachtúlacht agus spriocdhíriú chistí talmhaíochta an Aontais a fheabhsú agus a áirithiú nach bhfaighidh ach feirmeoirí gníomhacha tacaíocht ioncaim dhíreach, agus comhréireacht á háirithiú agus rialuithe láidre á gcoinneáil ar bun ag an am céanna;

137. Ag cur sonrú i gconclúidí 2025 ón gCúirt maidir le cistiú ón Aontas do ghníomhaíocht a bhaineann le dóiteáin foraoise: cé go raibh méadú ag teacht ar an úsáid a bhain na Ballstáit as cistí an Aontais le haghaidh coisc, bhí forléargas neamhiomlán ag an gCoimisiún ar an gcaiteachas iomlán ar dhóiteáin foraoise agus bhí an faireachán ar thorthaí lag, ar saincheist í sin a bhfuil impleachtaí soiléire talmhaíochta agus tuaithe ag baint léi; á iarraidh ar an gCoimisiún feabhas a chur ar chomhiomlánú an chaiteachais a bhaineann le dóiteáin foraoise agus faireachán ar thorthaí agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach na mbeart coisctheach a neartú;

138. á chur i bhfáth, i gcomhthéacs rioscaí tubaiste nádúrtha atá ag dul i méid, nach mór don Choimisiún agus do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh bearta coisctheacha arna gcistiú ag an Aontas dea-spriocdhírithe, bunaithe ar mheasúnuithe riosca atá cothrom le dáta, agus go gcothófar iad thar thimthriallta tionscadail aonuaire ionas go mbeidh tairbhí marthanacha ag baint le hinfheistíochtaí don talmhaíocht agus do phobail tuaithe;

139. á chur in iúl gur cúis imní di na líomhaintí maidir le calaois mhórscála a dhéanann difear do chistí talmhaíochta an Aontais, a tuairiscíodh den chéad uair sna meáin i mí Feabhra 2025, a bhaineann leis an nGníomhaireacht Íocaíochta agus Rialaithe de chuid na Gréige um Threoraíocht agus Ráthaíocht Cabhrach Comhphobail (OPEKEPE); á mheabhrú gur fhoilsigh OIPE preaseisiúint i mí na Bealtaine 2025 lena ndeimhnítear go raibh imscrúdú á dhéanamh aige ar scéim calaoise eagraithe líomhnaithe a bhaineann le cistí talmhaíochta agus éilliú lena mbaineann oifigigh phoiblí OPEKEPE; á mheabhrú go bhfuil faisnéis tugtha ar láimh ag OIPE, de réir tuairiscí ar na meáin, do Pharlaimint na Gréige d’fhonn imscrúdú a dhéanamh ar bheirt airí a d’éirigh as oifig ina dhiaidh sin; ag cur sonrú i bpreaseisiúint OIPE an 22 Deireadh Fómhair 2025, agus é ina ábhar imní di, ina mínítear, le linn réamh-imscrúdú OIPE, gur sainaithníodh grúpa coiriúil eagraithe, a líomhnaítear go bhfuil baint aige le scéim chórasach calaoise fóirdheontais ar mhórscála

agus le gníomhaíochtaí sciúrtha airgid; ag aithint na mbeart a rinne údaráis na Gréige gan mhoill, lena n-áirítear *inter alia* an cinneadh tascfhórsa imscrúdaithe speisialta a bhunú, ina bhfuil na Póilíní Airgeadais agus an tÚdarás Neamhspleách um Ioncam Poiblí; á chur i bhfios go láidir, sa chomhthéacs sin, gur urghabhadh sócmhainní roinnt daoine aonair a bhfuil amhras fúthu go raibh siad rannpháirteach sna gníomhaíochtaí coiriúla líomhnaithe;

140. á aithint gur eisigh AS AGRI ina Thuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí in 2024 ceithre fhorchoimeádas a bhaineann le caiteachas arna bhainistiú ag OPEKEPE; ag tabhairt dá haire go gcumhdaítear le forchoimeádas amháin den sórt sin idirghabhálacha uile CCRR faoi Phleananna Straitéiseacha CBT, ós rud é gur léirigh iniúchadh comhréireachta AS AGRI agus obair an chomhlachta deimhniúcháin roinnt easnaimh thromchúiseacha a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil le cur chun feidhme an chórais aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta, agus i ndáil le dearadh agus feidhmiú an chórais bainistithe agus rialaithe; ag tabhairt dá haire gur eisíodh forchoimeádas eile maidir le caiteachas neamh-CCRR faoi Phleananna Straitéiseacha CBT lena gcumhdaítear earnáil an fhíona agus an bheachadóireacht mar gheall ar easnaimh thromchúiseacha a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil le dearadh nó bunú na gcóras nach gcumhdaítear leo prionsabail na barainneachta agus na héifeachtúlachta agus na bearta chun cistiú dúbailte a sheachaint; ag tabhairt dá haire go mbaineann an tríú forchoimeádas i dtaca le OPEKEPE le cláir forbartha tuaithe 2014-2022, a meastar gurb é 7,45 % an ráta earráide coigeartaithe ina leith, mar gheall ar iniúchtaí AS AGRI in 2023 agus 2024 inar sainaithníodh roinnt laigí a bhaineann leis an gcóras aitheantais le haghaidh dáileachtaí talún, laigí i seiceálacha ar an láthair a rinne OPEKEPE, easnaimh thromchúiseacha maidir le maoirseacht agus seiceálacha na ngrúpaí gníomhaíochta áitiúla, nósanna imeachta chun cruthú féideartha coinníollacha saorga a fhíorú, seiceálacha ar mhaoiniú dúbailte agus soláthar poiblí agus easnaimh sa mheastóireacht ar réasúntacht costas agus i bhfíorú stádas FBM; ag tabhairt dá haire gur eisíodh an ceathrú forchoimeádas maidir le bearta margaidh lasmuigh de Phleananna Straitéiseacha CBT lena gcumhdaítear eagraíochtaí táirgeoirí torthaí agus glasraí agus bearta eisceachtúla, a meastar gurb é 10 % an ráta earráide coigeartaithe ina leith tar éis iniúchadh AS AGRI in 2024 inar sainaithníodh easnaimh i seiceálacha riaracháin agus seiceálacha ar an láthair a raibh tionchar acu ar bhearta eisceachtúla agus toisc, bunaithe ar mheasúnú an Chomhlachta Deimhniúcháin, go ndearnadh coigeartuithe ar na rátaí earráide d'eagraíochtaí táirgeoirí torthaí agus glasraí agus ar an gcur chun cinn; á aithint gur dhréachtaigh Údaráis na Gréige Plean Gníomhaíochta, ar ghlac AS AGRI leis mar bhonn leordhóthanach chun na heasnaimh thuasluaite a leigheas; á mheabhrú go bhfuil gach beart ceartaitheach faoi réir faireachán leanúnach ag an gCoimisiún; á áitiú go dtuairisceoidh an Coimisiún don údarás um urscaoileadh maidir le cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta agus maidir le feabhsuithe intomhaiste ar fheidhmíocht rialaithe;

141. ag aithint na bhfreagraí i scríbhinn ón gCoimisiún gur iarr AS AGRI in 2023 agus arís i mí an Mheithimh 2024 go gcuirfeadh údarás inniúil na Gréige creidiúnú OPEKEPE faoi phromhadh; ag cur sonrú sa mhíniú a thugtar i dtuarascáil bhliantúil AS AGRI ar ghníomhaíochtaí gur shainaithin an Comhlacht Deimhniúcháin agus AS AGRI easnaimh a dhéanann difear do roinnt critéir chreidiúnúcháin, agus mar thoradh air sin, gur chuir údaráis na Gréige creidiúnú OPEKEPE faoi phromhadh i mí Mheán Fómhair 2024 agus gur dhréachtaigh sé plean gníomhaíochta creidiúnúcháin; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil an Coimisiún ag coinneáil súil ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis an bplean gníomhaíochta feabhais sin a chur chun feidhme; ag tathant ar an gCoimisiún an plean gníomhaíochta athbhreithnithe is déanaí agus a mheasúnú a chomhroinnt leis an údarás um urscaoileadh; á aithint go bhfuil bearta ceartaitheacha déanta gan mhoill ag údaráis na Gréige chun aghaidh a thabhairt ar na laigí struchtúracha a sainaithníodh, chun trédhearcacht na dtairbhithe a fheabhsú agus chun rialuithe agus bearta frithchalaoise a threisiú; á chur in iúl gur geal léi, sa chomhthéacs sin, an t-athchóiriú a tugadh isteach le déanaí leis an dlí chun OPEKEPE a aistriú go hiomlán chuig an Údarás Neamhspleách um Ioncaim Phoiblí (AADE);

142. ag cur sonrú sa fhreagra ón gCoimisiún gur chuir an Coimisiún ceartúchán airgeadais EUR 415 mhilliún i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2025 maidir leis na heasnaimh a sainaithníodh sa chóras bainistithe agus rialaithe sa Ghréig le linn na mblianta 2015-2022[11]; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go raibh an Coimisiún ar an eolas faoi easnaimh thromchúiseacha a bhaineann le OPEKEPE ó bhí 2021 ann ar a laghad, ós rud é gur tuairiscíodh fiosrúchán comhréireachta a bhain le creidiúnú a bhí ar siúl ag an am sin cheana féin i dtuarascáil bhliantúil AS AGRI ar ghníomhaíochtaí in 2021; á chur in iúl gur oth léi nach ndearna an Coimisiún gníomhaíocht níos luaithe chun imscrúdú críochnúil a dhéanamh ar na heasnaimh thromchúiseacha a fuarthas i ndáil le hobair OPEKEPE, chun rioscaí a mhaolú agus chun buiséad an Aontais a chosaint ar bhealach níos fearr;

143. á chur in iúl gur cúis bhuartha di líon na neamhrialtachtaí agus na líomhaintí calaoise a bhaineann le tithe aíochta arna gcistiú ag an Aontas; ag cur sonrú sna freagraí i scríbhinn ón gCoimisiún gur maoiníodh tithe aíochta don chlárthréimhse 2014-2022, mar aon le cineálacha eile infheistíochtaí, faoi fhobheart Forbartha Tuaithe 6.4 (infheistíochtaí i gcruthú agus i bhforbairt gníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta) agus faoi chlár LEADER; á chur in iúl gur oth

---

11 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1147 ón gCoimisiún an 11 Meitheamh 2025 lena n-eisiatar ó mhaoiniú an Aontais Eorpaigh caiteachas áirithe a thabhaíonn na Ballstáit faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) (IO L, 2025/1147, 13.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1147/oj).

léi, ós rud é nach bhfuil líon agus cineál na n-infheistíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó na bearta sin á dtuairisciú ag na Ballstáit don Choimisiún, nach bhféadfadh an Coimisiún forléargas a thabhairt don údarás um urscaoileadh ar thionscadail tithe aíochta arna gcistiú ag an Aontas; ag tabhairt dá haire go bhfuil iniúchtaí an Choimisiúin ar bhearta forbartha tuaithe bunaithe ar chóras agus nach ndéanann siad measúnú ar dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart aonair; ag aithint an fhreagra i scríbhinn ón gCoimisiún gur ardaíodh torthaí maidir leis an gcóras bainistithe agus rialaithe arna chur chun feidhme ag na Ballstáit i ndáil le tithe aíochta san Ungáir, sa tSlóvaic (beart 6.4) agus sa Ghréig (Leader); á mheas, i bhfianaise líon na líomhaintí calaoise a bhaineann le tithe aíochta, gur cheart don Choimisiún faireachán agus iniúchadh a dhéanamh ar thionscadail aonair tithe aíochta, lena n-áirítear a n-úsáid tar éis thréimhse cur chun feidhme an tionscadail agus breithniú a dhéanamh ar shíneadh a chur leis an tréimhse mharthanachta do thionscadail den chineál sin chun tuilleadh mí-úsáide a chosc chomh maith le dianseiceálacha coinbhleachta leasa a thabhairt isteach mar réamhriachtanas chun cistí an Aontais a leithdháileadh chun tithe aíochta a thógáil;

144. á mheabhrú gur thángthas ar an gcoinbhleacht leasa i gcás iar-Phríomh-Aire na Seice le linn a théarma oifige roimhe sin agus ag meabhrú rún gaolmhar ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Nollaig 2018[12]; ag cur sonrú i bhfreagraí an Choimisiúin i scríbhinn maidir leis na bearta a glacadh mar fhreagairt ar an gcoinbhleacht leasa a eascraíonn as a úinéireacht ar chuideachta sealbhaíochta phríobháideach agus é ina shealbhóir oifige poiblí agus gur chuir an Coimisiún ar fionraí i mí an Mhárta 2020 íocaíocht le haghaidh tionscadal amháin ar fiú EUR 30 606,96 í; ag tabhairt dá haire gur chuir an Coimisiún ceartúchán airgeadais EUR 3,3 milliún i bhfeidhm ar an tSeicia i mí an Mheithimh 2022, ar bhain cuid de (EUR 30 606,96) le staid coinbhleachta leasa an Phríomh-Aire le linn a shainordaithe a tháinig chun deiridh in 2021[13]; á áitiú gur cheart don Choimisiún leanúint d’fhaireachán a dhéanamh ar choinbhleachtaí leasa a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do chistí an Aontais, go háirithe i ndáil le hoifigigh thofa, agus gníomhaíocht a dhéanamh chun buiséad an Aontais a chosaint;

145. ag tabhairt dá haire, tar éis toghcháin náisiúnta, go ndeachaigh rialtas nua i mbun oifige sa tSeicia i mí na Nollag 2025; ag cur sonrú i ráitis phoiblí ón bPríomh-Aire, lena léirítear go bhfuil sé ar intinn aige úinéireacht agus rialú leasanna gnó a d’fhéadfadh tairbhe a bhaint as cistí an Aontais a scaradh trí shocrú iontaobhais a

---

12 Téacsanna arna nglacadh, P8_TA(2018)0530.

13 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/908 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2022 lena n-eisiatar ó mhaoiniú an Aontais Eorpaigh caiteachas áirithe a thabhaíonn na Ballstáit faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) (IO L 157, 10.6.2022, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/908/oj).

líomhnaítear a bheith dochúlaithe a chruthú; ag tabhairt dá haire, áfach, ó lár mhí Eanáir 2026, nár soláthraíodh aon doiciméadacht dhlíthiúil atá ar fáil go poiblí chun bunú éifeachtach agus coimircí oibríochtúla na socruithe sin a léiriú agus go leanann Príomh-Aire na Seicia, faoi láthair, de bheith ina úinéir ar Agrofert agus ar leasanna gnó eile a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as cistí an Aontais; á chur i bhfáth nach leor fógra a thabhairt faoi shocruithe a bheidh ann amach anseo chun deireadh a chur le hábhair imní maidir le coinbhleacht leasa; á áitiú, le haon socrú a bheidh ann amach anseo, nach mór a áirithiú go gcuirfear deireadh le leasanna eacnamaíocha agus tionchar eacnamaíoch go héifeachtach, i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le coinbhleacht leasa; á chur in iúl gur geal léi na tuairiscí ar na meáin le déanaí gur iarr an Coimisiún go foirmiúil faisnéis mhionsonraithe ar údaráis na Seice maidir leis na bearta a cuireadh i bhfeidhm chun coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a chosc i ndáil le cuideachtaí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú an Phríomh-Aire, agus gur iarr sé dearbhuithe nach ndíreofar aon chistí breise de chuid an Aontais ar Agrofert go dtí go ndéanfar an staid a shoiléiriú go hiomlán;

146. á mheabhrú go bhfuil an aeráid agus an bhithéagsúlacht ar dhá cheann de na tosaíochtaí beartais cothrománacha do bhuiséad an Aontais 2021-2027; ag tabhairt dá haire go sainmhíníonn an Coimisiún príomhshruthú aeráide agus bithéagsúlachta mar bhreithniú córasach ar chuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta agus gach clár caiteachais á cheapadh, á ullmhú, á chur chun feidhme agus á mheas;

147. á mheabhrú gur bunaíodh le Comhaontú Idirinstitiúideach 2020 sprioc cheangailteach 30 % do chaiteachas aeráide, ach nach bhfuil ann ach 'uaillmhian' bhliantúil 7,5 % in 2025 agus 10 % in 2026 agus 2027 do chaiteachas bithéagsúlachta; ag tabhairt dá haire go rianaíonn an Coimisiún caiteachas an Aontais ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an aeráid agus leis an mbithéagsúlacht trí bhíthin modheolaíochtaí tiomnaithe; á chur i bhfáth gur córais chlibeála ex ante iad na modheolaíochtaí rianaithe aeráide agus bithéagsúlachta atá bunaithe ar an éifeacht a mheastar a bheidh ag gníomhaíochtaí agus nach gcuirtear torthaí san áireamh leo; á mheabhrú go bhfuil breithniú ar an tosaíocht sin i ngach céim den timthriall buiséadach i gceist le príomhshruthú tosaíochtaí i mbuiséad an Aontais; á chur i bhfios go láidir, dá bhrí sin, nach bhfuil sa rianú ar chaiteachas a bhaineann le cuspóirí aeráide nó bithéagsúlachta ach céim amháin i dtimthriall cuimsitheach buiséadaithe ghlais, ina ndéantar cuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta a mheas ar feadh shaolré iomlán an bhuiséid;

148. ag tabhairt dá haire, agus a mhodheolaíochtaí rianaithe aeráide agus bithéagsúlachta á gcur i bhfeidhm aige, go ríomhann an Coimisiún go bhfuil an tAontas ar an mbóthar ceart chun a sprioc 30 % maidir le caiteachas aeráide do 2021-2027 agus a uaillmhian 7,5 % maidir le caiteachas bithéagsúlachta do 2024 a bhaint amach; á chur in iúl gur

oth léi nach bhfuil sé ar an mbóthar ceart chun a uaillmhian maidir le caiteachas bithéagsúlachta de 10 % do 2026 agus 2027 a bhaint amach; ag tabhairt dá haire go bhfuil meánbhearna bhliantúil mhaoiniúcháin EUR 21,4 billiún ann chun spriocanna bithéagsúlachta an Aontais a bhaint amach[14]; á chur i bhfios go láidir nach mór éifeachtacht fheabhsaithe agus faireachán níos fearr ar thorthaí bithéagsúlachta a bheith ag gabháil le leithdháiltí buiséadacha méadaithe, agus é á áirithiú ag an am céanna nach n-eascraíonn ualaí riaracháin díréireacha ar fheirmeoirí agus ar údaráis áitiúla as na hathruithe sin;

149. á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur chinn an Chúirt, i roinnt iniúchtaí, go raibh rannchuidiú chistí an Aontais le cuspóirí aeráide doiléir agus go bhféadfadh sé go ndearnadh rómheastachán air mar gheall ar laigí i modheolaíochtaí rianaithe an Choimisiúin; á mheabhrú gur chinn an Chúirt ina tuarascáil speisialta 09/2022 maidir le caiteachas aeráide i mbuiséad 2014-2020 an Aontais go ndearnadh rómheastachán EUR 72 bhilliún ar rannchuidiú aeráide bhuiséad an Aontais faoi CAI 2014-2020, ós rud é nach raibh an caiteachas tuairiscithe ábhartha i gcónaí don ghníomhú ar son na haeráide, lena n-áirítear faoi CBT; á chur in iúl gurb eol di, mar fhreagairt ar an tuarascáil speisialta thuas, gur choimisiúnaigh an Coimisiún staidéar d’fhonn cur chuige níos eolaíche a bhunú chun rannchuidiú aeráide CBT a chainníochtú agus á mheas gur cheart an staidéar a chur ar fáil don phobal; á chur in iúl go bhfuil sí ag tnúth le measúnú na Cúirte a fháil ar obair leantach an Choimisiúin ar a mholtaí a rinneadh i dtuarascáil speisialta 09/2022 in 2026;

150. ag cur sonrú sa fhreagra i scríbhinn ón gCoimisiún gur tháinig laghdú 3 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa talmhaíochta san Aontas ó 2021 go 2023, agus gur tháinig laghdú 16 % ar na hastaíochtaí sin don soláthar fuinnimh agus don tionscal fuinnimh; á mheas nach mór do gach réimse beartais agus gníomhaíocht rannchuidiú go cothrom le hastaíochtaí a laghdú; ag cur sonrú i dTuarascáil Speisialta 20/2024 ón gCúirt maidir le Pleananna an Chomhbheartais Talmhaíochta, agus sa fhreagra ón gCoimisiún; go háirithe, ag cur sonrú i measúnú na Cúirte gur feabhas iad Pleananna Straitéiseacha CBT 2023-2027 i gcomparáid leis an gclárthréimhse roimhe sin, lena n-áirítear maidir le breithnithe aeráide agus comhshaoil, cé go bhféadfaí an creat faireacháin agus feidhmíochta a neartú a thuilleadh; á chur in iúl gur geal léi go molann an Chúirt don Choimisiún freisin meastachán a dhéanamh ar rannchuidiú CBT le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais agus creat faireacháin CBT a bheidh ann amach anseo a neartú d’fhonn a rannchuidiú le spriocanna aeráide agus comhshaoil an Aontais a fheabhsú; á mheas nár cheart go mbeadh ualach breise riaracháin ar fheirmeoirí ná ar

---

14 An Coimisiún Eorpach, 2022, *Biodiversity financing and tracking: final report* [Maoiniú agus rianú na bithéagsúlachta: tuarascáil chríochnaitheach], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg (https://data.europa.eu/doi/10.2779/950856).

údaráis bhainistíochta mar thoradh ar fheabhsuithe ar an gcreat faireacháin agus feidhmíochta;

151. ag cur sonrú i dtuarascáil speisialta 14/2024 ón gCúirt dar teideal ‘An tAistriú Glas – Doiléire faoin rannchuidiú ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta’ agus sa fhreagra ón gCoimisiún; ag cur sonrú i dtorthaí na Cúirte ina leagtar béim ar laigí agus ar theorainneacha i ndearadh agus i gcur chun feidhme STA a mhéid a bhaineann le tomhas a rannchuidithe le cuspóirí aeráide agus comhshaoil; á thabhairt dá haire gur chinn an Chúirt go bhfuil leibhéal ard neastacháin ag baint le rianú an chaiteachas aeráide agus go bhféadfadh rómheastacháin a bheith ann mar thoradh ar roinnt comhéifeachtaí; á chur in iúl gur geal léi go molann an Chúirt don Choimisiún modheolaíochtaí a bheachtú a thuilleadh chun meastachán a dhéanamh ar chaiteachas aeráide in ionstraimí cistiúcháin amach anseo agus na ceachtanna a ionchorprú i ndearadh ionstraimí cistiúcháin amach anseo lena dtacófar leis na cuspóirí agus na spriocanna aeráide agus comhshaoil;

152. ag cur sonrú i dTuarascáil Speisialta 15/2024 ón gCúirt maidir leis an oiriúnú don athrú aeráide san Aontas, agus i bhfreagra an Choimisiúin; á chur in iúl gur mór aici conclúid na Cúirte go raibh creat foriomlán an Aontais don bheartas oiriúnúcháin fónta; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an toradh gur bhain na Ballstáit úsáid uaireanta as sonraí eolaíocha a bhí as dáta dá ndoiciméid straitéise náisiúnta um oiriúnú agus nach raibh tuairisciú na mBallstát ar oiriúnú don athrú aeráide leordhóthanach agus nach raibh mórán luacha ag baint leis ó thaobh dul chun cinn a rianú; á chur in iúl gur cúis díomá di cinntí na Cúirte gur beag tionchar nó nach raibh aon tionchar ag aon trian de na tionscadail shampláilte ar chumas oiriúnaitheachta a mhéadú agus go bhfuil baol ann go bhféadfadh mí-oiriúnú a bheith mar thoradh ar dhá thionscadal (as 36 cinn); á chur in iúl gur geal léi go molann an Chúirt freisin don Choimisiún feabhas a chur ar an tuairisciú ar oiriúnú don athrú aeráide trí tháscairí coiteanna chun dul chun cinn a thomhas agus chun obair leantach a dhéanamh ar na laigí a sainaithníodh;

153. á mheabhrú nach mór do chaiteachas uile an Aontais an prionsabal cothrománach ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ a chomhlíonadh, ar prionsabal é a leagtar síos i bpointe 16 den Chomhaontú Idirinstitiúideach, ina sonraítear nár cheart do chaiteachas an Aontais dochar a dhéanamh do na sé chuspóir comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 17 den Rialachán[15] maidir le Tacsanomaíocht, mar atá, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, úsáid inbhuanaithe agus cosaint acmhainní uisce, an geilleagar ciorclach,

---

15 Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj).

cosc agus rialú ar thruailliú, agus cosaint na bithéagsúlachta; á mheas, i bhfianaise thorthaí athfhillteacha na Cúirte, gur cheart éifeachtaí diúltacha comhshaoil chaiteachas an Aontais a rianú agus tuairisciú a dhéanamh orthu freisin;

154. á mheabhrú gur príomhghné den Chomhaontú Glas don Eoraip é Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE) agus go bhfuil sé ar cheann de na príomhionstraimí chun uaillmhian aeráide an Aontais a bhaint amach; á chur in iúl gur díol sásaimh di gur ghin an CTA AE EUR 43,6 billiún d'ioncam le haghaidh infheistíochtaí sa ghníomhú ar son na haeráide sa bhliain roimhe sin, de réir Thuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí 2024 na hArd-Stiúrthóireachta um Ghníomhú ar son na hAeráide (AS CLIMA), agus gur soláthraíodh EUR 7,4 billiún den mhéid sin do Chiste Nuálaíochta CTA agus don Chiste don Nuachóiriú agus gur soláthraíodh EUR 2,8 billiún do STA, ar cistí iad a úsáideann na Ballstáit chun an t-aistriú chuig fuinneamh glan a chur chun cinn agus slándáil fuinnimh a threisiú; ag cur sonrú i dtoradh iniúchadh SII 2024 maidir le cur chun feidhme CTA AE agus an faireachán a dhéantar air, in ainneoin an ualaigh oibre throm, an chreata dhlíthiúil chasta agus na n-acmhainní ganna a n-oibríonn siad leo, gur léirigh baill foirne AS CLIMA tiomantas dá gcúraimí a chomhlíonadh agus toilteanas éifeachtúlacht na bpróiseas a bhaineann le CTA AE a fheabhsú; á chur in iúl gur mór aici an deimhniú i scríbhinn ón gCoimisiún go bhfuil sé ar intinn ag AS CLIMA aghaidh a thabhairt ar fhormhór na moltaí iniúchóireachta inmheánaí faoi 2025 agus ar gach ceann acu faoi lár 2028;

155. á mheabhrú gur eisigh AS CLIMA, ó bhí 2010 ann, forchoimeádas i ngach ceann dá thuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí maidir le forais chlú, dhlíthiúla agus/nó airgeadais a bhaineann le laigí slándála arna sainaithint i gClárlann an Aontais le haghaidh CTA AE, ar forchoimeádas é a coinníodh ar bun i dTuarascáil Bhliantúil 2024 ar Ghníomhaíochtaí; á chur in iúl gur saoth léi nár tugadh aghaidh ar na laigí bunúsacha ó bhí 2010 ann; á chur in iúl gur cúis mhór imní di an soiléiriú i scríbhinn ón gCoimisiún go bhfuil dlúthbhaint ag an leibhéal riosca le luach na sócmhainní a láimhseálann CTA AE, a bhfuil méadú deich n-oiread tagtha orthu ó bhí 2017 ann, agus atá níos measa fós mar gheall ar an gcomhthéacs geopholaitiúil atá ag dul in olcas; á chur i bhfios go láidir, cé nach féidir tionchar airgeadais an fhorchoimeádais do 2024 a chainníochtú, tráth Thuarascáil Bhliantúil 2024 ar Ghníomhaíochtaí ó AS CLIMA, go raibh lamháltais dar luach os cionn EUR 200 billiún ag Clárlann an Aontais ag praghsanna reatha;

156. ag cur sonrú sa fhreagra i scríbhinn ón gCoimisiún, agus é ina ábhar imní di, gur sháraigh luas éabhlóid na timpeallachta riosca go córasach an luas faoina raibh an Coimisiún in ann bearta slándála a fheabhsú; á chur in iúl go dtuigeann sí, i measúnú an Choimisiúin, nach féidir an riosca slándála a shainaithnítear i gClárlann an Aontais le haghaidh CTA AE a réiteach ach amháin le leibhéal méadaithe caiteachais agus, ar deireadh, trí Chlárlann an Aontais a

sheachtrú; á chur in iúl gur cúis uafáis di go bhfuil an togra chun aghaidh a thabhairt ar laigí slándála Chlárlann an Aontais ina stad go príomha mar gheall ar neamh-infhaighteacht acmhainní iomchuí daonna agus airgeadais; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur thug an Coimisiún freagra i scríbhinn gur cheart go dtiocfadh na hacmhainní sin ó tháillí in aghaidh seirbhísí a thabhairt isteach do na Ballstáit chun oibriú CTA AE a mhaoiniú, ach ós rud é gur gá bunús dlí oiriúnach chun táille seirbhíse a thabhairt isteach a mholadh ar dtús sa Treoir maidir le Córas Trádála Astaíochtaí, go measann an Coimisiún nach féidir teacht ar réiteach roimh 2028; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach acmhainní iomchuí a chur ar fáil gan mhoill chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí móra airgeadais, dlíthiúla agus clú don Aontas a bhaineann le laigí slándála Chlárlann an Aontais;

157. á mheabhrú gur bunluachanna de chuid an Aontais iad an daonlathas agus an t-iolrachas a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE; á mheabhrú, thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 11 CAE, go dtabharfaidh institiúidí an Aontais an deis do shaoránaigh agus do chomhlachais ionadaíocha a dtuairimí a chur in iúl agus a mhalartú go poiblí i ngach réimse de ghníomhaíocht an Aontais chun idirphlé oscailte, trédhearcach agus rialta a choinneáil ar bun;

158. ag aithint a thábhachtaí atá an clár LIFE, arb é an t-aon chlár neamhspleách de chuid an Aontais don chomhshaol agus do ghníomhú ar son na haeráide, chun tacú le caomhnú an dúlra, le tionscnaimh maidir leis an ngeilleagar ciorclach, leis an ngníomhú ar son na haeráide agus leis an aistriú chuig fuinneamh glan, agus ar bhonn níos leithne chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn ar fud an Aontais; á mheabhrú go bhforáiltear i bhforálacha Rialachán LIFE, lena n-áirítear Airteagal 11(6), go bhféadfaidh deontais oibriúcháin tacú le feidhmiú eintiteas neamhbhrabúis atá gníomhach i bhforbairt, i gcur chun feidhme agus i bhforfheidhmiú reachtaíocht agus bheartas an Aontais; á chur i bhfáth, áfach, nach mór deontais oibriúcháin den sórt sin a chur chun feidhme agus ceanglais dhlíthiúla, airgeadais agus trédhearcachta an Aontais á gcomhlíonadh go docht; á chur i bhfáth, thairis sin, a thábhachtaí atá coimircí soiléire chun a áirithiú go n-úsáidfear cistí an Aontais go heisiach le haghaidh na gcuspóirí a shainítear sa chlár; ag tabhairt dá haire gurb é atá sna deontais oibriúcháin a leithdháiltear ar ENRanna faoin gClár LIFE thart ar 1 % de bhuiséad iomlán an chláir; á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán láidir, cuntasacht iomlán agus trédhearcacht a áirithiú maidir le húsáid chistí an Aontais, lena n-áirítear gníomhaíochtaí abhcóideachta;

159. ag cur sonrú sna hábhair imní a léirigh Feisirí Eorpacha áirithe maidir le húsáid deontas oibriúcháin agus gníomhaíochta LIFE ag tairbhithe áirithe, amhail eagraíochtaí sochaí sibhialta agus cuideachtaí; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá trédhearcacht iomlán maidir leis na tairbhithe agus na gníomhaíochtaí a mhaoinítear, faireachán leanúnach agus, i gcás inar gá, soiléiriú breise ar na

coimircí atá i bhfeidhm chun a áirithiú go n-úsáidfear cistí an Aontais go heisiach le haghaidh na gcuspóirí a shainítear sa chlár;

160. ag tabhairt dá haire go léirítear in athbhreithniú ar chonarthaí cistiúcháin faoin nós imeachta um urscaoileadh go bhféadfadh gníomhaíochtaí a bhaineann le tionchar a imirt ar bheartas poiblí nó ar chinnteoireacht phoiblí tarlú i gcatagóirí éagsúla tairbhithe, lena n-áirítear ENRanna; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, i gcásanna áirithe, go bhféadfadh sé go mbeadh cinnteoirí de chuid an Aontais ina suí ar bhoird cuideachtaí a fhaigheann cistiú ón Aontas agus go mbeadh luach saothair á fháil acu ag an am céanna le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin; á chur i bhfáth nach mór a áirithiú le coimircí go gcoiscfear aon choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann agus go ndéanfar cistí an Aontais a bhainistiú go trédhearcach, gan beann ar an gcineál tairbhí; á thabhairt chun suntais gur gá formhaoirseacht agus fíorú comhsheasmhach a áirithiú ar fud na dtairbhithe uile chun a ráthú go gcomhlíonfar treoraíocht 2024 ón gCoimisiún maidir le gníomhaíochtaí lena dtacaítear le forbairt, cur chun feidhme, faireachán agus forfheidhmiú reachtaíocht agus bheartas an Aontais; á mholadh, dá bhrí sin, go gcruthófaí próiseas athbhreithnithe caighdeánaithe d'iarratais ar dheontais oibriúcháin, agus mar chuid den phróiseas, go mbeadh beirt chomhaltaí ar a laghad den Choimisiún nó d'fhoireann na gníomhaireachta ag léamh agus ag athbhreithniú tograí iarratais agus go ndéanfaí sraith chaighdeánaithe rialacha a chruthú maidir le saineolaithe seachtracha a roghnú do bhord meastóireachta na ndeontas oibriúcháin;

Moltaí

161. á iarraidh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) i gcomhar leis na Ballstáit, na hacmhainní airgeadais agus daonna is gá a chur ar fáil chun réiteach práinneach a fháil ar na laigí suntasacha slándála atá fós ann arna sainaithint i gClárlann an Aontais de CTA AE;

(ii) tacaíocht a chur ar fáil do na Ballstáit chun éiciscéimeanna a shimpliú, mar a mhol an Chúirt, gan a n-uaillmhian chomhshaoil a ísliú;

(iii) tacú leis na Ballstáit tástáil agus uasghrádú a dhéanamh ar na córais TF a úsáidtear chun na tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht a tháirgeadh, chun a áirithiú go gcomhlíonann siad na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme maidir le slándáil faisnéise;

(iv) an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas faoi rátaí aisghabhála caiteachais talmhaíochta faoi CBT 2023-2027, agus machnamh a dhéanamh ar dhreasachtaí nua a thabhairt isteach do na Ballstáit chun cistí a aisghabháil;

(v) in éineacht leis na Ballstáit, dlús a chur le heisíocaíochtaí CETFT agus bearta a shlógadh chun ionsú a mhéadú i gcás ina bhfuil moilleanna fós ann, rud lena n-áiritheofar tacaíocht chothrom ar fud na réigiún uile;

(vi) á iarraidh ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit cistí a dhíriú ar bhearta coisctheacha ardluacha (e.g. bainistiú tírdhreacha, dóiteánbhealaí talmhaíochta a chothabháil, ithreacha díghrádaithe a athbhunú, vacsaíní tréidliachta a cheannach agus a sholáthar) agus scaipeadh dea-chleachtas agus tionscadal éifeachtach talmhaíochta ar fud na mBallstát a chur chun cinn;

(vii) feabhas a chur ar bhainistiú fhónta airgeadais an CBT reatha agus an CBT a bheidh ann amach anseo trína áirithiú nach gcuirtear tacaíocht ioncaim dhíreach ar fáil ach d'fheirmeoirí gníomhacha, agus béim ar leith á leagan orthu siúd is mó atá i ngátar, amhail feirmeacha beaga agus feirmeacha teaghlaigh, feirmeacha i limistéir a bhfuil dúshláin nádúrtha nó dúshláin shonracha eile ag baint leo, feirmeoirí óga agus banfheirmeoirí;

(viii) gach beart féideartha a thabhairt isteach arb éard is aidhm dóibh ná drochthionchair chomhaontú AE-Mercosur ar thalmhaíocht na hEorpa agus ar staid mhargaidh tháirgeoirí na hEorpa a laghdú, agus faireachán iontaofa a dhéanamh ar scála agus ar éifeachtaí iarbhír na dtionchar sin;

(ix) iniúchtaí airgeadais agus comhlíontachta a dhéanamh ar thionscadail tithe aíochta arna gcistiú ag an Aontas ar bhonn riosca;

(x) dlúthfhaireachán a dhéanamh ar úsáid tionscadal tithe aíochta atá maoinithe ag an Aontas thar thréimhse cur chun feidhme an tionscadail agus breithniú a dhéanamh ar shíneadh na tréimhse marthanachta do na cineálacha tionscadal sin chun mí-úsáid leanúnach a chosc chomh maith le seiceálacha dochta ar choinbhleachtaí leasa a thabhairt isteach mar réamhriachtanas le haghaidh leithdháileadh cistí de chuid an Aontais chun tithe aíochta a thógáil;

(xi) sonraí a bhailiú ó údaráis na mBallstát maidir le líon na dtionscadal tithe aíochta arna gcistiú ag buiséad an Aontais ó bhí 2021 ann, lena léirítear freisin aon neamhrialtacht a braitheadh, agus an fhaisnéis sin a roinnt leis an údarás um urscaoileadh;

(xii) faireachán a dhéanamh ar choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chistí an Aontais, agus a áirithiú go réiteofar coinbhleachtaí leasa go hiarbhír, lena n-áirítear do Chomhaltaí na Comhairle Eorpaí agus a áirithiú, go háirithe, nach n-íocfar aon chistí de chuid an Aontais, go díreach nó go

hindíreach, le haon tairbhithe i gcás inar sainaithníodh coinbhleacht leasa agus nár réitíodh go follasach agus go hinfhíoraithe í;

(xiii) an litir a seoladh chuig údaráis na Seicia a roinnt leis an údarás um urscaoileadh chun staid coinbhleachta leasa an Phríomh-Aire a shoiléiriú agus chun é a choinneáil ar an eolas go hiomlán faoi aon bheart leantach, lena n-áirítear an fhéidearthacht nós imeachta iniúchóireachta a sheoladh;

(xiv) na doiciméid ábhartha uile a bhaineann le hobair leantach an Choimisiúin ar chás OPEKEPE a roinnt leis an údarás um urscaoileadh, lena n-áirítear an plean gníomhaíochta cothrom le dáta agus an measúnú a rinne an Coimisiún air, faoi mhódúlachtaí rúnda sonracha, más gá;

(xv) tarraingt ar cheachtanna a foghlaimíodh ó chás OPEKEPE, córas rialaithe chistí talmhaíochta an Aontais a neartú, gníomhaíochtaí rialaithe an Choimisiúin a threisiú dá réir sin agus tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir leis na bearta a rinneadh;

(xvi) feabhas a chur ar a mhodheolaíocht a úsáidtear chun caiteachas an Aontais ar ghníomhaíochtaí CAI 2021-2027 a bhaineann leis an aeráid agus leis an mbithéagsúlacht a rianú, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar na moltaí ábhartha a rinneadh i dtuarascálacha speisialta na Cúirte chomh maith le feabhas a chur ar an bhfaireachán agus ar an tuairisciú a dhéantar ar thorthaí iarbhír infheistíochtaí agus ar éifeachtaí diúltacha chaiteachas an Aontais ar chuspóirí comhshaoil agus bithéagsúlachta;

(xvii) a áirithiú go gcuirfear breithnithe aeráide agus comhshaoil san áireamh sa chéad CAI eile;

(xviii) plean tiomnaithe mionsonraithe a mholadh chun a áirithiú go gcomhlíonfar an sprioc maidir le caiteachas bithéagsúlachta a socraíodh do na blianta 2026 agus 2027, uirlisí airgeadais a chothú chun an bhearna mhaoiniúcháin a dhúnadh agus reachtaíocht chomhshaoil a chur chun feidhme go hiomlán agus gníomhú ar son na bithéagsúlachta a phríomhshruthú i bpríomhearnálacha chun spriocanna beartais a bhaint amach, lena n-áirítear d’fhonn maoiniú a chur ar fáil chun an Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra a chur chun feidhme;

(xix) leanúint dá fhíorú go gcomhlíonann comhaontuithe cistiúcháin le gach cineál tairbhí an treoraíocht ón gCoimisiún ó mhí na Bealtaine 2024 maidir le cistiú le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt, cur chun feidhme, faireachán agus forfheidhmiú reachtaíocht agus bheartas an Aontais;

(xx) a áirithiú go gcomhlíonfar go docht Airteagal 61 den Rialachán

Airgeadais trí choinbhleachtaí leasa a chosc, a shainaithint agus a bhainistiú go héifeachtach agus comhaontuithe deontais á dtabhairt i gcrích, go háirithe le tairbhithe a fhostaíonn nó a thugann luach saothair do chinnteoirí an Aontais;

(xxi) a áirithiú go n-urramóidh gach comhaontú deontais, lena n-áirítear deontais oibriúcháin, na ceanglais is gá a bhaineann le trédhearcacht, inrianaitheacht agus infheictheacht cistí;

(xxii) fíorú rioscabhunaithe ar chomhlíontacht na bhfaighteoirí le luachanna an Aontais a ionchorprú ina seiceálacha agus ina gcórais, chun sáruithe a d'fhéadfadh a bheith ann a bhrath;

Imirce agus Bainistiú Teorainneacha

162. á thabhairt dá haire gur EUR 3.4 billiún (1.8 % de chaiteachas bhuiséad an Aontais) a bhí sa bhuiséad in 2024 do na cláir faoi cheannteideal 4 de CAI ‚'Imirce agus Bainistiú Teorainneacha' a dáileadh mar seo a leanas: EUR 1,4 billiún (40,1 %) don Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF), EUR 1,3 billiún (37,7 %) le haghaidh trí ghníomhaireacht dhíláraithe, an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (FRONTEX), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (EU-LISA); agus EUR 0,8 billiún (22,2 %) don Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha (CBCT), atá comhdhéanta den Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IBTV) agus den Ionstraim um Threalamh Rialaithe Custaim (ITRC);

163. á mheabhrú gur ghá cistiú AMIF do 2014-2020 a chaitheamh faoi mhí an Mheithimh 2024 agus gur ghá na cuntais chríochnaitheacha a thíolacadh faoin 31 Nollaig 2024; ag cur sonrú i gcinneadh na Cúirte go raibh, tráth a n-iniúchta, méid ábhartha de chistiú AMIF 2014-2020 fós le himréiteach (12 % nó EUR 528 milliún) go dtí go nglacfadh an Coimisiún leis na cuntais chríochnaitheacha sin; ag aithint fhreagra an Choimisiúin gurbh é a bhí sa chaiteachas iomlán a dhearbhaigh na Ballstáit le linn na tréimhse 2014-2020, lena n-áirítear na cuntais chríochnaitheacha a thíolacadh, 94 % de AMIF;

164. á thabhairt dá haire gur scrúdaigh an Chúirt sampla de 23 idirbheart, a mheas sí nach raibh mór go leor chun bheith ionadaíoch don chaiteachas faoi cheannteidil 4 agus 5 de CAI agus, dá bhrí sin, nach féidir léi meastachán ar leithligh a thabhairt ar an ráta earráide do na ceannteidil sin; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go léiríonn torthaí iniúchóireachta na Cúirte go ndéanann earráidí difear don chaiteachas faoi cheannteidil 4 agus 5 CAI mar gheall ar shaincheisteanna incháilitheachta agus soláthair agus mar gheall ar an easpa doiciméad tacaíochta agus, dá bhrí sin, go meastar gur réimse ardriosca é (bhí tionchar ag earráidí ar 8 n-idirbheart as 23

idirbheart a ndearnadh iniúchadh orthu); á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur bhraith an Chúirt trí earráid inchainníochtaithe a raibh tionchar airgeadais acu ar bhuiséad an Aontais, seacht gcás de neamhchomhlíonadh forálacha dlíthiúla agus airgeadais (nach raibh aon tionchar díreach airgeadais acu ar bhuiséad an Aontais) agus dhá idirbheart nár chomhlíon prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais mar gheall ar chosaint neamhleor trealaimh arna chistiú ag an Aontas agus aisíoc cánach breisluacha le comhlachtaí poiblí os cionn costais a tabhaíodh contrártha do threoraíocht an Choimisiúin; á thabhairt dá haire go measann an Coimisiún gur 1,3 % a bheidh sa riosca tráth íocaíochta in 2024 le haghaidh an chaiteachais ar imirce agus ar bhainistiú teorainneacha;

165. á chur in iúl gur díol sásaimh di conclúid na Cúirte gur thug an Coimisiún aghaidh go hiomlán ar dhá mholadh a rinne an Chúirt ina Tuarascáil Bhliantúil 2021 agus ar mholadh amháin a rinneadh ina Tuarascáil Bhliantúil 2022, a bhaineann le treoraíocht bhreise a chur ar fáil do thairbhithe de ghníomhaíocht an Aontais agus de chúnamh éigeandála agus le seiceálacha *ex ante* níos spriocdhírithe a dhéanamh; á chur in iúl gur mór aici gur glacadh an straitéis rialaithe athbhreithnithe do thionscadail Cúnaimh Éigeandála a cuireadh chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach san Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile (AS HOME) i mí na Nollag 2024;

166. a chur in iúl go bhfuil sí míshásta leis an bhfíoras go bhfuil deacrachtaí fós ag an gCúirt an doiciméadacht is gá a fháil chun a sainordú a chur i gcrích ó eagraíochtaí idirnáisiúnta a chuireann tionscadail arna gcistiú ag an Aontas chun feidhme; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur theorannaigh roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta rochtain na Cúirte ar dhoiciméid do chomhairliúchán leictreonach sealadach i dtimpeallacht amhairc amháin agus ag cur sonrú i gconclúid na Cúirte go léiríonn sé sin easpa beachtais i socruithe conarthacha an Choimisiúin le heagraíochtaí idirnáisiúnta; ag cur sonrú sa fhreagra ón gCoimisiún go measann sé go gcuireann na comhaontuithe conarthacha atá ann cheana leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta creat ar fáil cheana féin chun inrochtaineacht doiciméad a áirithiú ar bhealach lena gceadaítear na seiceálacha is gá; á chur in iúl gur oth léi nár ghlac an Coimisiún go hiomlán leis an moladh ón gCúirt aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist athfhillteach sin, go háirithe ós rud é gur ann fós do dheacrachtaí na Cúirte maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar eagraíochtaí idirnáisiúnta a chuireann tionscadail arna gcistiú ag an Aontas chun feidhme ó rinneadh iniúchadh ar an mbliain airgeadais 2018; á áitiú nach mór do shocruithe conarthacha an Choimisiúin le comhpháirtithe cearta iniúchóireachta iomlána na Cúirte a ráthú, lena n-áirítear an cumas an fhianaise is gá le haghaidh iniúchóireachta, athbhreithniú, rialú cáilíochta agus obair leantach a íoslódáil agus a choinneáil;

167. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur eisíodh dhá fhorchoimeádas maidir leis an ráiteas dearbhaithe i dTuarascáil

Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí AS HOME do 2024; ag tabhairt dá haire go mbaineann forchoimeádas amháin le cur chun feidhme chláir AMIF 2014-2020 agus chláir CSI i roinnt Ballstát mar gheall ar easnaimh thromchúiseacha i gcórais bhainistíochta agus rialaithe do na cláir sin arna mbrath ag AS HOME; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go mbaineann an forchoimeádas eile le cláir AMIF 2021-2027, IBTV agus CSI i roinnt Ballstát mar gheall ar easnaimh thromchúiseacha i gcórais bhainistíochta agus rialaithe na gclár sin;

168. á thabhairt dá haire gur chuir na Ballstáit a gcéad chuntais bhliantúla náisiúnta isteach le haghaidh chláir AMIF agus IBTV 2021-2027 in 2024; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go ndearna an Chúirt athbhreithniú ar obair cúig údarás iniúchóireachta i ndáil lena dtuarascálacha bliantúla ar rialú agus lena n-iniúchtaí ar chaiteachas AMIF agus IBTV; á chur in iúl gur díol sásaimh di torthaí na Cúirte gur fhorbair agus gur chuir na húdaráis iniúchóireachta nósanna imeachta mionsonraithe de cháilíocht leordhóthanach chun tuairisciú a dhéanamh ar a gcuid oibre sa tuarascáil bhliantúil rialaithe;

169. ag tabhairt dá haire, thairis sin, i gconclúid na Cúirte go raibh cláir iniúchóireachta mhionsonraithe ag na húdaráis iniúchóireachta a ndearna sí athbhreithniú orthu agus gur bhain siad úsáid as na seicliostaí chun tacú lena gconclúidí; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur thug an Chúirt faoi deara freisin roinnt laigí in obair na n-údarás iniúchóireachta; á aithint gur ghlac an Coimisiún leis an moladh ón gCúirt obair leantach a dhéanamh ar na heasnaimh in obair na n-údarás iniúchóireachta;

170. á chur in iúl gur cúis imní di go bhfuil sé deacair sonraí mionsonraithe agus cuimsitheacha a fháil maidir le caiteachas ar ghnóthaí baile an Aontais, go háirithe faoi bhainistíocht chomhroinnte na mBallstát, rud a chuireann bac ar an údarás buiséadach agus ar an údarás um urscaoileadh formhaoirseacht fhónta a dhéanamh; á iarraidh go mbeadh níos mó trédhearcachta ann ina leith sin;

171. á chur in iúl gur díol sásaimh di glacadh an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann in 2024 agus á mheabhrú gur buncloch é a chur chun feidhme faoin gcóras nua bainistíochta imirce agus tearmainn san Aontas, a bheidh i bhfeidhm i lár 2026 i ngach Ballstát; á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, leithdháileadh EUR 2 bhilliún breise ar cheannteideal 4 CAI do 2024-2027 i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma ar CAI 2021-2027, d’fhonn cur chun feidhme iomlán rialacha nua an Chomhshocraithe a chumasú agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin mhéadaitheacha maidir le himirce agus bainistiú teorainneacha a eascraíonn as an gcomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cistiú leordhóthanach a áirithiú chun é a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear nósanna imeachta teorann nua, agus, dá bhrí sin, á chur in iúl gur mór aici na freagraí i scríbhinn ón gCoimisiún lena ndeimhnítear go bhfuil EUR 3 bhilliún

breise curtha ar fáil aige faoi AMIF agus IBTV do na blianta 2025-2027 chun, *inter alia*, tacú leis na Ballstáit a bhfuil daoine atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin á n-óstáil acu;

172. á chur i bhfáth gur colún den Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann é teorainneacha seachtracha an Aontais a bhainistiú agus gur réamhchoinníoll riachtanach é le haghaidh limistéar feidhmiúil saorghluaiseachta Schengen; á aithint go bhfónann tionscadail arna gcistiú ag an Aontas a thacaíonn le cosaint na teorann seachtraí chun an brú ar chosaint na dteorainneacha inmheánacha a mhaolú, mar a luaigh an Coimisinéir um an mBuiséad agus Comhrac Calaoise agus um an Riarachán Poiblí ina éisteacht sa Choiste um Rialú Buiséadach an 8 Nollaig 2025; á aithint, cé gur tháinig laghdú 38 faoin gcéad ar líon foriomlán na n-imirceach a tháinig isteach go neamhrialta san Aontas in 2024, gur tháinig athrú ar phatrúin ar fud na mór-roinne agus go bhfuil méaduithe suntasacha tagtha ar bhealaí áirithe, go háirithe bealach Theorainneacha an Oirthir, inar tuairiscíodh méadú faoi thrí ar thrasnuithe in 2024; á thabhairt faoi deara gur féidir le IBTV tacú leis na Ballstáit túslíne a áirithiú go bhfuil na hacmhainní acu le haghaidh an bhonneagair, na saoráidí agus na suiteálacha is gá chun teorainneacha seachtracha an Aontais a dhaingniú, lena n-áirítear feabhsuithe leictreonacha slándála teorann agus uirlisí eile le haghaidh faireachas teorann dá bhforáiltear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán IBTV;

173. á áitiú gur gá don Aontas cosaint níos fearr a thabhairt do dhaoine leochaileacha ar líonraí smuigleála agus gáinneála, aghaidh a thabhairt ar ionsaithe hibrideacha agus ar ionstraimiú na himirce ag tríú tíortha nó ag gníomhaithe naimhdeacha neamhstáit; ag tabhairt dá haire, tar éis ghlacadh na Teachtaireachta ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2024[16], go bhfuil thart ar EUR 520 milliún leithdháilte ag an gCoimisiún ar na Ballstáit a bhfuil teorainn acu leis an Rúis agus leis an mBealarúis trí IBTV, chun acmhainneachtaí bainistithe teorainneacha a neartú agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an tslándáil agus leis an imirce; á thabhairt chun suntais, go háirithe, gur gá tacú leis na Ballstáit túslíne chun teorainneacha seachtracha an Aontais a dhaingniú;

174. ag tabhairt ómós do Mateusz Sitek, garda teorann Polannach a maraíodh an 6 Meitheamh 2024 agus teorainn sheachtrach an Aontais á cosaint aige ar ionsaí hibrideach arna eagrú ag réimeas na Bealarúise; á chur i bhfáth nach cuspóir beartais teibí é teorainneacha seachtracha an Aontais a chosaint, ach gur ceist bháis nó bheatha í d’fhir agus do mhná ar an túslíne; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go soláthrófar tacaíocht airgeadais agus oibríochtúil leormhaith do na Ballstáit túslíne a bhfuil bagairtí hibrideacha rompu ag teorainneacha seachtracha an Aontais;

175. ag aithint na n-iarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an

---

16 COM(2024)0570.

gCoimisiún chun comhar fóinteach le tríú tíortha tionscnaimh agus idirthurais a neartú, go háirithe na tíortha sin atá i gcomharsanacht an Aontais d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an imirce neamhrialta ag an bhfoinse; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le formhaoirseacht leormhaith agus dícheall cuí agus cistí á leithdháileadh ar chomhpháirtithe a bhfuil baint acu le bainistiú imirce lasmuigh den Aontas, chun a áirithiú go ndéanfar an imirce a bhainistiú ar bhealach a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh agus i gcomhréir leis an Straitéis Eorpach maidir le Tearmann agus Imirce, lena n-áirítear maidir le cearta bunúsacha; ag tathant ar an gCoimisiún trédhearcacht agus cuntasacht chistí gnóthaí baile an Aontais i dtríú tíortha a threisiú;

176. á mheabhrú gur croíphrionsabail iad an dlúthpháirtíocht agus comhroinnt chóir freagrachta, i gcomhréir leis na Conarthaí, atá ina mbonn taca faoi bheartas imirce agus tearmainn an Aontais; ag aithint na n-iarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an gCoimisiún chun dlúthpháirtíocht agus comhroinnt freagrachta idir na Ballstáit a fheabhsú, go háirithe i leith na mBallstát sin is mó atá thíos le dúshláin imirce agus tearmainn, lena n-áirítear ionstraimiú na himirce; ag leagan béim, sa chomhthéacs sin, ar ról AMIF maidir le tacú leis na Ballstáit i nglacadh, i nósanna imeachta tearmainn, i mbearta lánpháirtíochta agus in athlonnú, lena n-áirítear do dhaoine atá ag teitheadh ó choinbhleachtaí agus ó ghéarchéimeanna daonnúla; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le cistiú leordhóthanach, dea-bhainistithe agus tráthúil chun tacú le bearta dlúthpháirtíochta ar fud an Aontais chun an Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann a chur chun feidhme go héifeachtach;

177. á thabhairt faoi deara gur leithdháileadh 37,7 % de chistiú an Aontais le haghaidh imirce agus bainistiú teorainneacha ar ghníomhaireachtaí díláraithe i réimse na himirce agus na nGnóthaí Baile in 2024; á mheabhrú, cé go bhfuil gníomhaireachtaí díláraithe neamhspleách ar an gCoimisiún ó thaobh dlí agus airgeadais de, go bhfuil an Coimisiún fós freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar a ngníomhaíochtaí; á athdhearbhú nach mór bainistiú imirce a dhéanamh i gcomhréir iomlán le dlí an Aontais, lena n-áirítear cearta bunúsacha; á chur in iúl gur geal léi na freagraí i scríbhinn ón gCoimisiún ina leagtar béim ar an ngá atá le sásraí faireacháin agus cuntasachta a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear maidir le gníomhaíochtaí Frontex;

Moltaí

178. á iarraidh ar an gCúirt meastachán a thabhairt ar an ráta earráide do Cheannteideal 4 de CAI;

179. á iarraidh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) moltaí na Cúirte a chur chun feidhme ina n-iomláine, lena n-áirítear a áirithiú go n-urramófar cearta iniúchóireachta na

Cúirte go hiomlán lena socruithe conarthacha le heagraíochtaí idirnáisiúnta;

(ii) aghaidh a thabhairt ar easnaimh sa chóras, in éineacht le húdaráis na mBallstát, a bhaineann leis na forchoimeádais a eisíodh i dTuarascáil Bhliantúil AS HOME ar Ghníomhaíochtaí 2024, agus más gá, nósanna imeachta um imréiteach comhréireachta a sheoladh agus orduithe aisghabhála a eisiúint maidir leis na méideanna a íocadh leis na Ballstáit agus a mheas an Coimisiún a bheith neamhrialta;

(iii) leanúint d'fhaireachán agus de ghrinnscrúdú a dhéanamh ar na céimeanna a éilíonn na Ballstáit agus gníomhaireachtaí an Aontais chun an Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann a chur chun feidhme go hiomlán agus go tráthúil faoi 2026, agus tuairisciú don Pharlaimint maidir leis an dul chun cinn i dtreo a chur chun feidhme agus rochtain a thabhairt don Pharlaimint ar na doiciméid ábhartha uile chun formhaoirseacht dhaonlathach éifeachtach ar an bpróiseas cur chun feidhme a éascú;

(iv) tacaíocht a chur ar fáil do na Ballstáit túslíne chun teorainneacha seachtracha an Aontais a dhaingniú;

(v) trédhearcacht agus cuntasacht chlársceidealú agus chur chun feidhme chistí gnóthaí baile an Aontais a mhéadú trí shonraí mionsonraithe agus cuimsitheacha a áirithiú, lena n-áirítear sonraí maidir le cistí a chaitear i dtríú tíortha, agus ról na Parlaiminte maidir le grinnscrúdú daonlathach ar chaiteachas an Aontais a áirithiú á chosaint ag an am céanna;

(vi) sásraí faireacháin trédhearcacha neamhspleácha um chearta an duine a fhorfheidhmiú i ndáil le cistí gnóthaí baile an Aontais i dtríú tíortha;

(vii) dlúthfhaireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí bainistithe teorainneacha arna gcistiú ag an Aontas, go háirithe chun a áirithiú go gcomhlíonfar go hiomlán oibleagáidí an Aontais maidir le cearta bunúsacha agus prionsabal an *non-refoulement*;

An tSlándáil agus an Chosaint

180. á thabhairt dá haire gur EUR 2,1 billiún (1,1 % de chaiteachas bhuiséad an Aontais) a bhí sa bhuiséad in 2024 do na cláir faoi cheannteideal CAI 5 'Slándáil agus Cosaint' a dáileadh mar seo a leanas: EUR 800 milliún (36,9 %) don Chiste Eorpach Cosanta (CEC), EUR 300 milliún (15,9 %) don tsoghluaisteacht mhíleata, EUR 300 milliún (13,3 %) d'ionstraimí cosanta agus do Nascacht Shlán an Aontais; EUR 300 milliún (12,1 %) do ghníomhaireachtaí díláraithe, mar atá, Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i

bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), EUR 300 milliún (11,9 %) le haghaidh sábháilteacht núicléach, díchoimisiúnú agus réimsí eile, agus EUR 200 milliún (9,9 %) le haghaidh an Chiste Slándála Inmheánaí (CSI);

181. á mheabhrú gur ghá cistiú ISF do 2014-2020 a chaitheamh faoi mhí an Mheithimh 2024 agus gur ghá na cuntais chríochnaitheacha a thíolacadh faoin 31 Nollaig 2024; ag cur sonrú i gcinneadh na Cúirte go raibh, tráth a n-iniúchta, méid ábhartha de chistiú CSI fós le himréiteach (16 % nó EUR 505 mhilliún) go dtí go nglacfadh an Coimisiún leis na cuntais chríochnaitheacha sin; ag aithint fhreagra an Choimisiúin gurbh é a bhí sa chaiteachas iomlán a dhearbhaigh na Ballstáit le linn na tréimhse 2014-2020, lena n-áirítear na cuntais chríochnaitheacha a thíolacadh, 94 % de CSI;

182. á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, nach féidir leis an gCúirt, ar na cúiseanna a mhínítear sa roinn maidir le himirce agus bainistiú teorainneacha, meastachán ar leith a thabhairt ar an ráta earráide do cheannteideal 5 CAI ‘Slándáil agus Cosaint’ agus, bunaithe ar thorthaí a hiniúchta, go measann an Chúirt go bhfuil ardriosca ag baint le caiteachas ón gceannteideal sin; ag tabhairt dá haire gur shoiléirigh an Coimisinéir um an gCosaint agus um an Spás le linn a éisteachta in CONT an 6 Samhain 2025 nach n-áirítear i dTuarascáil Bhliantúil 2024 na Cúirte aon earráid a fuarthas maidir le tionscadail chosanta; á thabhairt dá haire freisin go measann an Coimisiún gurb é 0,5 % an riosca tráth na híocaíochta in 2024 le haghaidh caiteachas ar shlándáil agus ar chosaint;

183. á mheabhrú gur ann do staid gheopholaitiúil an-éagobhsaí i gcomharsanacht an Aontais as a n-eascraíonn dúshláin níos mó slándála agus cosanta, lena n-áirítear bagairtí hibrideacha, agus ar an gcaoi sin riachtanais infheistíochta níos mó sa tslándáil, sa chosaint agus san ullmhacht, ó thús chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine; ag tarraingt aird ar an bhfíoras gurb é ceannteideal 5 de CAI, atá tiomnaithe don tslándáil agus don chosaint, an ceannteideal is lú de cheannteidil uile CAI agus á chur in iúl gur oth léi nach leor buiséad reatha an Aontais chun slándáil agus cosaint a shaoránach a áirithiú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá le sárú sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma; ag athdhearbhú a seasaimh gurb í an Rúis an phríomhbhagairt agus an bhagairt is suntasaí ar an Aontas agus ar a Bhallstáit; á mheabhrú gur iarr Parlaimint na hEorpa ar an Aontas agus ar a Bhallstáit creat dlíthiúil a chur ar bun lena bhféadfar an Rúis a aicmiú mar urraitheoir Stáit sceimhlitheoireachta;

184. á mheabhrú go bhfuil cumais chosanta san Aontas thíos le blianta fada tearcinfheistíochta agus, de réir an Choimisiúin, gurb ionann an bhearna sa chaiteachas cosanta do na deich mbliana amach romhainn agus EUR 500 billiún faoi láthair; á chur in iúl gur díol sásaimh di, mar gheall ar an ngéarghá atá le borradh a chur faoi

chumais chosanta, go bhfuil méadú tagtha ar líon ionstraimí cistiúcháin cosanta an Aontais ó thosaigh cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine; ag tabhairt dá haire go n-áirítear in ionstraimí cosanta an Aontais ionstraimí seachbhuiséadacha amhail an tSaoráid Eorpach Síochána (SES), agus an Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE), ar ionstraim iasachta cosanta shealadach í; á chur i bhfáth, thairis sin, sa bhreis ar chláir chistiúcháin cosanta, gur féidir le cláir eile de chuid an Aontais freastal ar chuspóirí dé-úsáide, go háirithe comhpháirt na Soghluaisteachta Míleata den tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) agus clár an Aontais um Nascacht Shlán, a bunaíodh in 2023 go príomha chun rochtain ráthaithe a sholáthar do Bhallstáit an Aontais ar sheirbhísí nascachta atá an-slán, ceannasach agus domhanda; ag tabhairt dá haire freisin, tar éis a athbhreithnithe meántéarma i mí Mheán Fómhair 2025, gur féidir cistí an bheartais comhtháthaithe a úsáid freisin chun feabhas a chur ar an tsoghluaisteacht mhíleata agus chun bonneagar cosanta a fhorbairt, go háirithe i réigiúin teorann an Oirthir;

185. á chur in iúl gur mór aici na freagraí i scríbhinn ón gCoimisiún ina n-aithnítear go raibh timpeallacht chistiúcháin ilroinnte mar thoradh ar an iliomad ionstraimí a bhaineann le cosaint, agus go raibh forluí agus bearnaí áirithe ann; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le cur chuige cuimsitheach agus fadtéarmach AE i leith cistiú slándála agus cosanta, lena bhfreagrófar do ghnáthbhagairtí míleata agus do bhagairtí neamhghnácha araon; á chur i bhfáth gur gá trédhearcacht chistiú cosanta an Aontais a fheabhsú a thuilleadh, lena n-áirítear trí chearta iniúchóireachta na Cúirte a ráthú do na hionstraimí uile agus trína áirithiú gur féidir leis an údarás um urscaoileadh grinnscrúdú daonlathach a fheidhmiú ar na gníomhaíochtaí uile arna gcistiú ag an Aontas; á thabhairt chun suntais gur gá cur le soláimhsitheacht na faisnéise maidir le cistiú cosanta an Aontais a fhoilsítear, d’fhonn dul chun tairbhe d’iarratasóirí agus do thairbhithe freisin, go háirithe FBManna; á chur i bhfios go láidir gur cheart rannpháirtíocht FBManna ar fud na mBallstát uile a éascú agus a chur chun cinn, agus a rochtain chóir agus chothrom ar thionscadail arna gcistiú ag an Aontas a áirithiú; ag spreagadh infheistíocht agus tacaíocht leanúnach do FBManna;

186. á chur i bhfáth go bhfuil gá le socruithe iniúchóireachta comhréireacha chun caiteachas cosanta agus slándála an Aontais a mhéadú go tapa in 2024, ar socruithe iad lena gceadófar rochtain éifeachtach don Chúirt, do OLAF agus do OIPE ar an doiciméadacht ábhartha uile, lena n-áirítear tionscadail a bhfuil teicneolaíochtaí dé-úsáide acu; á mheabhrú gur admhaigh an Coimisiún féin gur féidir moill a chur ar rochtain ar nithe insoláthartha rúnda i gcás ina mbíonn na Ballstáit ina ‘dtionscnóirí’ ar an aicmiú agus á chur i bhfios go láidir, i gcás ina bhfuil rochtain iniúchóireachta teoranta ar chúiseanna cuí-réasúnaithe amhail cineál rúnda tionscadal, gur cheart bearta iomchuí agus réitigh chuiditheacha a shaothrú chun a áirithiú go gcomhlíontar go hiomlán ceanglais formhaoirseachta

airgeadais agus go mbainistítear cistí an Aontais go fónta;

187. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di cinneadh an Choimisiúin dul ar aghaidh le glacadh an tionscnaimh ‘ReArm Europe’ gan dul i gcomhairle roimh ré le Parlaimint na hEorpa; á chur in iúl gur oth léi go ndéanann cinneadh den sórt sin prionsabal na cothromaíochta institiúidí a sheachaint agus go mbaineann sé an bonn de ról na Parlaiminte mar chomhreachtóir maidir le tosaíochtaí straitéiseacha agus buiséadacha a mhúnlú; ag tathant ar an gCoimisiún staonadh ó ionstraimí suntasacha beartais a thionscnamh a bhfuil tionchar acu ar ollstruchtúr airgeadais agus straitéiseach an Aontais gan urraim iomlán do shainchumais na Parlaiminte a áirithiú;

188. á mheabhrú gurb é cuspóir ginearálta CEC iomaíochas, éifeachtúlacht agus acmhainneacht nuálaíochta bhonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí (BTTCE) a chothú ar fud an Aontais; ag tabhairt dá haire, mar a leagtar amach sna freagraí i scríbhinn ón gCoimisiún, gur leithdháileadh cistiú CEC arbh fhiú EUR 227,9 milliún é ar 20 tionscadal a bhaineann leis an intleacht shaorga agus gur leithdháileadh EUR 171,1 milliún breise ar 18 dtionscadal a bhí dírithe ar theicneolaíochtaí aerdhrón, agus ag an am céanna gur tacaíodh le 50 tionscadal a bhí dírithe ar an méid is féidir a aicmiú mar threalamh cosanta traidisiúnta, a bhaineann le comhrac talún, aeir agus cabhlaigh, faoi uisce, cosaint frithdhiúracáin agus maolú rioscaí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha (CBRN), le EUR 1,49 billiún san iomlán ó CEC; ag tabhairt dá haire, ó bhí 2021 ann, gur caitheadh níos lú ná EUR 400 milliún ó CEC ar thionscadail a bhaineann leis an intleacht shaorga agus le teicneolaíochtaí drón, in ainneoin go léiríonn taithí ó choinbhleachtaí leanúnacha agus ó choinbhleachtaí a tharla le déanaí gur féidir le cibearchumais, an intleacht shaorga agus córais gan fhoireann, lena n-áirítear dróin, ról atá ag éirí níos tábhachtaí a imirt sa chogaíocht nua-aimseartha; á mheas, i dtaca le cistiú na dteicneolaíochtaí, gur cheart tosaíocht a thabhairt do na teicneolaíochtaí sin a sholáthraíonn an buntáiste oibríochtúil is mó;

189. ag cur sonrú i dTuarascáil Speisialta 04/2025 ón gCúirt maidir le soghluaisteacht mhíleata san Aontas agus i bhfreagraí an Choimisiúin; á chur in iúl gur cúis imní di conclúid fhoriomlán na Cúirte nár tógadh an dara plean gníomhaíochta AE maidir leis an tsoghluaisteacht mhíleata, a foilsíodh i mí na Samhna 2022, ar bhunús sách láidir agus go raibh an dul chun cinn i dtreo a chuspóra, is é sin gluaiseacht thapa rianúil pearsanra, ábhair agus sócmhainní ar ghearrfhógra agus ar scála mór a áirithiú, éagsúil mar gheall ar laigí a bhaineann le dearadh agus constaicí ar chur chun feidhme; ag cur sonrú i mbarúil na Cúirte, agus é ina ábhar imní di, nach ndearna an Coimisiún measúnú láidir ar an gcistiú foriomlán is gá chun a chuspóirí agus a spriocanna a bhaint amach; ag tabhairt dá haire, mar a thug an Chúirt chun suntais, nach mbíonn formhaoirseacht pharlaiminteach ar ghníomhaíochtaí soghluaisteachta míleata uile an Aontais indéanta i gcónaí toisc nach ndéantar gach tionscadal a

chistiú trí bhuiséad an Aontais, mar is amhlaidh i gcás na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint (GEC) nó PESCO;

190. á chur in iúl gur cúis bhuartha di, tar éis trí ghlao ar thograí a eagraíodh in 2021, 2022 agus 2023, go bhfuil an t-imchlúdach soghluaisteachta míleata ina iomláine faoi SCE don chlárthréimhse reatha ídithe cheana féin, agus go meastar go bhfuil gá le hinfheistíocht EUR 100 billiún ar a laghad chun aghaidh a thabhairt ar na 500 teophointe a sainaithníodh san Aontas mar theophointí a bhfuil uasghrádú práinneach ag teastáil ina leith[17]; ag cur sonrú sa fhreagra i scríbhinn ón gCoimisiún gur tugadh isteach le hathbhreithniú 2024 ar Rialachán GTE-I gnéithe chun soghluaisteacht mhíleata a chomhtháthú i mbeartas iompair an Aontais; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur ghlac an Coimisiún Eorpach agus an tArdionadaí Pacáiste Soghluaisteachta Míleata 2025; á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé freagrúlacht agus éifeachtúlacht shoghluaisteacht mhíleata an Aontais a neartú a thuilleadh trí chastacht rialála agus nós imeachta a laghdú, comhchuibhiú a fheabhsú agus comhordú a chuíchóiriú chun moilleanna a laghdú agus ullmhacht oibríochtúil a fheabhsú;

Moltaí

191. á iarraidh ar Chúirt Iniúchóirí na hEorpa meastachán a thabhairt ar an ráta earráide do Cheannteideal 5 de CAI;

192. á iarraidh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) leanúint dá iarrachtaí feabhas a chur ar thrédhearcacht chaiteachas an Aontais ar chosaint ar fud na n-ionstraimí ábhartha uile, lena n-áirítear trí obair iniúchóireachta na Cúirte a éascú i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme agus trína áirithiú go gcuirfear an t-údarás um urscaoileadh ar an eolas go hiomchuí chun grinnscrúdú daonlathach a fheidhmiú ar ghníomhaíochtaí arna gcistiú ag an Aontas le linn chéimeanna an ghlactha, an deartha agus an chur chun feidhme;

(ii) tuairisciú comhdhlúite rialta a sholáthar don údarás um urscaoileadh maidir le feidhmiú an bhuiséid agus feidhmíocht an chaiteachais uile a bhaineann le cosaint ó bhuiséad an Aontais, ó ionstraimí seachbhuiséid agus ó gach ionstraim ábhartha eile, amhail soghluaisteacht mhíleata agus cláir a bhaineann leis an tslándáil, chun grinnscrúdú daonlathach a chumasú;

---

17 Teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 16 Deireadh Fómhair 2025 dar teideal ‘An tSíocháin a Chaomhnú – Treochlár 2030’, JOIN(2025)0027.

(iii) obair leantach agus tuairisciú níos córasaí a chur ar fáil don Pharlaimint maidir le bearta cosanta agus soghluaisteachta míleata, cur chun feidhme agus cistiú an Aontais, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an gcomhar idir an tAontas agus ECAT, SES, GEC agus PESCO;

(iv) rannchuidiú CEC le cur chuige cuimsitheach cosanta Eorpach a neartú trí thacaíocht a mhéadú do thionscadail lena dtugtar aghaidh ar bhagairtí hibrideacha, lena n-áirítear an intleacht shaorga, cibirtheicneolaíochtaí agus teicneolaíochtaí drón;

(v) bearta slándála agus cosanta an Aontais a neartú a thuilleadh tríd an gcistiú atá ar fáil a mhéadú go suntasach chun feabhas a chur ar chonairí bonneagair iompair dé-úsáide agus trí ghníomhaíocht a dhéanamh chun deireadh a chur le bacainní riaracháin, nós imeachta agus rialála ar ghluaiseachtaí míleata trasteorann, lena n-áirítear trí sholáthar cosanta comhpháirteach agus comhoibríoch a chomhchuibhiú, dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2025/2643 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2025 (‘Rialachán EDIP’), agus nósanna imeachta gaolmhara i measc na mBallstát chun idir-inoibritheacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas straitéiseach a fheabhsú, agus tosaíocht á tabhairt ag an am céanna do chistiú ón Aontas do thionscadail is fearr a fhreagraíonn do thimpeallacht bhagartha na hEorpa atá ann faoi láthair;

(vi) gníomhaíocht bhreise a dhéanamh chun cothrom iomaíochta a áirithiú do ghníomhaithe uile an tionscail cosanta ar fud an Aontais agus chun rochtain ar chistiú ón Aontas a shimpliú, lena n-áirítear FBManna agus na Ballstáit is leochailí i leith bagairtí seachtracha;

An Chomharsanacht agus an Domhan

193. á thabhairt dá haire gur EUR 15,4 billiún (8,0 % de chaiteachas bhuiséad an Aontais, gan STA a áireamh) a bhí sa bhuiséad do na cláir faoi cheannteideal 6 de CAI ‘An Chomharsanacht agus an domhan’ agus go ndearnadh an buiséad sin a dháileadh mar a leanas: 62,4 % le haghaidh na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta — an Eoraip Dhomhanda (ICFCI-an Eoraip Dhomhanda), 15,9 % le haghaidh Cabhair Dhaonnúil (HUMA), 14,9 % le haghaidh Cúnamh Réamhaontachais (IPA III), 2,7 % le haghaidh Cúnamh Macrairgeadais+ don Úcráin agus 4,1 % le haghaidh gníomhaíochtaí agus cláir eile;

194. á chur in iúl gur geal léi gur scrúdaigh an Chúirt in 2024 sampla de 137 n-idirbheart atá ionadaíoch ó thaobh staidrimh de agus lena gcumhdaítear an caiteachas uile faoin gceannteideal CAI sin, rud a chuir ar a cumas di den chéad uair ráta earráide a ríomh; ag cur sonrú, agus é ina ábhar imní di, sa ráta earráide measta 4,9 %, a

sháraíonn go suntasach an tairseach ábharthachta 2,0 %; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go raibh earráidí inchainníochtaithe i 56 cinn de na 137 n-idirbheart (40,9 %) a raibh tionchar airgeadais acu ar bhuiséad an Aontais; á thabhairt faoi deara gur bhain na hearráidí sin le costais neamh-incháilithe, sáruithe tromchúiseacha ar rialacha soláthair phoiblí, doiciméadacht tacaíochta bhunriachtanach a bheith in easnamh, tairbhithe neamh-incháilithe, agus caiteachas nár tabhaíodh go hiarbhír; á mheas go bhféadfadh na saincheisteanna sin laigí a léiriú i bhfeidhmiú agus in iontaofacht na gcóras rialaithe;

195. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go raibh faisnéis leordhóthanach ar fáil don Choimisiún cheana féin i ndeich gcinn de na cásanna a bhain le hearráidí inchainníochtaithe chun an earráid a chosc nó chun í a bhrath agus a cheartú sular ghlac sé leis an gcaiteachas; ag tabhairt dá haire, dá mba rud é gur bhain an Coimisiún úsáid éifeachtach as an bhfaisnéis sin, go ndéanfaí an leibhéal measta earráide a laghdú 1,4 pointe céatadáin;

196. ag tabhairt dá haire, mar a tharla sna blianta roimhe seo, gur bhain sciar suntasach de na hearráidí a bhraith an Chúirt le conarthaí arna gcur chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach ag eagraíochtaí a ndearnadh measúnú colúin orthu, lena n-áirítear institiúidí idirnáisiúnta; á thabhairt faoi deara, i gcás na gconarthaí sin, gur ghlac an Coimisiún le caiteachas ar bhonn tuarascáil airgeadais agus dearbhú bainistíochta, ar deimhniú féineisithe é an dearbhú bainistíochta ag an eagraíocht ar a ndearnadh measúnú colúin lena bhfianaítear iomláine, cruinneas agus comhlíonadh na faisnéise airgeadais a sholáthraítear; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur bhain 26 cinn de na 42 earráid inchainníochtaithe a bhraith an Chúirt leis na conarthaí sin, rud a chuir 3,1 pointe céatadáin leis an leibhéal measta earráide, agus ar an gcaoi sin béim á leagan ar leochaileachtaí leanúnacha sa chreat dearbhaithe don bhainistíocht indíreach le heintitis a ndéantar measúnú colúin orthu;

197. á chur in iúl gur cúis bhuartha di, arís eile, go raibh moill ar an gCúirt doiciméadacht a iarradh a fháil ó eagraíochtaí idirnáisiúnta áirithe agus ó institiúidí idirnáisiúnta airgeadais áirithe, rud a chuir bac ar a cuid oibre iniúchóireachta a dhéanamh go tráthúil, in ainneoin an mholta a rinne sí roimhe seo in 2020; ag tabhairt dá haire gur theorannaigh na heintitis sin in 19 n-idirbheart iniúchta an rochtain ar dhoiciméid do chomhairliúcháin leictreonacha shealadacha, i dtimpeallacht amhairc amháin, gan ligean don Chúirt cóipeanna a choinneáil, rud a chuir bac ar phleanáil chuí, ar fhorghníomhú agus ar rialú cáilíochta an iniúchta; á chur in iúl gur oth léi go raibh na bacainní sin fós ann in ainneoin iarrachtaí an Choimisiúin an tsaincheist a réiteach trí chumarsáid leanúnach leis na heagraíochtaí lena mbaineann, mar a léiríodh freisin i dtuarascáil bhliantúil 2024 maidir leis na CECanna;

198. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di nár tharla aon mhisean Faireacháin Dhírithe ar Thorthaí (FDT) in 2024, mar gheall ar

fhoirceannadh an dá chonradh seirbhíse FDT a bhí ann cheana in 2025; á thabhairt chun suntais, agus é ina ábhar imní di, gurbh éigean tairiscint shrianta 2024 a bhí beartaithe don ghlúin nua de chonarthaí FDT a chur ar ceal toisc nach raibh creidmheasanna caiteachais tacaíochta ICFCI ar fáil, rud a chuir iallach ar AS INTPA brath ar chreidmheasanna oibríochtúla agus Beart Tacaíochta neamhspleách ICFCI a ullmhú chun FDTanna a mhaoiniú; ag tabhairt dá haire gur athsheoladh nós imeachta tairisceana srianta nua i mí Dheireadh Fómhair 2025 faoi chlásal fionraíochta, agus go meastar nach síneofar an conradh nua 3 bliana maidir le faireachán dírithe ar thorthaí go dtí mí Aibreáin 2026; á chur i bhfios go láidir gur cuireadh an córas FDT ar fionraí go hiomlán ó thús 2025, rud a chuir moill ar fhaireachán neamhspleách ar fheidhmíocht chur chun feidhme an chláir agus a lagaigh treoshuíomh foriomlán torthaí na gníomhaíochta seachtraí;

199. ag tabhairt dá haire go bhfuil laghdú tagtha ar infheistíocht ón Aontas i gcúnamh atá bainteach le trádáil do na tíortha is lú forbairt (TLFanna) ar domhan, agus nár shroich ach 12,0 % de shreafaí Cúnaimh don Trádáil (CdonT) na tíortha is lú forbairt in 2022 i gcomparáid le 18,0 % ar an meán idir 2010 agus 2015; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil an tearcfheidhmíocht sin fós ann in ainneoin na sprice caiteachais 25,0 % do na tíortha is lú forbairt a leagadh síos i straitéis athbhreithnithe 2017 an Aontais maidir le Cúnamh don Trádáil; ag cur sonrú i dtorthaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa i dTuarascáil Speisialta 17/2025 ‘Cabhair don trádáil ón Aontas Eorpach do na tíortha is lú forbairt’, inar thángthas ar an gconclúid nach bhfuil Cabhair don Trádáil ón Aontas Eorpach ar an mbóthar ceart chun sprioc 2030 a bhaint amach; á chur in iúl gur díol sásaimh di gur ghlac an Coimisiún leis an moladh ón gCúirt anailís a dhéanamh ar bhunchúiseanna an laghdaithe sin agus ag tabhairt dá haire go bhfuil an measúnú sin beartaithe do 2026, agus béim á leagan ar an ngá atá le gníomhaíocht cheartaitheach thráthúil chun a áirithiú go sroichfidh cúnamh trádála an Aontais na daoine is mó atá i ngátar;

200. ag tabhairt dá haire gur EUR 1,56 billiún a bhí sa tacaíocht bhuiséadach a thuairiscigh INTPA agus AS NEAR do thíortha lasmuigh den Aontas in 2024; á chur in iúl gur oth léi an easpa sonraí atá ar fáil go poiblí lena sainaithnítear tíortha is tairbhithe, ós rud é nach dtagraíonn staidreamh foilsithe ach do réigiúin nó do ghrúpálacha tíortha; á chur in iúl gur oth léi, thairis sin, an easpa trédhearcachta maidir le húsáid na gcistí sin agus sainaithint na bhfaighteoirí deiridh; á chur i bhfios go láidir gur cheart tacaíocht bhuiséadach a ailíniú le riachtanais na dtíortha comhpháirtíochta agus le cuspóirí beartais straitéiseacha an Aontais;

201. á chur i bhfáth nár cheart in imthosca ar bith, bíodh sé go díreach ná go hindíreach, sceimhlitheoireacht ná aon ghníomhaíocht atá ar neamhréir leis na luachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE a mhaoiniú le cabhair ón Aontas, agus dá bhrí sin nár cheart an

chabhair sin a bheith ina tacú le haon eintiteas atá nasctha le Hamas ná le haon eagraíocht sceimhlitheoireachta nó antoisceach eile; á mheabhrú, chuige sin, go bhfuil sé dlisteanach agus bunriachtanach tairbhithe deiridh uile chúnamh an Aontais a shainaithint go soiléir, i dtríú tíortha freisin; á chur i dtábhacht go bhfuil gá le dianmhaoirseacht a dhéanamh ar dháileadh agus ar úsáid na cabhrach chun a áirithiú nach mbainfear mí-úsáid as aon chistí; á iarraidh, thairis sin, go neartófaí sásraí díchill chuí, faireacháin agus rialaithe chun insíothlú idé-eolaíoch d'aon chineál i gcláir arna maoiniú ag an Aontas a chosc; á chur i bhfios go láidir nach mór coimircí frithsceimhlitheoireachta agus ceanglais trédhearcachta a chur i bhfeidhm go dian gan an bonn a bhaint ó phrionsabail dhaonnúla ná ó sholáthar cúnaimh tarrthála;

202. á mheabhrú gur colún lárnach é an t-oideachas den tógáil síochána, den chómhaireachtáil agus den ullmhúchán le haghaidh réiteach dhá stát caibidlithe, agus gur bealach ríthábhachtach é chun dul i ngleic le hantoisceachas, éadulaingt agus idé-eolaíochtaí radacacha; á mheabhrú gur cheart go dtacódh cúnamh airgeadais agus rannpháirtíocht pholaitiúil an Aontais le hoideachas a chuireann síocháin, caoinfhulaingt agus cómhaireachtáil chun cinn; á chur in iúl gur geal léi teagmháil leanúnach an Choimisiúin le hÚdarás na Palaistíne maidir le hathchóiriú curaclaim agus ag aithint an dul chun cinn nithiúil a tuairiscíodh in 2025, lena n-áirítear an t-athbhreithniú agus an leasú leanúnach ar théacsleabhair atá á ndéanamh ag Aireacht Oideachais agus Ardoideachais na Palaistíne chun ailíniú le caighdeáin UNESCO a áirithiú; ag tabhairt dá haire go háirithe go ndearnadh roinnt athbhreithnithe ar Ghrád 12 agus athbhreithnithe níos cuimsithí ar Ghráid 1-4, agus gur foilsíodh ábhar foghlama nua i mí na Nollag 2024 agus i mí Dheireadh Fómhair 2025 faoi seach agus go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ag an Aontas air faoi láthair; á mheabhrú gur gá d'Údarás na Palaistíne gach ábhar oideachais nach gcloíonn le caighdeáin UNESCO a bhaint, go háirithe na hábhair sin ina gcuirtear chun cinn frithsheimíteachas, gríosú chun foréigin, ardmholadh jiohád agus an mhairtíreacht, agus diúltú do réiteach síochánta coinbhleachta; á mheabhrú don Choimisiún a athbhreithniú a bhunú ar fhianaise phoiblí infhíoraithe agus toradh a athbhreithnithe a fhoilsiú;

203. ag tabhairt dá haire, mar a tharla sna blianta roimhe seo, nár úsáideadh aon chistiú ón Aontas in 2024 chun tacú le téacsleabhair Phalaistíneacha a tháirgeadh, agus go bhfuil cúnamh airgeadais díreach ón Aontas a soláthraíodh d'Údarás na Palaistíne trí shásra an Aontais PEGASE faoi phacáiste Tacaíochta Éigeandála 2024 agus faoin gClár Cuimsitheach Ilbhliantúil um Théarnamh agus Athléimneacht na Palaistíne (2025-2027) teoranta go docht d'ítimí caiteachais inrianaithe amhail tuarastail, liúntais shóisialta agus riaráistí d'ospidéil; ag tabhairt dá haire go bhfuil an tacaíocht airgeadais sin d'Údarás na Palaistíne nasctha go páirteach le baint amach na n-athchóirithe a comhaontaíodh i Maitrís Athchóirithe uaillmhianach le hÚdarás na Palaistíne in 2024, lena n-áirítear

athbhreithniú forchéimnitheach córasach ar ábhair foghlama; á mheabhrú gur gá d'Údarás na Palaistíne gach ábhar oideachais nach gcloíonn le caighdeáin UNESCO a bhaint, go háirithe iad siúd lena gcuirtear chun cinn an frithsheimíteachas agus ina bhfuil foréigean, ar nithe iad nár cheart leanaí Palaistíneacha a nochtadh dóibh; á chur i bhfáth gur cheart tacaíocht airgeadais ón Aontas d'Údarás na Palaistíne i réimse an oideachais a chur ar fáil ar choinníoll go ndéanfar ábhar na dtéacsleabhar a ailíniú le caighdeáin UNESCO; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú nach leithdháilfear aon chistí de chuid an Aontais, go díreach nó go hindíreach ar ábhair oideachais ina bhfuil tagairtí frithsheimíteacha nó samplaí a ghríosaíonn fuath agus foréigean;

204. ag tathant ar an gCoimisiún, i gcomhthéacs tacaíocht agus cabhair dhaonnúil a chur ar fáil do phobal na Palaistíne, comhoibriú le comhpháirtithe iontaofa ar an láthair chun seachadadh rianúil agus slán cúnaimh dhaonnúil a ráthú agus chun a áirithiú nach leithdháilfear aon chistí de chuid an Aontais ar dhaoine aonair ná ar eagraíochtaí atá nasctha le gluaiseachtaí sceimhlitheoireachta nó antoisceacha atá i gcoinne luachanna bunúsacha an Aontais; á mheabhrú go bhfuil líomhaintí ann go raibh baint ag 19 as 13 000 fostaí de chuid UNRWA in Gaza leis na hionsaithe sceimhlitheoireachta uafásacha a rinne Hamas ar Iosrael an 7 Deireadh Fómhair 2023; ag aithint fhreagairt na Náisiún Aontaithe ar na líomhaintí sin lena n-áirítear na himscrúduithe arna seoladh ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Sheirbhísí Formhaoirseachta Inmheánaí (OIOS), agus ina dhiaidh sin gur foirceannadh fostaíocht naonúir ball foirne go foirmiúil chun leas na Gníomhaireachta agus na moltaí a eisíodh trí Thuarascáil Colonna; ag tabhairt dá haire go bhfuil an Coimisiún ag obair le UNRWA, chun feabhas a chur ar na próisis neodrachta agus ar na córais rialaithe sa Ghníomhaireacht, i gcomhréir le torthaí na n-imscrúduithe a rinne OIOS na Náisiún Aontaithe agus chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta a thíolaic UNRWA; ag cur sonrú i measúnú an Choimisiúin go bhfuil UNRWA tiomanta i gcónaí do na moltaí a comhaontaíodh a chur chun feidhme chomh maith le comhlíonadh na gcoinníollacha uile a comhaontaíodh leis an Aontas maidir le cistiú leanúnach in 2024; ag spreagadh, ina leith sin, rannpháirtíocht leanúnach agus dhlúthfhaireachán an Choimisiúin chun a áirithiú go gcomhlíonfar cistiú le ráthaíochtaí daingne maidir le neodracht, trédhearcacht agus cuntasacht;

205. ag tabhairt dá haire, le linn na tréimhse idir 2019-2024, go raibh sé cinn as naoi bpost ardbhainistíochta in AS NEAR fós folamh ar feadh tréimhsí fada; ag tabhairt dá haire go háirithe go raibh post an Ard-Stiúrthóra folamh ar feadh 28 mí, post Stiúrthóir A ar feadh 25 mhí, post Stiúrthóir NEAR B (Comharsanacht an Deiscirt) ar feadh 48 mí, post Stiúrthóir NEAR D (na Balcáin Thiar) ar feadh 35 mhí, post Stiúrthóir an Ghrúpa Tacaíochta don Úcráin ar feadh 32 mhí, agus post Stiúrthóir R ar feadh 22 mhí; á chur i bhfios go láidir go ndearna na folúntais fhada sin difear do chuid de na punanna is

íogaire ó thaobh na polaitíochta de agus is criticiúla ó thaobh oibríochta de san Aontas, lena n-áirítear le linn ionradh na Rúise ar an Úcráin agus ionsaí sceimhlitheoireachta Hamas ar Iosrael; ag cur sonrú, thairis sin, i dtorthaí shuirbhé foirne AS NEAR i mí Aibreáin 2022 ina léirítear laghduithe suntasacha muiníne i gceannaireacht na hardbhainistíochta;

206. ag tabhairt dá haire, idir 2020 agus 2023, gur chuir Leas-Ardstiúrthóir AS NEAR ceannaireacht ar fáil ar bhonn eatramhach sa bhreis ar an iliomad feidhmeanna eile a bhí aici; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur díscaoileadh an Grúpa Tacaíochta don Úcráin in 2023 agus gur athdháileadh punanna ar an tSaoráid don Úcráin agus ar aonaid eile; ag tabhairt dá haire go raibh an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil ina leith sin le linn an mhalartaithe tuairimí leis an údarás um urscaoileadh míchruinn agus á iarraidh ar an gCoimisiún tuairisciú soiléir agus cruinn don Pharlaimint ó Chomhaltaí uile an Choimisiúin a áirithiú;

207. ag tabhairt dá haire gur fhoilsigh roinnt eagraíochtaí meán Eorpacha tuairisciú imscrúdaitheach le déanaí i mí Dheireadh Fómhair 2025 ina líomhnaítear go raibh seirbhísí faisnéise na hUngáire ag gabháil do ghníomhaíochtaí spiaireachta sa Bhruiséil, lena n-áirítear iarrachtaí chun náisiúnaigh Ungáracha atá ag obair in institiúidí an Aontais a earcú; ag tabhairt dá haire go dtagraíonn na tuarascálacha sin don tréimhse 2015-2019 agus gur dheimhnigh an Coimisiún go bhfuil na líomhaintí sin á scrúdú go hinmheánach aige; ag dréim leis go ndéanfaidh an Coimisiún agus na húdaráis inniúla anailís agus imscrúdú críochnúil bunaithe ar fhianaise agus go gcuirfidh siad an Pharlaimint ar an eolas a luaithe a bheidh an t-imscrúdú tugtha chun críche;

208. ag tabhairt dá haire go bhfeidhmíonn Coimisinéirí údarás suntasach polaitiúil agus rialála agus, dá bhrí sin, nach mór na caighdeáin is airde neamhspleáchais, trédhearcachta, cuntasachta agus iompair eiticiúil a léiriú ina gcuid iompair; á chur i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach go gcloífear go docht leis an gCód Iompair do Chomhaltaí den Choimisiún Eorpach chun ionracas, inchreidteacht agus dlisteanacht dhaonlathach fheidhmeannas an Aontais a chosaint; á chur i bhfios go láidir go bhfuil comhlíonadh iomlán an Chóid Iompair fíor-riachtanach freisin chun coinbhleachtaí leasa a chosc, chun tionchar míchuí a sheachaint, agus chun a áirithiú go ndéanfar cinntí ar mhaithe le leas na hEorpa amháin; á mheas, i dteannta a chéile, go bhfuil na teipeanna bainistíochta tromchúiseacha agus fada san am seo chuaigh thart in AS NEAR, soláthar na faisnéise míchruinne don Pharlaimint i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh, agus na hábhair imní bhreise a bhaineann le hiompar agus neamhspleáchas a leagtar amach thuas ina léiriú ar phatrún atá ar neamhréir leis na caighdeáin chuntasachta, iontaofachta agus riaracháin fhónta a cheanglaítear ar Chomhalta den Choimisiún;

209. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil cistiú an Aontais don Úcráin scaipthe ar fud ionstraimí agus saoráidí iomadúla, rud a chruthaíonn timpeallacht mhaoiniúcháin ilroinnte agus chasta; á chur i dtábhacht go láidir, in éagmais forléargas comhdhlúite agus trédhearcach ar an gcaoi a ndéantar na cistí sin, lena n-áirítear iasachtaí a ráthaítear le lamháil CAI, a leithdháileadh agus a chaitheamh, go gcuirtear bac ar mhaoirseacht dhaonlathach éifeachtach, ar chuntasacht agus ar an gcumas measúnú a dhéanamh ar thionchar foriomlán thacaíocht an Aontais;

210. ag tabhairt dá haire go leanann sainchomhlachtaí frithéillithe na hÚcráine (NABU, SAPO agus HACC) d'imscrúduithe, ionchúisimh agus breithiúnais a sholáthar i gcásanna ardleibhéil, rud a léiríonn go bhfuil institiúidí neamhspleácha frithéillithe ag tosú ag feidhmiú agus go léiríonn éirí as oifig na n-airí cúisithe le déanaí leibhéal freagrúlachta agus cuntasachta rialtais; ag moladh na n-athchóirithe atá déanta ag an Úcráin i lár ionradh iomlán; ag tabhairt dá haire go raibh an baol ann go mbainfí an bonn ó neamhspleáchas agus éifeachtacht an chreata frithéillithe leis na hiarrachtaí NABU agus SAPO a chur faoi údarás an Phríomh-Ionchúisitheora; á chur in iúl gur geal léi aisiompú tapa na leasuithe sin tar éis brú intíre agus idirnáisiúnta, ach á chur in iúl gur cúis bhuartha di tuarascálacha ó institiúidí frithéillithe agus ón tsochaí shibhialta ina leagtar béim ar dhúshláin maidir le héifeachtacht agus neamhspleáchas an chreata frith-éillithe a choinneáil; á iarraidh ar na húdaráis cúlú a chosc, aghaidh a thabhairt ar mhoilleanna nós imeachta agus ar bhacainní i gcásanna ardleibhéil, agus athbhreithniú a dhéanamh ar reachtanna na dtréimhsí i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha;

211. ag cur sonrú sna líomhaintí calaoise a rinneadh le déanaí in earnáil fuinnimh na hÚcráine; á chur i bhfios go láidir go léirítear leis na líomhaintí sin, má dheimhnítear iad, leochaileachtaí struchtúracha i gcórais rialachais, mhaoirseachta agus rialaithe inmheánaigh; á chur i bhfáth gur gá muinín an phobail a chothú chun inchreidteacht athchóirithe na hÚcráine a neartú trí chórais láidre soláthair phoiblí agus rialaithe inmheánaigh;

212. ag tabhairt dá haire, chun bainistíocht fhónta airgeadais na Saoráide don Úcráin a áirithiú, gur bhunaigh an Coimisiún Bord Iniúchóireachta tiomnaithe i mí an Mheithimh 2024 trí Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1697, ar a bhfuil saineolaithe neamhspleácha arna gceapadh ag an gCoimisiún; ag tabhairt dá haire gurb é sainordú an Bhoird Iniúchóireachta laigí sistéamacha i mbainistiú agus rialú chistí na Saoráide ag an Úcráin a bhrath, lena n-áirítear easnaimh i gcosc calaoise, coimircí frithéillithe agus córais coinbhleachta leasa, agus na saincheisteanna sin a thuairisciú go díreach don Choimisiún;

213. á chur i bhfios go láidir, lasmuigh dá ról maoirseachta, go bhféadfaidh an Bord Iniúchóireachta moltaí a eisiúint d'údaráis na hÚcráine maidir le haghaidh a thabhairt ar neamhrialtachtaí

airgeadais nó easnaimh struchtúracha i mbainistiú chistí an Aontais; á chur i bhfáth nach mór don Úcráin, a ndéanann an Aireacht Geilleagair ionadaíocht uirthi, freagra i scríbhinn a thabhairt ar gach moladh, ina leagfar amach bearta cur chun feidhme nó ina dtabharfar míniú cuí-réasúnaithe ar neamhchur chun feidhme; á thabhairt chun suntais go bhféadfadh iarmhairtí suntasacha airgeadais a bheith ag torthaí an Bhoird Iniúchóireachta; á chur i bhfios go láidir nach mór bainistíocht fhónta airgeadais, trédhearcacht agus faireachán ar fheidhmíocht a bheith ag gabháil le tacaíocht airgeadais leanúnach ón Aontas chun a áirithiú go mbainfear úsáid éifeachtach as cistí an Aontais agus chun inchreidteacht an bheartais um méadú a choinneáil;

214. á mheabhrú, faoin tSaoráid don Úcráin, go bhfuil íocaíochtaí rialta ag brath ar an gCoimisiún cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athchóirithe na hÚcráine agus urraim leanúnach do shásraí daonlathacha, don smacht reachta agus do chearta an duine a fhíorú; ag tabhairt dá haire, go dtí seo, gur tháinig an Coimisiún ar an gconclúid cúig huaire nár comhlíonadh céimeanna athchóirithe aonair faoi thráthchodanna a haon go dtí a cúig, rud a d’fhág gur cuireadh méideanna comhfhreagracha ar fionraí, ar leigheasadh ceann amháin acu ó shin; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, cur chuige docht coinníollachta an Choimisiúin agus a thoilteanas léirithe cur chun feidhme a fhíorú go críochnúil agus cistí a choinneáil siar i gcás nach gcomhlíontar coinníollacha;

215. á chur in iúl gur geal léi go soláthraíonn OLAF cúnamh frithchalaoise spriocdhírithe d’údaráis agus go dtacaíonn sé le haontachas na hÚcráine le Clár Frithchalaoise an Aontais; á thabhairt dá haire go bhforáiltear leis an gCreat-Chomhaontú do Shaoráid na hÚcráine, a tháinig i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2024, do shocruithe atá ceangailteach ó thaobh dlí maidir le bainistiú, rialú, maoirseacht, faireachán, meastóireacht, tuairisciú agus iniúchadh cistí faoin tSaoráid, chomh maith le bearta chun neamhrialtachtaí, calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a imscrúdú agus a cheartú, agus forálacha maidir le róil OLAF agus OIPE;

216. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go dtéann an leithdháileadh faoin imchlúdach nua solúbtha de chuid CEFI+ ‘Tacaíocht d’Infheistíochtaí’ chun tairbhe do thíortha ina bhfuil sé níos éasca infheistíochtaí Global Gateway a chur chun feidhme agus ar chostas tosaíocht á tabhairt do TLFanna agus do thíortha leochaileacha agus do thíortha atá buailte ag coinbhleacht;

217. ag tabhairt dá haire, in ainneoin cistiú fadbhunaithe ón Aontas chun rialuithe teorann agus imirce na Libia a neartú, go léiríonn tuarascálacha go leanann an cúnamh sin de bheith ag ardú imní thromchúiseach oibríochtúil agus daonnúil chomh maith le hábhair imní maidir le cearta bunúsacha agus rialachas, rud a d’fhéadfadh an tAontas a nochtadh do rioscaí clú; á chur i bhfáth go bhfuil gá le sásraí diana faireacháin, trédhearcachta agus cuntasachta chun a

áirithiú nach gcuirfidh cúnamh a bhaineann leis an imirce go hindíreach le tuilleadh díobhála;

218. ag tabhairt dá haire, amhail ón 1 Feabhra 2025, go ndearna an Coimisiún Eorpach iar-Ard Stiúrthóireacht AS NEAR a atheagrú, agus a freagrachtaí á roinnt idir dhá stiúrthóireacht nuabhunaithe: an Ard-Stiúrthóireacht um Méadú agus Comharsanacht an Oirthir (AS ENEST), atá freagrach as tíortha is iarrthóirí agus Comharsanacht an Oirthir, agus an Ard-Stiúrthóireacht um an Meánoirthear, an Afraic Thuaidh agus Murascaill na Peirse (AS MENA), lena gcumhdaítear anois réigiún na Meánmhara;

An Ciste Eorpach Forbraíochta (CEF)

219. á thabhairt dá haire go ndearna an Chúirt scrúdú ar shampla de 85 idirbheart a bhí ionadaíoch ar an réimse iomlán caiteachais ó na CEFanna d'fhonn iniúchóireacht a dhéanamh ar rialtacht na n-idirbheart; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go raibh 16 idirbheart i gceist leis sin a bhaineann le Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic, 54 idirbheart arna n-údarú ag 14 thoscaireacht[18] de chuid an Aontais, 14 idirbheart arna bhformheas ag ceanncheathrú an Choimisiúin agus idirbheart amháin a bhaineann le Ciste Iontaobhais Bêkou;

220. á thabhairt dá haire, agus é ina chúis bhuartha di, go raibh earráidí in 34 (40.0 %) as an 85 idirbheart a scrúdaíodh, i gcomparáid le 62 (44.3 %) n-idirbheart in 2023 don líon céanna idirbheart; á chur i bhfáth, thairis sin, gur chainníochtaigh an Chúirt 27 n-earráid (52 earráid in 2023), ar ar a mbonn a mheas sí gurbh é 6,5 % an leibhéal earráide don bhliain airgeadais 2024 (8,9 % in 2023);

221. á thabhairt chun suntais, agus é ina ábhar imní di, gurb iad seo a leanas na trí chineál earráidí is minice a braitheadh sa bhliain airgeadais 2024: caiteachas neamh-incháilithe (40,0 %), an easpa doiciméadachta tacaíochta riachtanaí (32,0 %) agus ró-imréiteach an réamh-mhaoinithe (14,0 %);

222. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, amhail ón 31 Nollaig 2024, nach raibh dúnadh cuntasaíochta iomlán an 9ú Ciste Eorpach Forbraíochta, lena gcumhdaítear an tréimhse 2000-2007, tugtha chun críche go fóill, níos mó ná 17 mbliana tar éis an clásal éagtha a thabhairt isteach, agus go bhfuil ocht gconradh fós ar siúl, rud a léiríonn castacht agus fad eisceachtúil clár áirithe CEF;

223. ag tabhairt dá haire go dearfach gur chuir an Coimisiún feabhas ar ríomh na scoithmheastachán trí shíntí a chuirtear le tréimhsí cur chun feidhme conarthaí a tharlaíonn tar éis na bliana tuairiscithe a

---

18 An Bhurúin, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, Guine Bissau, an Chéinia, an Mhaláiv, an Mhárataín, Oileán Mhuirís, Mósaimbíc, an Namaib, an Nigéir, Siarra Leon, Tóga, Uganda, an tSaimbia.

chur san áireamh go córasach, tar éis moladh a rinne an Chúirt ina tuarascáil bhliantúil 2023;

224. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, mar a tharla sna blianta roimhe seo, go bhfuil iarmhéideanna suntasacha réamh-mhaoinithe fós gan imréiteach ar feadh tréimhsí rófhada, lena n-áirítear EUR 446,0 milliún gan íoc ar feadh níos mó ná 10 mbliana, atá nasctha den chuid is mó le Ciste Iontaobhais Bonneagair an Aontais Eorpaigh don Afraic, a bhfuil imréiteach réamh-mhaoinithe an-mhall mar thoradh ar a oibríochtaí fadtéarmacha;

225. á thabhairt dá haire go n-áirítear sna torthaí a bhfuil coinne leo ó athbhreithniú leanúnach AS INTPA ar a straitéis rialaithe go dtreiseofar an treoraíocht maidir le tuairisciú airgeadais agus maidir le rialuithe ex-ante feabhsaithe chun earráidí a chosc, lena n-áirítear earráidí maidir le himréiteach iomarcach;

226. ag tabhairt dá haire nach bhfuil aon fhorchoimeádas i ráiteas dearbhaithe an Ard-Stiúrthóra i dTuarascáil Bhliantúil AS INTPA ar Ghníomhaíochtaí do 2024, rud a leanann de threocht inar laghdaigh an Ard-Stiúrthóireacht raon feidhme na bhforchoimeádas ó 16,0 % den chaiteachas in 2017 go 1,0 % in 2018 agus go nialas ó 2019 ar aghaidh; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go measann AS INTPA gurb é EUR 89,7 milliún (1,1 % de chaiteachas 2024) an méid faoi riosca ag tráth na híocaíochta agus gurb é EUR 78,6 milliún (0,97 %) an méid faoi riosca ag tráth an dúnta, agus go bhfuil coinne aige leis go gceartófar EUR 11,1 milliún (12,4 % den mhéid faoi riosca ag tráth na híocaíochta) sna blianta ina dhiaidh sin trína sheiceálacha féin; ag tabhairt faoi deara, áfach, as an EUR 5,0 milliún a tuairiscíodh mar mhéid a aisghabhadh in 2024, gur léirigh tástáil na Cúirte nár cheart EUR 0,2 milliún a áireamh mar acmhainneacht cheartaitheach a cuireadh chun feidhme, rud is cúis imní maidir le hiontaofacht thuairisciú na hArd-Stiúrthóireachta;

227. ag tabhairt dá haire gur choimisiúnaigh AS INTPA a 13ú staidéar ar an Ráta Earráidí Iarmharacha in 2024, ar comhpháirt thábhachtach é atá mar bhonn taca le ráiteas dearbhaithe an Ard-Stiúrthóra agus leis an bhfaisnéis rialtachta a nochtar sa Tuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht; á thabhairt faoi deara gur measadh i staidéar 2024, bunaithe ar shampla de 401 idirbheart, go raibh ráta earráidí iarmharacha 0,48 % ann, ráta a bhí faoi bhun thairseach ábharthachta 2,0 % an Choimisiúin don naoú bliain as a chéile; á mheabhrú, áfach, gur shainaithin an Chúirt easnaimh mhodheolaíochta arís agus arís eile a d’fhéadfadh gannmheastachán a dhéanamh ar an bhfíor-ráta earráidí iarmharacha, go háirithe maidir le láimhseáil míreanna ardluacha; ag tabhairt dá haire, cé go bhfuil athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún ar mhodheolaíocht an ráta earráidí iarmharacha ó 2025 ar aghaidh chun gnéithe áirithe a shoiléiriú agus chun spleáchas ar sheiceálacha bainistíochta agus ar obair iniúchóirí eile a theorannú, go gceadaítear fós leis an modheolaíocht nuashonraithe earráidí ‘leithlisithe’ a eisiamh ón

eachtarshuíomh; á chur in iúl go bhfuil coinne aici leis go gcuirfidh an Coimisiún an mhodheolaíocht athbhreithnithe chun feidhme go dian agus ag tnúth leis an bhfíorú a dhéanfaidh an Chúirt ar a cur i bhfeidhm sa chéad timthriall iniúchóireachta eile;

228. á mheabhrú gur slógadh os cionn EUR 5 bhilliún le Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic, a bunaíodh chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna an easáitithe agus na himirce neamhrialta, agus gur tháinig 88 % de sin ó CEF agus ó bhuiséad an Aontais; á chur in iúl gur oth léi an easpa trédhearcachta i mbainistiú agus i leithdháileadh na gcistí sin agus an deacracht a bhaineann le comhlíonadh na bprionsabal maidir le Cúnamh Oifigiúil Forbraíochta a fhíorú, mar a tugadh chun suntais i dTuarascáil Speisialta 17/2024 ón gCúirt; á iarraidh ar EUTF tacú go leordhóthanach leis na tosaíochtaí a comhaontaíodh; ag cur sonrú freisin, agus é ina ábhar imní di, i dtorthaí Thuarascáil Speisialta 20/2025 ón gCúirt maidir le tacaíocht an Choimisiúin chun an t-ocras a chomhrac san Afraic Fho-Shahárach, inar sainaithníodh laigí sa mheasúnú costais agus sa phleanáil tionscadal, lena n-áirítear grinnscrúdú neamhleor ar bhuiséid agus cásanna trealaimh neamhúsáidte nó trealaimh mhíchuí; á chur i bhfáth go mbaineann easnaimh den sórt sin an bonn ó bhainistíocht fhónta airgeadais agus á iarraidh ar an gCoimisiún anailís chostais, pleanáil um sholáthar agus cur chun feidhme bunaithe ar riachtanais a neartú;

Moltaí

229. á iarraidh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) rialuithe coisctheacha agus ceartaitheacha faoi cheannteideal 6 a neartú, trí aghaidh a thabhairt ar laigí athfhillteacha amhail caiteachas neamh-incháilithe, neamhrialtachtaí soláthair, doiciméadacht tacaíochta atá in easnamh agus caiteachas nár tabhaíodh iarbhír; á iarraidh go gcuirfí treoir threisithe ar fáil do thoscaireachtaí agus do chomhpháirtithe cur chun feidhme;

(ii) athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an gcreat dearbhaithe do bhainistíocht indíreach, go háirithe le heagraíochtaí a ndearnadh measúnú colúin orthu agus le hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais;

(iii) a áirithiú go mbeidh an conradh nua FDT oibríochtúil gan mhoill i mí Aibreáin 2026 toisc go mbaineann cur isteach ar FDT an bonn ó fhaireachán feidhmíochta agus ó dhíriú torthaí chur chun feidhme ICFCI; cur isteach ar FDT amach anseo a chosc trí mhaoiniú cobhsaí a áirithiú agus trína áirithiú go mbeidh uirlisí faireacháin ar fáil go leanúnach le linn thréimhse CAI;

(iv) an laghdú ar chistiú Cúnaimh don Trádáil do na tíortha is lú forbairt a aisiompú, anailís 2026 atá beartaithe a dhéanamh gan mhoill agus bearta ceartaitheacha a mholadh lena n-

áiritheofar go dtabharfaidh acmhainní Cúnaimh don Trádáil tús áite do na tíortha is mó atá i ngátar;

(v) moltaí na Ráthaíochta do Ghníomhaíochtaí Seachtracha lena gcomhlánaítear meastóireacht an Choimisiúin a chomhtháthú i dtogra reachtach nua CAI, lena n-áirítear úsáid mhéadaithe a bhaint as cumasc i dtíortha is lú forbairt, i dtíortha leochaileacha nó i dtíortha ina bhfuil coinbhleacht agus comhordú rannpháirteach le páirtithe leasmhara amhail an tsochaí shibhialta;

(vi) measúnuithe neamhchlaonta fianaisebhunaithe a áirithiú sa tuairisciú um méadú ionas nach sáróidh breithnithe polaitiúla critéir mheastóireachta oibiachtúla;

(vii) a áirithiú nach rachaidh aon chúnamh ón Aontas chun tairbhe d’eintitis tríú tíortha a bhfuil baint acu le sáruithe ar chearta an duine, le cos ar bolg ná le cúlú daonlathach, agus go gcuirfidh siad coinníollacht i bhfeidhm go dian, lena n-áirítear trí chúnamh a chur ar fionraí i gcás ina mbaintear an bonn ó luachanna bunúsacha an Aontais; achoimre mhionsonraithe a sholáthar ar na coimircí, ar na sásraí faireacháin agus ar na bearta ceartaitheacha a cuireadh chun feidhme chun ionracas agus cuntasacht chúnamh seachtrach an Aontais a chaomhnú;

(viii) leanúint de thacaíocht a thabhairt do chomhpháirtithe daonnúla iontaofa, rud ar a ndéanfaidh saineolaithe seachtracha agus an Chúirt formhaoirseacht neamhspleách, chun rialú éifeachtach agus muinín in úsáid chistí an Aontais a áirithiú;

(ix) forléargas comhdhlúite trédhearcach a sholáthar ar thacaíocht airgeadais uile an Aontais don Úcráin, lena n-áirítear deontais, iasachtaí agus ráthaíochtaí faoi ionstraimí agus saoráidí iomadúla, chun grinnscrúdú daonlathach a neartú agus cuntasacht iomlán a áirithiú;

(x) dlúthfhaireachán a dhéanamh ar na líomhaintí tromchúiseacha calaoise san Úcráin, agus leanúint de choinníollacht a chur i bhfeidhm i gcás ina sainaithnítear rioscaí sistéamacha nó mí-úsáid cistí; Parlaimint na hEorpa a choinneáil ar an eolas go rialta faoi ghníomhaíochtaí agus faoi thorthaí an Bhoird Iniúchóireachta chun formhaoirseacht pharlaiminteach chuí a áirithiú;

(xi) tuairisc a thabhairt ar mhéideanna CEFI+ a leithdháiltear agus a dhéantar a chonrú sna tíortha is lú forbairt agus ar thrédhearcacht maidir leis an gcaoi a n-urramaítear cuóta na leithdháiltí laistigh de MIPanna tíre;

(xii) tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir leis na bearta feabhais a rinneadh tar éis bailchríoch a chur ar athbhreithniú leanúnach AS INTPA ar a straitéis rialaithe;

(xiii) dlús a chur le dúnadh an 9ú CEF, ag tabhairt dá haire go bhfuil sé fós ar oscailt 17 mbliana tar éis an chlásail éagtha, agus athbhreithniú a dhéanamh ar na cúiseanna a chuir leis an timthriall cur chun feidhme fada;

(xiv) oibriú le BEI chun a áirithiú go mbeidh a oibríochtaí iasachtaithe i dtíortha nach bhfuil san Aontas ailínithe le cuspóirí beartais sheachtraigh an Aontais agus go mbeidh creataí éifeachtacha comhair le tíortha comhpháirtíochta ag gabháil leo;

(xv) ag spreagadh an Choimisiúin chun trédhearcacht a mhéadú trí dheaiseanna inrochtana a fhoilsiú lena rianaítear conarthaí gníomhaíochta seachtraí ardluacha, táscairí feidhmíochta, agus stádas moltaí ón gCúirt;

(xvi) an dícheall cuí airgeadais agus coimircí soláthair faoi Global Gateway a threisiú;

(xvii) a áirithiú go gcomhlíonfaidh comhpháirtithe cur chun feidhme rialacha infheictheachta go docht chun faisnéis thrédhearcach a chur i láthair don phobal agus á iarraidh go ndéanfar obair leantach níos déine i gcásanna nach gcomhlíontar na rialacha arís agus arís eile;

Riarachán

230. ag tabhairt dá haire gur EUR 13,3 billiún a caitheadh ar cheannteideal 7 CAI ‘Riarachán poiblí Eorpach’, arb ionann é agus 6,9 % de chaiteachas bhuiséad an Aontais in 2024; ag tabhairt dá haire go gcaitheann an Coimisiún Eorpach EUR 8 mbilliún arb ionann é agus 60,6 % den mhéid iomlán; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gurb é conclúid na Cúirte freisin le haghaidh 2024 gur réimse caiteachais ísealriosca é an caiteachas riaracháin; á chur i bhfáth gur cheart don Choimisiún, gan aon drogall, obair leantach a dhéanamh ar na saincheisteanna a shainaithin an Chúirt ina Tuarascáil Bhliantúil 2024 maidir le híocaíocht as seirbhísí TF;

231. ag cáineadh an phróisis lenar chinn an Coimisiún 23 dá fhoirgnimh oifige a dhíol sa Bhruiséil in 2023 agus 17 gcinn díobh a léasú ar ais ar feadh tréimhse go dtí 2029; ag tabhairt dá haire gur cosúil go ndearnadh an cinneadh é sin a dhéanamh gan measúnuithe tionchair soiléire a dhéanamh ar na hidirbhearta uile; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go háirithe nach bhfuair an Coimisiún ach tairiscint amháin ar an idirbheart ó chuideachta Bheilgeach faoi úinéireacht stáit, a chuir tairiscint thráscach isteach sular sheol an Coimisiún an glao ar iarratais agus nár chomhlíon an tairiscint na ceanglais sa ghlao ar thairiscintí maidir leis an tréimhse ama le haghaidh

bailíocht ráthaíochta bainc; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di go raibh easpa neamhspleáchais ag coiste meastóireachta an Choimisiúin ós rud é go raibh na comhaltaí uile faoi cheannas an oifigigh údarúcháin; ag cur sonrú, sa chomhthéacs sin, agus é ina ábhar imní di, sna gníomhaíochtaí bailithe fianaise a rinne OIPE le déanaí i ndáil leis an idirbheart sin, rud a threisíonn tuilleadh amhras tromchúiseach maidir le láimhseáil agus rialachas an díolacháin;

232. ag tabhairt dá haire go dtuairiscíonn an Coimisiún gur tíolacadh 54 iarraidh ar chúnamh faoi Airteagal 24 faoin Rialachán Foirne sa tréimhse 2021-2024 agus nach ndearnadh obair leantach ach ar 8 n-iarraidh nuair a osclaíodh fiosrúchán riaracháin; á mheas go bhfuil an líon sin íseal agus gur ábhar imní é, toisc go gciallaíonn sé gur diúltaíodh do 85 % de na hiarrataí gan aon obair leantach a dhéanamh; á chur in iúl gur geal léi gur neartaíodh oifig an Phríomhchomhairleora Iontaoibhe, agus é á chur san áireamh gur iarr thart ar 300 ball foirne de chuid an Choimisiúin cabhair uirthi i gcásanna a bhaineann le ciapadh laistigh d'aon bhliain amháin; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur cuireadh 14 ghearán faoi bhráid Oifig Imscrúdaithe agus Araíonachta an Choimisiúin (IDOC), inar dúnadh ceithre chás mar chásanna neamhbhailí tar éis measúnú a dhéanamh, agus gur dúnadh dhá chás gan obair leantach a dhéanamh tar éis fiosrúchán riaracháin; mar thoradh ar imeachtaí réamh-araíonachta, tugadh rabhadh amháin, rabhadh amháin i scríbhinn, agus eisíodh trí iomardú, tá cás amháin fós ag céim réamh-araíonachta agus tá dhá chás faoi bhráid an Bhoird Araíonachta faoi láthair, agus tuairiscíodh dhá chás go díreach do OLAF agus rinneadh an dá cheann acu a dhíbhe mar gheall ar amhras neamhleor; á chur i bhfáth gur cosúil go bhfuil na huimhreacha sin an-íseal d'eagraíocht a bhfuil níos mó ná 30 000 fostaí aici agus ag spreagadh an Choimisiúin chun feabhas a chur ar na féidearthachtaí d'fhostaithe cásanna ciaptha a chur chun cinn i dtimpeallacht shábháilte;

233. ag tabhairt dá haire, sa tréimhse 2021-2024, nár thuairiscigh baill foirne an Choimisiúin aon chás do OLAF inar cháiligh an fhoinse mar sceithire; á chur in iúl gur oth léi nár chuir an Coimisiún faisnéis ar fáil maidir le cé acu a tuairiscíodh nó nár tuairiscíodh cásanna ina ionad sin trí bhealaí ordlathacha inmheánacha nó don Ard-Rúnaí, nó maidir le líon na gcásanna sin; á mheas, in éagmais sonraí cuimsitheacha maidir le líon na gcásanna a ardaíodh, na bealaí a úsáideadh, agus na gníomhaíochtaí leantacha a rinne an Coimisiún i ngach cás, nach féidir a mheas an bhfuil an córas sceithireachta éifeachtach; ag tabhairt dá haire sa chomhthéacs sin go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún faoi láthair ar a Threoirlínte maidir le Sceithireacht i bhfianaise an chásdlí agus na taithí praiticiúla a bhaineann le cur chun feidhme Threoir (AE) 2019/1937 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais sna Ballstáit, d'fhonn iad a ailíniú chomh dlúth agus is féidir leis an Treoir;

234. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol spéise di, gur cuireadh de chúram ar an gCoimisinéir um an mBuiséad agus Comhrac Calaoise agus um an Riarachán Poiblí ina litir mhisin athbhreithniú mórscála a dhéanamh ar eagrú agus oibríochtaí an Choimisiúin; á chur in iúl go n-aontaíonn sí i bprionsabal go bhfuil sé tábhachtach go scrúdódh gach eagraíocht go tréimhsiúil an bhfuil a heagraíocht agus a nósanna imeachta cothrom le dáta; á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh an próiseas trédhearcach i gcónaí agus go mbeadh eagraíochtaí ábhartha a dhéanann ionadaíocht ar fhoireann an Choimisiúin agus ar ghníomhaithe ábhartha eile rannpháirteach go hiomlán sa phróiseas, agus chun muinín agus glacadh le toradh an athbhreithnithe ag na páirtithe leasmhara uile a chothú, lena n-áirítear go háirithe an fhoireann lena mbaineann;

235. á chur i bhfios go láidir gur príomhghnéithe de rialachas fónta, cuntasach agus daonlathach iad trédhearcacht sa riarachán agus rochtain ar fhaisnéis agus ar dhoiciméid; á chur in iúl gur oth léi, ina leith sin, go raibh go leor samplaí ann le blianta beaga anuas nár chomhlíon an Coimisiún caighdeáin trédhearcachta réasúnacha; ag cur sonrú i mbreithiúnas na Cúirte Ginearálta i gcás T-36/23, Stevi agus The New York Times v an Coimisiún; á mheas nár cheart malartuithe neamhfhoirmiúla a chur in ionad cumarsáid oifigiúil agus nach mór aon fhaisnéis a bhaineann le cinnteoireacht nó sreabhadh oibre a tharchur trí bhealaí oifigiúla agus lánurraim á tabhairt do cheanglais trédhearcachta; á chur i bhfáth go bhfuil sé tábhachtach d’inchreidteacht an Choimisiúin go n-áiritheoidh sé cur chun feidhme docht na dtreoirlínte a bhaineann le húsáid teachtaireachtaí téacs i ndáil le sreafaí oibre; á mheabhrú nach gcáileofar mar dhoiciméid faoi Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 teachtaireachtaí téacs a sheolann nó a fhaigheann oifigigh an Aontais ach amháin má bhaineann siad le beartas nó cinntí an Aontais;

236. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go ndearna an Coimisiún athbhreithniú in 2024 ar a rialacha inmheánacha maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid; á mheas go bhfuil na hathruithe sin ar neamhréir leis an gceart rochtana ar dhoiciméid mar a forbraíodh i Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001; á chur i bhfáth, mar shampla, go luaitear sna rialacha nach gclárófar ach ‘ábhar is faisnéis thábhachtach nach bhfuil gearrshaolach’ agus go gceanglaítear leis go rachaidh teachtaireachtaí téacs ar iarraidh go huathoibríoch; ag tabhairt dá haire go bhfuil agóid á déanamh faoi láthair os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcoinne dhlíthiúlacht na rialacha sin;

237. á chur i bhfáth gur príomhphrionsabal é rochtain ar dhoiciméid chun trédhearcacht sa riarachán poiblí a áirithiú; á chur in iúl, ar an drochuair, nach bhfuil freagraí tugtha ag an gCoimisiún laistigh de na spriocdhátaí sonraithe in go leor cásanna, go háirithe maidir le cásanna faoi na hiarratais dhaingniúcháin inar aimsigh an tOmbudsman Eorpach moilleanna sistéamacha agus suntasacha i riarachán an Choimisiúin; á thabhairt chun suntais go bhfuil sé

ríthábhachtach d’inchreidteacht an Choimisiúin gur féidir le hiriseoirí agus leis an bpobal i gcoitinne rochtain a fháil ar dhoiciméid laistigh de na spriocdhátaí is infheidhme go dlíthiúil; á chur i bhfáth, thairis sin, go n-éilíonn trédhearcacht nach amháin rochtain thráthúil ach freisin go ndréachtaítear na doiciméid féin i dteanga shoiléir intuigthe, toisc go bhféadfadh cumarsáid ró-theicnealathach bac a chur ar rochtain fhóinteach na saoránach ar fhaisnéis fiú nuair a bhíonn doiciméid ar fáil;

238. á mheabhrú gur aimsigh an tOmbudsman Eorpach cásanna drochriaracháin i ndáil le roinnt tograí reachtacha a chuir an Coimisiún ar fáil in 2025; ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis mhór imní di, go n-áirítear pacáiste Omnibus I sna cásanna sin; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cloí leis na rialacha maidir le reachtóireacht níos fearr; á chur i dtreis a thábhachtaí atá reachtaíocht láidir mharthanach atá fónta ó thaobh an dlí de agus lena n-áirithítear timpeallacht rialála chobhsaí intuartha, d’fhonn an Margadh Aonair a neartú agus borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais freisin;

239. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di go mbaineann roinnt líomhaintí éillithe leis an gCoimisiún, lena n-áirítear iar-Chomhaltaí den Choimisiún agus oifigigh shinsearacha; ag tabhairt dá haire go háirithe, tar éis imscrúdú coiriúil a oscailt ar líomhaintí éillithe a raibh baint ag oifigeach sinsearach de chuid an Choimisiúin leo ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ag deireadh 2024 agus de bhun an mholta a d’eisigh OLAF in 2024, gur sheol an Coimisiún a nós imeachta araíonachta féin maidir leis an oifigeach sin; ag tabhairt dá haire gur fhógair an Coimisiún le déanaí gur thug sé an nós imeachta i gcrích, agus gur chinn sé gur sháraigh an t-oifigeach lena mbaineann na rialacha is infheidhme de na Rialacháin Foirne, lena n-áirítear forálacha a bhaineann le coinbhleachtaí leasa, trédhearcacht, glacadh le bronntanais agus nochtadh doiciméad; á mheabhrú gur lean an nós imeachta araíonachta torthaí OLAF, a scrúdaigh líomhaintí gur malartaíodh faisnéis rúnda maidir le comhaontú mór eitlíochta le Stát Chatar in ionad bronntanas; ag tabhairt dá haire, i bhfianaise phost an oifigigh shinsearaigh mar Ard-Stiúrthóir in Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair sa Choimisiún ag an am, go raibh tionchar suntasach aige ar an bpróiseas caibidlíochta agus, dá bhrí sin, ar an gComhaontú maidir le hAeriompar a d’eascair as sin idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Stát Chatar, a síníodh an 18 Deireadh Fómhair 2021; i bhfianaise chineál na bhfíoras a thug ar an gCoimisiún nós imeachta araíonachta a thionscnamh agus i bhfianaise chineál na mbeart arna gcinneadh ag Coláiste na gCoimisinéirí i leith an oifigigh shinsearaigh sin, á mheas gur cheart cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe sin a mheas agus, más gá, a chur ar fionraí;

240. á mheabhrú go bhforáiltear sa Chód Iompair do Chomhaltaí den Choimisiún Eorpach maidir le tréimhse grinnscrúdaithe dhá bhliain

d’iar-Chomhaltaí den Choimisiún i gcás gníomhaíochtaí gairmiúla tar éis dheireadh a dtéarma; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú nach dtabharfaidh iar-Chomhaltaí den Choláiste ach faoi ghníomhaíochtaí iarthéarma atá comhoiriúnach d’Airteagal 245 CFAE; á mheabhrú freisin go sonraítear sa Chód Iompair nach mór do Choimisinéirí aon ghníomhaíocht a sheachaint a d’fhéadfadh cur isteach ar a neamhspleáchas nó ar a mbraistint ina leith, go háirithe le linn tréimhsí atá íogair ó thaobh na polaitíochta de amhail feachtais toghcháin;

241. ag cur sonrú, agus é ina chúis mhór imní di, sna malartuithe a tuairiscíodh le déanaí idir baill foirne den Ard-Stiúrthóireacht um an Trádáil agus Slándáil Eacnamaíoch (AS TRADE) sa Choimisiún agus ionadaithe ón tionscal tobac, ina dtugtar le fios go bhféadfadh sé gur ghníomhaigh baill foirne de AS TRADE ar bhealaí a théann chun tairbhe do chuideachta san earnáil trí thríú tíortha a spreagadh chun srianta rialála agus beartais chánach ar tháirgí tobac áirithe a lagú; ag tabhairt dá haire, sa chinneadh uaidh an 19 Nollaig 2023, gur chinn an tOmbudsman Eorpach gur drochriarachán a bhí i gceist leis an gCoimisiún gan cur chuige cuimsitheach a áirithiú ar fud na ranna uile maidir le trédhearcacht i gcruinnithe leis an tionscal tobac; á mheabhrú, mar Chompháirtí i gCreat-Choinbhinsiún EDS maidir le Rialú Tobac (FCTC), go gcaithfidh an tAontas a bheartais a chosaint ar leasanna tráchtála agus leasanna dílsithe eile an tionscail tobac agus idirghníomhaíochtaí a theorannú go docht don mhéid is gá chun críoch rialála; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, nár cheart aon idirghníomhaíocht maidir le beartais rialaithe tobac tríú tíortha a cheadú; á chur in iúl gur oth léi nár nochtadh na cruinnithe a tuairiscíodh a tionóladh; á iarraidh go ndéanfaí Airteagal 5.3 de FCTC a chur chun feidhme go hiomlán, lena n-áiritheofar go mbeidh idirghníomhaíochtaí teoranta go docht agus go hiomlán trédhearcach;

242. á chur in iúl gur saoth léi na heasnaimh theicniúla, eagraíochtúla agus nós imeachta mharthanacha agus chriticiúla a bhaineann le feidhmiú EPSO le blianta beaga anuas as ar eascair damáiste tromchúiseach do chlú phróiseas earcaíochta ginearálta an Aontais agus a raibh iarmhairtí tromchúiseacha diúltacha acu do go leor iarrthóirí a d’infheistigh am agus acmhainní chun iarracht a dhéanamh páirt a ghlacadh i nósanna imeachta roghnúcháin a cuireadh ar ceal, a raibh moill orthu nó a raibh easnaimh thromchúiseacha theicniúla acu; á mheabhrú gur chinn an tOmbudsman Eorpach, i roinnt fiosrúchán ar leithligh, go ndearna EPSO drochriarachán agus é ag láimhseáil gearáin iarrthóirí, go háirithe maidir le nósanna imeachta tástála cianda, easnaimh ardáin agus cumarsáid neamhréireach maidir le saincheisteanna teicniúla; á chur i bhfáth go bhfuil an baol ann go mbainfidh na heasnaimh sin an bonn ó tharraingteacht, inchreidteacht agus acmhainneacht riaracháin fhadtéarmach institiúidí an Aontais agus, dá bhrí sin, go bhfuil gá le gníomhaíocht cheartaitheach phráinneach ina leith;

243. ag tathant ar cheannaireacht an Choimisiúin agus EPSO meastóireacht a dhéanamh ar gach gné den nós imeachta roghnúcháin, lena n-áirítear rialachas, bonneagar digiteach, cumarsáid le hiarrthóirí agus gearáin ó iarrthóirí a láimhseáil, chun a áirithiú gur féidir leis an gCoimisiún agus le hinstitiúidí eile de chuid an Aontais brath go hiomlán agus gan mhoill ar EPSO chun iarrthóirí ardcháilithe agus spreagtha a shainaithint agus a roghnú do gach cineál poist sna hinstitiúidí; ag spreagadh an Choimisiúin, ag an am céanna, chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí leanúnacha san ionadaíocht gheografach ar fud na seirbhísí;

Scoileanna Eorpacha

244. ag tabhairt dá haire gur EUR 439,5 milliún a bhí sa bhuiséad foriomlán do na Scoileanna Eorpacha do 2024, arb ionann é agus méadú 5,3 % ó 2023; á mheabhrú go bhfuil Scoileanna Eorpacha á gcistiú go príomha ag an gCoimisiún Eorpach, ag Institiúidí Eorpacha eile, ag na Ballstáit agus ag táillí ó thuismitheoirí;

245. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, nár aimsigh SII ná an tAonad um Chumas Rialaithe Inmheánaigh (ICC) saincheisteanna criticiúla ina n-iniúchtaí agus ina rialuithe in 2024; ag tabhairt dá haire, áfach, gur cheart aghaidh a thabhairt ar laigí sainaitheanta i mbainistiú acmhainní daonna agus i nósanna imeachta soláthair phoiblí mar ábhar tosaíochta;

Barúlacha maidir leis an nós imeachta um urscaoileadh

246. á chur i bhfáth go mbeadh an Pharlaimint ag dréim leis go gcuirfeadh an Coimisiún na freagraí mionsonraithe ar an rún maidir le hurscaoileadh ar fáil sula dtionscnófar na héisteachtaí um urscaoileadh don bhliain dár gcionn, a thosóidh de ghnáth go luath i mí na Samhna; á chur in iúl gur oth léi nach bhfuair sí freagraí mionsonraithe ón gCoimisiún ar na hiarrataí sonracha a rinne Parlaimint na hEorpa sa tuarascáil maidir le hurscaoileadh don bhliain airgeadais 2023 go dtí tús mhí na Nollag 2025; á chur i bhfáth go mbaineann moilleanna den sórt sin an bonn ó éifeachtúlacht an phróisis um urscaoileadh tríd an ualach oibre don dá institiúid a mhéadú agus trí fhócas an ghrinnscrúdaithe pharlaimintigh a laghdú;

247. á chur i bhfios go láidir, nuair nach féidir leis an gCoimisinéir freagrach ceisteanna ó bhéal a fhreagairt go díreach le linn éisteacht um urscaoileadh sa Pharlaimint, gur cheart freagraí leantacha i scríbhinn a chur ar fáil don Pharlaimint laistigh den tréimhse ama chomhaontaithe; á mheabhrú gur cuid lárnach de ghrinnscrúdú parlaiminteach éifeachtach agus de chuntasacht dhaonlathach é freagraí tráthúla agus substaintiúla a sholáthar;

248. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go n-urramaíonn formhór na gCoimisinéirí an nós imeachta um urscaoileadh agus go nglacann siad páirt sna héisteachtaí mar a d’iarr an coiste um rialú

buiséadach; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról cinntitheach ag Uachtarán an Choimisiúin ina ról mar cheann an Choimisiúin i gceapadh agus i gcur chun feidhme mhórthionscnaimh agus mhórthograí beartais uile an Choimisiúin; á mheas, san fheidhm sin, gur cheart d'Uachtarán an Choimisiúin páirt ghníomhach a ghlacadh sa nós imeachta um urscaoileadh agus á chur i bhfios go láidir, sa chomhthéacs sin, a thábhachtaí atá sé go nglacfadh Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh páirt sa díospóireacht iomlánach maidir le hurscaoileadh;

Moltaí:

249. á iarraidh ar an gCoimisiún, go háirithe, an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) a áirithiú go ndéanfar aon chinneadh amach anseo maidir le hoibríochtaí díolacháin agus oibríochtaí díolacháin agus aisléasaithe a bhaineann le foirgnimh ar bhonn measúnuithe tionchair críochnúla, gur cheart níos mó ná tairiscint amháin a fháil agus nach mór do choistí meastóireachta a bheith neamhspleách ar na hoifigigh údarúcháin;

(ii) na céimeanna a bheidh ann amach anseo den athbhreithniú mórscála ar eagraíochtaí agus oibríochtaí an Choimisiúin a dhearadh ar bhealach trédhearcach agus a áirithiú go mbeidh na heagraíochtaí ábhartha a dhéanann ionadaíocht ar fhoireann an Choimisiúin agus ar ghníomhaithe ábhartha eile rannpháirteach go hiomlán sa phróiseas;

(iii) an fhaisnéis agus an doiciméadacht ábhartha uile a sholáthar don údarás um urscaoileadh maidir le 23 cinn dá fhoirgnimh a dhíol in 2023, lena n-áirítear cuntas mionsonraithe ar na céimeanna nós imeachta uile a glacadh amhail an mhodheolaíocht luachála a úsáideadh agus measúnú ar thairiscintí iomaíocha, i dtrédhearcacht iomlán agus aird chuí á tabhairt ar imscrúdú leanúnach OIPE;

(iv) staidéar seachtrach ó shaineolaithe neamhspleácha a choimisiúnú faoi choimirce an Phríomhchomhairleora Iontaoibhe lena ndéanfar anailís ar fheidhmiú nó ar mhífheidhmiú an nós imeachta foirmiúil um chiapadh agus lena molfar modhanna chun é a dhéanamh níos éifeachtaí;

(v) forléargas cuimsitheach a thabhairt don údarás um urscaoileadh, don tréimhse 2021-2025, ar chásanna sceithireachta arna n-ardú ag baill foirne, lena n-áirítear líon na gcásanna, na bealaí tuairiscithe a úsáideadh (lena n-áirítear an t-ordlathas faoi seach, an tArd-Rúnaí agus OLAF), na gníomhaíochtaí leantacha a rinneadh i ngach cás, agus stádas fostaíochta na ndaoine tuairiscithe;

(vi) i gcomhthéacs a athbhreithnithe ar na Treoirlínte maidir le Sceithireacht, gach beart is gá a dhéanamh chun iad a ailíniú leis na caighdeáin a leagtar amach sa Treoir;

(vii) na treoirlínte maidir le húsáid teachtaireachtaí téacs i ndáil le sreafaí oibre a chur chun feidhme, chun a áirithiú go dtarchuirfear aon fhaisnéis a bhaineann le cinnteoireacht, nó sreabhadh oibre trí bhealaí oifigiúla, agus lánurraim á tabhairt do cheanglais trédhearcachta;

(viii) athbhreithniú a dhéanamh ar athruithe 2024 ar Rialacha Mionsonraithe an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm Rialachán 1049/2001 agus leasú a dhéanamh ar a Rialacha Nós Imeachta chun comhlíonadh iomlán Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 a áirithiú;

(ix) a áirithiú go láimhseálfar iarratais ar rochtain ar dhoiciméid go tráthúil agus i gceart, ag gach céim den phróiseas;

(x) cur i bhfeidhm intuartha, comhsheasmhach agus neamhthreallach a rialacha maidir le Rialáil Níos Fearr a áirithiú, trí chásanna ‘práinneacha’ a shainiú ina dtugtar údar le maolú ar na ceanglais a leagtar amach sna rialacha agus, i gcás ina ndeonaítear maoluithe, nós imeachta a bhunú chun a áirithiú go mbeidh ullmhú práinneach tograí reachtacha fós i gcomhréir leis na prionsabail a bhaineann le próiseas reachtóireachta atá trédhearcach, fianaise-bhunaithe agus cuimsitheach;

(xi) a áirithiú go gcloífear le prionsabail an neamhspleáchais agus an ionracais, mar a leagtar amach iad sa Chód Iompair do Chomhaltaí den Choimisiún Eorpach, agus an caighdeán iompair eiticiúil is airde á urramú;

(xii) dlús a chur leis an obair chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh EPSO mar is ceart chun iarrthóirí leordhóthanacha ardcháilithe a chur ar fáil d’institiúidí an Aontais;

(xiii) i gcomhar le EPSO agus le hinstitiúidí eile an Aontais, a áirithiú go gcuirfear moltaí an Ombudsman maidir le EPSO chun feidhme go hiomlán agus go tráthúil agus muinín a athbhunú i gcothroime, in inrochtaineacht agus in iontaofacht phróisis roghnúcháin EPSO, agus an dul chun cinn a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

(xiv) leanúint de bhreithniú a dhéanamh ar na féidearthachtaí uile maidir le míchothromaíochtaí suntasacha geografacha agus inscne a cheartú i gcatagóirí éagsúla den fhoireann;

(xv) caighdeáin intomhaiste i dteanga shimplí a ghlacadh dá chumarsáid phoiblí uile agus plean gníomhaíochta a fhorbairt chun feabhas a chur ar inrochtaineacht ar a chuid foilseachán,

lena n-áirítear preaseisiúintí, doiciméid chláir, tuarascálacha bliantúla agus tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí, do shaoránaigh i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, agus tuairisciú ar a chur chun feidhme don údarás um urscaoileadh;

(xvi) idirchaidreamh a dhéanamh leis an gComhscéim Árachais Breoiteachta (JSIS) chun a áirithiú go soláthraítear léi cumhdach do raon níos leithne tinneas, lena n-áirítear tuilleadh galair uath-imdhíonachta, agus chun aisíocht a dhéanamh i leith raon níos leithne tástála agus cóireálacha;

(xvii) meastóireacht a dhéanamh ar Chomhaontú 2021 maidir le hAeriompar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Stát Chatar agus, más gá, é a chur ar fionraí;

(xviii) obair leantach a dhéanamh ar thorthaí an Ombudsman agus imscrúdú práinneach a dhéanamh ar na malartuithe idir baill foirne de chuid AS TRADE agus ionadaithe ón tionscal tobac, agus a thorthaí a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

CAIBIDIL II - An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA)

Barúlacha na Cúirte

250. ag tabhairt dá haire gur eisigh an Chúirt tuairim cháilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht chaiteachas STA don tríú bliain as a chéile, tar éis conclúidí comhchosúla in 2022 agus 2023; ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt sampláil in 2024 ar 395 gharsprioc agus sprioc ar fud 28 n-íocaíocht deontais, lenar cumhdaíodh EUR 53,5 billiún as EUR 59,9 billiún san iomlán a eisíocadh in 2024 agus, cé nach gcuireann an Chúirt ráta earráide ar fáil mar gheall ar shamhail chaiteachais shonrach STA, measann sí go sáraíonn íostionchar airgeadais a torthaí an tairseach ábharthachta; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil treocht mhéadaitheach ann maidir le tionchar airgeadais foriomlán na dtorthaí cainníochtúla; á chur in iúl gur cúis imní di go raibh tionchar ag torthaí cainníochtúla, de réir chonclúid na Cúirte, ar shé cinn as 28 n-íocaíocht deontais STA a rinneadh in 2024, agus go raibh tionchar ag earráid ábhartha ar chúig cinn de na híocaíochtaí sin; ag tabhairt dá haire, i dtuairim na Cúirte, seachas na nithe seo, go bhfuil caiteachas STA a glacadh i gcuntais 2024 dleathach agus rialta i ngach gné ábhartha;

251. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur shainaithin an Chúirt sé gharsprioc i gcúig íocaíocht nár comhlíonadh go sásúil; ag tabhairt dá haire, sna cásanna sin, gur níos mó ná diallas íosta inghlactha a bhí sna heilimintí a bhí in easnamh agus go ndeachaigh an Coimisiún ar aghaidh leis na híocaíochtaí comhfhreagracha mar sin féin; ag tabhairt dá haire, thairis sin, i gceann amháin de na sé chás, gur bhraith an Coimisiún ina mheasúnú tosaigh ar shonraí agus ar sheiceálacha arna soláthar ag an mBallstát gan tástáil bhreise a dhéanamh chun a n-iontaofacht a fhíorú;

252. ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur shainaithin an Chúirt 12 chás breise laigí i measúnú an Choimisiúin, ar cásanna iad, cé nach raibh tionchar acu ar chomhlíonadh sásúil na garsprice nó na sprice lena mbaineann, a léirigh nach ndearna an Coimisiún seiceálacha leordhóthanacha chun measúnú a dhéanamh ar iontaofacht na sonraí agus na seiceálacha arna soláthar ag na Ballstáit;

253. ag tabhairt dá haire, faoi STA, go mbíonn íocaíochtaí ón gCoimisiún leis na Ballstáit coinníollach ar chomhlíonadh sásúil na ngarspriocanna agus na spriocanna comhaontaithe, seachas ar fhíorú go bhfuil caiteachas aonair i gcomhréir le rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta, rud a fhágann go mbíonn sé dúshlánach measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas dlíthiúil is infheidhme; ag tabhairt dá haire freisin nach sonraítear le Rialachán STA critéir chun an téarma ‘sásúil’ a léirmhíniú i ndáil le comhlíonadh garspriocanna agus spriocanna, agus, i gcás critéir cháilíochtúla, go mbraitheann an measúnú sin ar bhreithiúnais iolracha, rud a fhágann

go mbíonn léirmhínithe éagsúla ann maidir le cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar garspriocanna nó spriocanna go sásúil; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil na critéir chun measúnú a dhéanamh ar a gcomhlíonadh fós doiléir mar thoradh ar chásanna garspriocanna nó spriocanna atá sainithe go doiléir, ar garspriocanna nó spriocanna iad a sainaithníodh;

254. á thabhairt dá haire gur shainaithin an Chúirt freisin ceithre chás de gharspriocanna nó spriocanna a bhí sainithe go doiléir, a bhí aitheanta freisin ag an gCoimisiún ina réamh-mheasúnú agus a raibh doiciméadú déanta ag an gCoimisiún orthu sa réamh-mheasúnú sin; ag tabhairt dá haire, nuair a shainítear garspriocanna agus spriocanna i dtéarmaí doiléire, go n-éiríonn na critéir chun measúnú a dhéanamh ar a gcomhlíonadh doiléir freisin, rud a bhaineann an bonn ó stóinseacht agus ó shoiléireacht an phróisis measúnaithe; ag tabhairt dá haire go n-aithníonn an Coimisiún go bhféadfaí garspriocanna agus spriocanna a leagtar síos sna Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle a dhréachtú ar bhealach níos soiléire i gcásanna áirithe;

255. á mheabhrú gur sainordaíodh le sár-gharspriocanna STA don Pholainn athchóirithe sonracha i réimse an cheartais lena n-áirítear ar an gcéad dul síos, díchóimeáil Dhlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí agus Dlísheomra neamhspleách den Chúirt Uachtarach a chur ina ionad, agus ar an dara dul síos, go raibh sé de cheart ag na breithiúna uile a ndearna rialuithe an Dlísheomra Araíonachta difear dóibh a gcás a chur faoi bhráid an Dlísheomra nua laistigh de thréimhse shoiléir ama; á chur in iúl go bhfuil imní uirthi faoin diúltú leanúnach atá á dhéanamh ag uachtarán na Polainne na hathchóirithe a mhol Rialtas na Polainne in 2025 agus a ghlac Parlaimint na Polainne maidir leis an smacht reachta a shíniú i ndlí, arb é is aidhm dóibh moltaí an Choimisiúin Eorpaigh a chur chun feidhme maidir le comhlíonadh na ngarspriocanna breithiúnacha faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta; á chur i bhfáth go bhfuil comhlíonadh garspriocanna a bhaineann le neamhspleáchas na mbreithiúna, i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, bunriachtanach chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus chun buiséad an Aontais a chosaint;

256. ag tabhairt dá haire gur chinn an Chúirt go raibh tús curtha le tionscadail a bhaineann le garsprioc amháin agus trí sprioc in dhá íocaíocht roimh an tréimhse incháilitheachta; ag tabhairt dá haire go bhforáiltear sa Rialachán nach féidir ach bearta a thosaigh ón 1 Feabhra 2020 ar aghaidh a mhaoiniú faoi STA, ach nach sainmhínítear a thuilleadh cad is ‘tús’ birt ann; ag tabhairt dá aire gur eisigh an Coimisiún treoraíocht i mí Eanáir 2021 ina ndéantar léirmhíniú ar ‘thús’ birt mar thús a chur chun feidhme ar an láthair, nuair a thosaítear ar chostais a thabhú; á aithint go measann an Chúirt gurb é atá i dtús birt dáta an chéad ghealltanais dhlíthiúil (e.g. conradh, ordú ceannaigh, nó cinneadh maoiniúcháin), arb é atá

ann tús na chéad ghníomhaíochta a bhaineann leis an mbeart, agus go measann an Coimisiún gurb é atá i dtús birt tús an chur chun feidhme ar an láthair nuair a thosaítear ar chostais a thabhú; á aithint go bhfuil léirmhínithe éagsúla ann ar a bhfuil i gceist le ‘tús’ birt faoi STA;

257. ag tabhairt dá haire gur tháinig méadú níos mó ná 30 % ar iasachtaíocht an Aontais atá gan íoc in 2024, rud a léiríonn úsáid leathnaithe an Choimisiúin as margaí caipitil chun cláir mhórscála a mhaoiniú amhail SURE agus NGEU; á thabhairt dá haire go bhféadfadh an iasachtaíocht iomlán gan íoc a bheith níos mó ná EUR 900 billiún 2027, méid atá beagnach deich n-oiread an leibhéil a taifeadadh in 2020 sular seoladh NGEU; á thabhairt dá haire, ó bhí mí na Nollag 2022 ann, go bhfuil straitéis cistiúcháin éagsúlaithe curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún mar a mhodh caighdeánach chun cistí a thiomsú ar mhargaí caipitil, agus gur EUR 601,3 billiún a bhí i luach ainmniúil iasachtaíocht gan íoc an Aontais ag deireadh 2024, is é sin méadú ó EUR 458,5 billiún in 2023; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go mbeidh impleachtaí fadtéarmacha ag an leibhéal fiachais atá ag ardú agus ag an méadú gaolmhar ar chostais úis do chobhsaíocht fhioscach an Aontais, rud a bhféadfadh brú airgeadais níos mó a bheith mar thoradh air agus a d’fhéadfadh cumas an Aontais freagairt do dhúshláin a bheidh ann amach anseo nó infheistíocht a dhéanamh i bpríomhthosaíochtaí straitéiseacha a laghdú;

258. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur EUR 55,9 billiún a bhí in íocaíochtaí deontais bliantúla STA arna maoiniú ag NGEU in 2024, agus nár shroich siad ach thart ar leath den leibhéal a raibh coinne ag an gCoimisiún leis i mí an Mheithimh 2023 (EUR 96,0 billiún), rud a léiríonn moilleanna leanúnacha ar iarrataí ar íocaíocht a chur isteach agus a phróiseáil; ag tabhairt dá haire, áfach, gur tháinig méadú ar an móiminteam i dtreo dheireadh na bliana, agus iarrataí ar íocaíocht dar luach EUR 58,5 billiún san iomlán curtha isteach ag 15 Bhallstát i mí na Nollag 2024;

259. ag tabhairt dá haire, faoi dheireadh 2024, gurbh é a bhí in íocaíochtaí faoi STA EUR 197,5 billiún as EUR 358,9 billiún i ndeontais gheallta, rud a fhágann go bhfuil suas le EUR 161,4 billiún fós le heisíoc faoi dheireadh 2026; ag tabhairt dá haire, mar gheall ar an méid suntasach íocaíochtaí gan íoc sin, atá comhchruinnithe sa dá bhliain dheireanacha den ionstraim, go méadaítear an baol go mbeidh scrogaill cur chun feidhme agus tuilleadh moilleanna ann, go háirithe sna Ballstáit a bhfuil srianta acmhainneachta struchtúracha orthu; á chur i bhfáth go mbeidh ionsú tráthúil na ndeontas STA atá fágtha ag brath ar cháilíocht agus aibíocht na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí, ar chobhsaíocht na gcóras rialachais náisiúnta, ar infhaighteacht acmhainne riaracháin agus tacaíochta teicniúla, agus ar chumas an Choimisiúin líon ard iarrataí ar íocaíocht a phróiseáil go héifeachtúil laistigh de thréimhse ama chomhbhrúite;

260. ag cur sonrú i gcinneadh na Cúirte go raibh cur chun feidhme dheontais STA níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis, agus gur cuireadh dlús le hionsú breisithe NGEU in 2024; ag tabhairt dá haire gur EUR 55,9 billiún a bhí in íocaíochtaí bliantúla dheontais STA in 2024, ar maoiníodh EUR 7,9 billiún de ó REPowerEU agus EUR 48,0 billiún de ó dheontais NGEU, agus nach raibh sna híocaíochtaí bliantúla do dheontais STA arna maoiniú ag NGEU ach leath an mhéid a raibh coinne ag an gCoimisiún leis i mí an Mheithimh 2023 (EUR 96 bhilliún); á thabhairt chun suntais, áfach, gur thíolaic 15 Bhallstát iarrataí ar íocaíocht arbh fhiú EUR 58,5 billiún san iomlán iad i mí na Nollag 2024; ag tabhairt dá haire, le híocaíochtaí faoi dheireadh 2024 arbh fhiú EUR 197,5 billiún as EUR 358,9 billiún de ghealltanais a rinneadh iad, go bhfuil deontais STA suas le EUR 161,4 billiún fós ar fáil lena n-íoc faoi dheireadh 2026;

261. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur admhaigh an Coimisiún, ina thuarascáil an 8 Deireadh Fómhair 2025 maidir le cur chun feidhme STA, go bhfuil difríocht shuntasach idir luas an chur chun feidhme i measc na mBallstát, agus nach bhfuil íocaíochtaí faighte ach ag sé Bhallstát arb ionann iad agus níos mó ná 65 % dá n-imchlúdach iomlán STA agus go bhfuil níos mó ná 50 % dá leithdháileadh faighte ag ceithre Bhallstát eile; á chur in iúl gur cúis bhuartha di na héagothromaíochtaí suntasacha in ionsú dheontais STA go dtí seo; á chur i bhfáth, agus níos lú ná 6 mhí fágtha go dtí spriocdháta mhí Lúnasa 2026, go bhfuil cur chun feidhme tráthúil agus éifeachtach athchóirithe agus infheistíochtaí ag na Ballstáit ag éirí níos práinní;

262. á chur i dtábhacht gur cúis bhuartha di cinntí na Cúirte i dTuarascáil Speisialta 22/2024 maidir le cistiú dúbailte mar thoradh ar shamhail STA; á chur i dtábhacht go bhféadfadh bearta ar a dtugtar ‘bearta saor ó chostas’ a bheith san áireamh i bpleananna náisiúnta na mBallstát, i.e. bearta a mheastar nach bhfuil aon chostas le maoiniú ag STA ina leith, agus nach ndéantar aon seiceáil ina leith le haghaidh cistiú dúbailte, toisc go measann an Coimisiún nach bhfuil aon riosca den sórt sin ag baint le bearta nach bhfaigheann aon chistí STA; ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Chúirt cásanna féideartha cistiúcháin dhúbailte i ndáil le bearta STA; á mheabhrú go mbaineann an toradh a tuairiscíodh sa Chróit le beart saor ó chostas den sórt sin, agus nach measann an Coimisiún ná an Ballstát gur dúblaíodh aon chistí STA; á chur i bhfios go láidir go léiríonn cinneadh na Cúirte léirmhíniú éagsúil ar a bhfuil i gceist le cistiú dúbailte ‘cistithe’ seachas cistiú dúbailte iarbhír; á chur i bhfáth, mar sin féin, go gcruthaíonn ‘bearta saor ó chostas’ agus easpa cros-seiceálacha córasacha caochspota struchtúrach a n-éilítear faireachán agus treoraíocht neartaithe ina leith; á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de mhonatóireacht a dhéanamh ar na rialacha maidir le cistiú dúbailte agus treoraíocht a thabhairt dóibh maidir leo, agus an creat dlíthiúil agus modheolaíoch a bunaíodh i Rialachán STA á aithint ag an am céanna;

263. á mheabhrú go sonraítear sa Rialachán nár cheart aisiompú a bheith déanta ar bhearta agus gníomhaíochtaí a bhaineann le garspriocanna agus spriocanna a comhlíonadh roimhe sin, agus go gceanglaítear ar na Ballstáit an neamh-aisiompú sin a dheimhniú sna dearbhuithe bainistíochta a ghabhann lena n-iarrataí ar íocaíocht; á chur in iúl gur saoth léi nach gcuireann creat dlíthiúil STA ar chumas an Choimisiúin aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar aisiompuithe tar éis an 31 Nollaig 2026;

264. á chur i bhfios go láidir, i gcomhréir le hAirteagal 12(1) den Chomhaontú Maoiniúcháin agus le hAirteagal 21(1) den Chomhaontú Iasachta, ‘go bhféadfaidh an Coimisiún fíoruithe, athbhreithnithe, seiceálacha agus iniúchtaí a dhéanamh chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme maidir leis an bhfaisnéis agus an réasúnú a bhaineann le comhlíonadh sásúil garspriocanna agus spriocanna in iarraidh ar íocaíocht’, agus go bhféadfar fíoruithe, athbhreithnithe, seiceálacha agus iniúchtaí den sórt sin a dhéanamh ar feadh tréimhse tar éis do STA dul in éag agus go bhféadfaidís cabhrú le cásanna a shainaithint nach raibh an fhaisnéis is bonn leis an iarraidh ar íocaíocht arna tíolacadh ag Ballstát ceart;

265. ag tabhairt dá haire, faoin Seimeastar Eorpach, go ndéantar faireachán bliantúil ar chur chun feidhme na mbeart a leagtar amach sna pleananna fioscacha-struchtúracha meántéarmacha, agus go gcuireann na Ballstáit tuarascálacha ar dhul chun cinn faoi bhráid an Choimisiúin; ag tabhairt dá haire, i gcomhréir leis an treoraíocht[19] do na Ballstáit maidir leis na ceanglais faisnéise do na pleananna fioscacha-struchtúracha meántéarmacha agus do na tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn, ar feadh shaolré STA, go gceanglaítear faisnéis a áireamh sna tuarascálacha sin maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme aon cheann de na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a áirítear sna pleananna fioscacha-struchtúracha meántéarmacha; á chur i bhfios go láidir go bhfuil na tuarascálacha sin riachtanach chun trédhearcacht, cuntasacht agus úsáid éifeachtach chistí an Aontais a áirithiú, agus ag iarraidh ar an gCoimisiún a fhíorú go soláthraíonn na Ballstáit faisnéis iomlán, thráthúil agus chruinn i gcomhréir le cuspóirí STA;

266. ag tabhairt dá haire, ó bhí 2021 ann, gur eisigh an Coimisiún 20 tuarascáil iniúchóireachta deiridh lena gcumhdaítear garspriocanna agus spriocanna, ina bhfuil 591 mholadh do 15 Bhallstát; á chur in iúl gur cúis bhuartha ar leith di, i gcás fhormhór (64 %) na 136 mholadh a bhaineann le torthaí criticiúla agus torthaí an-tábhachtach, go raibh an spriocdháta cur chun feidhme a leagadh síos sa tuarascáil iniúchóireachta caite cheana féin; ag tabhairt dá haire go n-aithníonn an Coimisiún gurb ionann moilleanna den sórt sin ar chur chun feidhme ag roinnt Ballstát agus 22 % de na moltaí iomlána a bhaineann le torthaí criticiúla agus

---

19 Treoraíocht C/2024/3975, an 21 Meitheamh 2024.

torthaí an-tábhachtach; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur ghlac an Coimisiún leis an moladh ón gCúirt anailís a dhéanamh ar na cúiseanna atá le moilleanna ar chur chun feidhme ag na Ballstáit agus ar an athbhreithniú leanúnach atá á dhéanamh aige ar stádas na moltaí uile atá fós gan réiteach; ag dréim leis go dtabharfaidh sé aghaidh go práinneach ar mhoilleanna ar chur chun feidhme mholtaí an Choimisiúin ó na hiniúchtaí *ex-post*;

267. á mheabhrú gur lean an Coimisiún de gharspriocanna rialaithe a chur isteach tar éis laigí na mBallstát ina gcórais rialaithe a bhrath; ag cur sonrú i mbarúil na Cúirte, cé go bhfuil feabhas curtha ag an gCoimisiún ar a sheiceálacha ar sholáthar poiblí agus ar státchabhair, nach bhfuil córais rialaithe na mBallstát éifeachtach go leor fós chun comhlíonadh a áirithiú; ag tabhairt dá haire gur shainaithin an Chúirt laigí, a bhfuil riosca ag baint leo do chosaint leasanna airgeadais an Aontais, in 22 nós imeachta soláthair phoiblí aonair lena n-áirítear easpa seiceálacha chun coinbhleachtaí leasa a chosc nó a bhrath, laigí maidir le bonn cirt a thabhairt d'úsáid nósanna imeachta práinneacha agus laigí maidir le luach an tsoláthair agus fad an tionscadail a mheas, as a n-eascraíonn difríochtaí suntasacha idir na doiciméid tairisceana agus na conarthaí iarbhír a síníodh; ag tabhairt dá haire go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar a threoraíocht do na Ballstáit d'fhonn feabhas a chur ar na rialuithe gaolmhara ar an leibhéal náisiúnta; á chur i bhfios go láidir, cé nach mbíonn aon tionchar ag comhlíonadh rialacha maidir le soláthar poiblí agus státchabhair ar rialtacht íocaíochtaí STA a dhéanann an Coimisiún leis na Ballstáit, go bhfuil na rialacha sin ríthábhachtach chun margadh inmheánach lánfheidhmiúil a áirithiú; á mheas, dá bhrí sin, nach mór cistiú a bheith faoi réir chomhlíonadh rialacha infheidhme an mhargaidh inmheánaigh; á aithint gur aithin an Coimisinéir um an mBuiséad agus Comhrac Calaoise agus um an Riarachán Poiblí le linn a éisteachta sa Choiste um Rialú Buiséadach an 8 Nollaig 2025 go bhfuil sé ar cheann de na laigí nach féidir a dhéanamh athuair nach n-áirítear rialacha maidir le soláthar poiblí agus státchabhair mar choinníollacha íocaíochta, agus ag aithint ghealltanas an Choimisiúin é sin a cheartú faoin gcéad CAI eile;

268. ag tabhairt dá haire gur shainaithin an Chúirt laigí, i gcás cúig Bhallstát, ina ndearbhuithe bainistíochta, atá le dearbhú a thabhairt go bhfuil an fhaisnéis a cuireadh isteach leis na hiarrataí ar íocaíocht iomlán, cruinn agus iontaofa; ag cur sonrú i gcinneadh na Cúirte go raibh na cúig Bhallstát, lena n-áirítear an tSeicia, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit agus an tSlóvaic, ar an eolas faoi fhianaise neamhleor maidir le comhlíonadh sásúil roinnt garspriocanna agus spriocanna agus an iarraidh ar íocaíocht á cur isteach acu, ach nár chuir aon cheann acu aon fhorchoimeádas san áireamh ina ndearbhú bainistíochta lenar tugadh chun suntais nár comhlíonadh garsprioc/sprioc ach go páirteach tráth na hiarrata ar íocaíocht;

269. á chur in iúl gur cúis bhuartha di torthaí na Cúirte i dTuarascáil

Speisialta 21/2025 dar teideal ‘Tacaíocht STA do thimpeallacht ghnó fheabhsaithe’; á thabhairt chun suntais go bhfuil na hathchóirithe a leagtar amach sna pleananna náisiúnta éagsúil ó thaobh raon feidhme, cineáil agus uaillmhéine de, agus go bhféadfadh sé nach mbeadh athruithe struchtúracha sa timpeallacht ghnó mar thoradh orthu i gcónaí; á chur in iúl gur cúis díomá di freisin go bhfuil garspriocanna agus spriocanna teoranta go ginearálta do ‘aschuir’ dhlíthiúla a thomhas, is é sin glacadh dlíthe den chuid is mó, seachas a dtorthaí, agus dá bhrí sin, gur comhlíonadh na coinníollacha íocaíochta a luaithe a glacadh na dlíthe, seachas nuair a tháinig éifeachtaí na ndlíthe chun solais; ag tabhairt dá haire go raibh go leor athchóirithe beartaithe cheana féin roimh STA, ach gur chuidigh tacaíocht airgeadais STA lena áirithiú gur cuireadh na hathchóirithe chun feidhme an tráth sin;

Iniúchadh agus rialú

270. ag cur sonrú sa bharúil ón gCúirt, maidir le neamhrialtachtaí tromchúiseacha nár cheartaigh an Ballstát, gur cháiligh Ard-Stiúrthóir AS ECFIN a dhearbhú le forchoimeádas tar éis an ardriosca a sainaithníodh i mBallstát amháin, mar atá, an tSeicia, mar gheall ar dhá chás aonair coinbhleachta leasa nach bhfuil aon fhaisnéis ina leith maidir le gníomhaíocht cheartaitheach bhreise a rinne an tSeicia ag an gcéim seo agus nach raibh gníomhaíochtaí ceartaitheacha seolta ag an gCoimisiún ina leith go fóill; ag tabhairt dá haire go mbaineann an forchoimeádas sin le dhá íocaíocht STA, agus go ndearna an Coimisiún measúnú freisin ar 22 íocaíocht mar íocaíochtaí lena mbaineann meánriosca agus ar shé íocaíocht mar íocaíochtaí lena mbaineann riosca íseal neamhrialtachtaí tromchúiseacha; ag cur sonrú, agus é ina ábhar imní di, i dtuairim na Cúirte go bhféadfadh sé nach ngabhfaí leibhéal an riosca fholuitigh go hiomlán leis an measúnú foriomlán, ós rud é go bhfuil na critéir measúnaithe riosca ailínithe go ginearálta leis na critéir a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh seiceálacha i réimsí amhail soláthar poiblí agus státchabhair;

271. á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur thuairiscigh an Chúirt go bhfuil an fhaisnéis atá ar fáil don Choimisiún maidir le calaois bhraite teoranta agus á chur i bhfios go láidir gur gá feabhas a chur ar shreafaí faisnéise d’fhonn cosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú, go háirithe trí bhearta réamhchúraim feabhsaithe; á thabhairt chun suntais go raibh OIPE, ag deireadh 2024, ag láimhseáil 311 chás ghníomhacha a bhain le NGEU, agus gur bhain gach cás seachas ceithre cinn acu le STA, arb ionann sin agus thart ar 17 % de na himscrúduithe gníomhacha uile ar chalaoise chaiteachais; ag tabhairt dá haire gurb é EUR 2,8 billiún an damáiste measta do leasanna airgeadais an Aontais, arb ionann é agus 30 % (2023: 25 %) den damáiste measta foriomlán a eascraíonn as calaois chaiteachais uile an Aontais; á chur i dtábhacht, mar sin féin, nár thug OIPE fógra oifigiúil don Choimisiún ach faoi 75 chás a bhain le STA, agus gur bhain 80 % de na cásanna sin ar tugadh fógra ina leith

le beart amháin i mBallstát amháin, mar atá, an Iodáil; ag tabhairt dá haire freisin gur chinn OIPE go raibh údaráis náisiúnta forfheidhmithe dlí fós ar an bpríomhfhoinse tuairiscithe, agus gur osclaíodh 90 % de na himscrúduithe nua bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthair siad; ag tabhairt dá haire freisin ó Thuarascáil Speisialta 06/2026 ón gCúirt dar teideal ‘Dul i ngleic leis an gcalaois in RFF’ gur thuairiscigh na Ballstáit 51 chás calaoise amhrasta do AS ECFIN ó thús STA in 2021 go dtí deireadh 2024; á chur in iúl gur cúis imní di nach bhfuil i dtuarascálacha ó institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, lena n-áirítear an Coimisiún, ach níos lú ná 1 % de na himscrúduithe nua OIPE a osclaíodh in 2025, rud a ardaíonn tuilleadh imní maidir le cumas an Choimisiúin maoirseacht a dhéanamh ar STA; á chur in iúl gur cúis imní di freisin go bhfuil coinne ag OIPE leis go leanfaidh líon na gcásanna de bheith ag fás ós rud é go bhfuil níos mó ná leath de STA fós le cur chun feidhme; á chur i dtábhacht go ndeimhnítear leis na figiúirí atá tugtha ag OIPE gur ann don riosca calaoise in STA; á chur i bhfáth go léirítear leis an staid sin gur gá acmhainneachtaí náisiúnta braite agus tuairiscithe, an comhar le OIPE agus leis an gCoimisiún, agus éifeachtacht agus comhsheasmhacht fhoriomlán na gcóras frithchalaoise ar fud an Aontais a neartú a thuilleadh; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le creat frithchalaoise láidir agus comhordaithe a gcuirtear acmhainní cuí ar fáil lena aghaidh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon chun cistí an Aontais agus airgead na gcáiníocóirí a chosaint;

272. á chur in iúl gur díol sásaimh di na hathchóirithe a rinne an Bhulgáir agus an dul chun cinn a baineadh amach in 2025, ar lena linn a fuair an tír thart ar 31 % dá cistiú iomlán leithdháilte faoi STA trí dhá thráinse arbh fhiú EUR 1,91 billiún iad; ag aithint athchóirithe tábhachtacha i réimse an tsoláthair phoiblí agus na trédhearcachta breithiúnaí; á thabhairt dá haire, an 3 Samhain 2025, gur ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le heisíocaíocht an dara tráthchuid den tacaíocht neamh-inaisíoctha don Bhulgáir a chur ar fionraí go páirteach toisc nár measadh gur comhlíonadh go sásúil garsprioc amháin a bhaineann leis an athchóiriú frithéillithe; ag aithint na n-iarrachtaí atá déanta ag rialtas na Bulgáire athchóirithe a thabhairt isteach arb é is aidhm dóibh a áirithiú go gceapfar an Coimisiún Frithéillithe atá neamhspleách ó thaobh na polaitíochta de; ag tabhairt dá haire go n-aithnítear freisin sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún go bhfuil ról ceannasach ag an Tionól Náisiúnta maidir le bainistíocht an Choimisiúin Frithéillithe a ainmniú agus a cheapadh araon; ag tabhairt dá haire go bhfuil 6 mhí ag an mBulgáir athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat reachtach chun an tairseach is gá a bhaint amach; á chur i bhfios go láidir nár cheart deireadh a chur leis an bhfionraí ach amháin nuair a bheidh na bearta is gá déanta ag an mBulgáir chun a áirithiú go gcomhlíonfar an gharsprioc go sásúil;

273. ag cur sonrú i dtorthaí na Cúirte a léiríonn arís agus arís eile gur ann d’easnaimh in údaráis náisiúnta iniúchóireachta áirithe ó thaobh

raon feidhme, cáilíochta, doiciméadachta agus tuairisciú de; á chur i bhfáth go bhfuil gá le creat soiléir freagrachtaí chun cáilíocht agus comhsheasmhacht a ráthú; á áitiú nach mór do na comhlachtaí iniúchóireachta sna Ballstáit caighdeáin iniúchóireachta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta a chomhlíonadh; ag tabhairt rabhaidh go mbaintear an bonn ó iontaofacht a gcuid oibre mura ndéantar amhlaidh agus go bhfuil rioscaí ag baint leis do chur chuige na hIniúchóireachta Aonair;

274. á chur in iúl gur oth léi na rianta iniúchóireachta neamhiomlána a thug an Chúirt faoi deara in STA, rud a lagaíonn inrianaitheacht agus a chuireann srian ar chumas na Parlaiminte agus na Cúirte grinnscrúdú a dhéanamh; á chur i bhfáth nach mór rochtain a bheith ag an gCúirt ar bhunachair sonraí agus ar chórais faisnéise uile an Choimisiúin a úsáidtear chun sonraí idir an Coimisiún agus na Ballstáit a bhailiú, a mhalartú agus chun faireachán a dhéanamh orthu; á chur i bhfios go láidir gur cheart rochtain dhíreach agus phras a bheith ag an gCúirt ar na sonraí bunaidh arna dtaifeadadh sa chóras, gan modhnú, comhiomlánú ná eagarthóireacht roimh ré ag údaráis náisiúnta ná ag seirbhísí an Choimisiúin; á chur i bhfios go láidir go bhfuil rochtain den sórt sin bunriachtanach chun neamhspleáchas, iontaofacht agus éifeachtacht iniúchtaí a áirithiú agus chun seasamh le trédhearcacht agus cuntasacht i gcur chun feidhme bhuiséad an Aontais;

275. á chur in iúl gur cúis imní di go ndíríonn iniúchtaí ar STA agus ar ionstraimí eile atá bunaithe ar fheidhmíocht ar iniúchtaí córais seachas ar rialuithe ar an gcaiteachas iarbhír a thabhaítear; ag tabhairt rabhaidh nach bhféadfar saincheisteanna bunúsacha a nochtadh in iniúchtaí córais den sórt sin, ar saincheisteanna iad a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais agus an bonn a bhaint uaithi agus ó chosaint leasanna airgeadais an Aontais; á iarraidh ar an gCoimisiún bearta ceartaitheacha cinntitheacha a dhéanamh, nósanna imeachta iniúchóireachta agus creidiúnaithe a neartú, agus a áirithiú nach féidir le teipeanna sistéamacha comhchosúla tarlú arís, agus prionsabal na comhréireachta maidir le dualgais tuairiscithe agus doiciméadachta á urramú ag an am céanna;

276. á mheas gur tástáil bhunreachtúil don chuntasacht dhaonlathach é STA, i bhfianaise a mhéide, a luais agus a shamhla seachadta eisceachtúla; á mheabhrú go bhfuil STA á mhaoiniú trí iasachtaí coiteanna Eorpacha suntasacha agus, dá bhrí sin, go n-éilíonn sé na caighdeáin is airde i dtéarmaí freagrachta airgeadais, trédhearcachta agus luacha airgid do cháiníocóirí an Aontais; á chur i bhfáth nach bhfuil ról na Parlaiminte mar údarás um urscaoileadh fóinteach ach amháin má chuirtear trédhearcacht, inrianaitheacht, cur i bhfeidhm oibiachtúil na rialacha agus na gcaighdeán fíorúcháin i bhfeidhm go dian agus go comhsheasmhach ar fud na mBallstát uile agus má dhéantar an measúnú ar gharspriocanna agus ar spriocanna ar bhealach atá go hiomlán oibiachtúil agus neamhpholaitithe lena n-

áirithítear cóir chomhionann na mBallstát; á mheas nach mór grinnscrúdú parlaiminteach a bheith ag gabháil le haon aistriú i dtreo ionstraimí feidhmíochtbhunaithe chun cuntasacht dhaonlathach a ráthú; ag cur i gcoinne aon togra lena gcuirfí isteach ar an gcothromaíocht institiúideach agus lena mbainfí an bonn ó ról na Parlaiminte mar údarás um urscaoileadh;

Trédhearcacht

277. ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt measúnú ar chórais náisiúnta cúig Bhallstát in 2024 chun a mheas an raibh siad in ann cistí STA a rianú ón mbuiséad náisiúnta síos go dtí na faighteoirí deiridh agus níos faide anonn, chomh maith le sonraí a sholáthar maidir le caiteachas a thabhaigh na faighteoirí deiridh; ag cur sonrú i mbarúil na Cúirte nach bhfuil inrianaitheacht chistí STA córasach ar fud na mBallstát, agus nár áirithigh na córais atá i bhfeidhm in dhá Bhallstát bailiú córasach sonraí maidir le caiteachas arna thabhú ag faighteoirí deiridh chistí STA; á chur in iúl gur saoth léi cinneadh na Cúirte, in ainneoin threoraíocht an Choimisiúin maidir leis an modheolaíocht atá le leanúint ag na Ballstáit chun an 100 faighteoir deiridh is mó[20] a fhoilsiú, go dtarlaíonn éagsúlachtaí suntasacha sa chineál faisnéise a fhoilsítear; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di go bhfuil baol ann go mbainfidh easnaimh den sórt sin i dtrédhearcacht agus inrianaitheacht an bonn ó mhuinín an phobail agus ó ghrinnscrúdú daonlathach éifeachtach ar chaiteachas STA; ag tabhairt dá haire freisin gur thuairiscigh dhá Bhallstát méideanna a leithdháileadh (i.e. a buiséadaíodh) nó a eisíocadh ach i gcásanna áirithe ar leibhéal na gcomhlachtaí idirmheánacha amháin, agus i gcásanna áirithe in éineacht le cistiú náisiúnta, agus nár thuairiscigh Ballstát amháin ach sonraí a bhaineann le bearta ag a bhfuil garspriocanna agus spriocanna a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin le haghaidh íocaíochta, rud nár léirigh go hiomlán cur chun feidhme na mbeart leanúnach;

278. á mheabhrú, le hAirteagal 22(2)(d)(ii) de Rialachán (AE) 2021/241, go gcuirtear oibleagáid ar na Ballstáit, chun críche iniúchta agus rialaithe, faisnéis inchomparáide a bhailiú maidir le húsáid chistí STA, lena n-áirítear ainmneacha na bhfaighteoirí deiridh, na gconraitheoirí agus na bhfochonraitheoirí, agus na n-úinéirí tairbhiúla; á mheabhrú, thairis sin, cé nach gcuireann an Rialachán d’oibleagáid ar na Ballstáit faisnéis a bhailiú agus a fhoilsiú faoi chaiteachas arna thabhú ag faighteoirí deiridh chun garspriocanna nó spriocanna a shaothrú ná an fhaisnéis sin a chur ar fáil lena n-iarrataí ar íocaíocht STA, go gceanglaítear orthu, áfach, an fhaisnéis sin a fhoilsiú faoin 100 ‘faighteoir deiridh’ a fhaigheann na méideanna is mó cistiúcháin faoi STA; ag cur sonrú i seasamh an Choimisiúin, a chuirtear i láthair ina Threoraíocht maidir le

---

20 COM(2024)0474 Iarscríbhinn 5, Iarscríbhinn a ghabhann leis an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme STA, 10.10.2024.

Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, ina ndéantar cur síos ar fhaighteoir deiridh mar ‘an t-eintiteas deireanach a fhaigheann cistí nach conraitheoir ná fochonraitheoir é’; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an léirmhíniú sin ar an gcoincheap ‘faighteoir deiridh’, agus ag athdhearbhú a tuairime go bhfuil sé sin ag teacht salach ar an reachtaíocht atá ann cheana; á chur i bhfáth go bhfuil sí ag dréim leis go ndéanfaidh an Coimisiún comhlíonadh na reachtaíochta atá ann cheana a fhorfheidhmiú agus gach modh atá ar fáil dó a úsáid chun a áirithiú go soláthróidh na Ballstáit liosta iomlán agus fóinteach d’fhaighteoirí deiridh, cé is moite d’eintitis idirmheánacha amháin amhail aireachtaí nó údaráis bhainistíochta; á chur i bhfios go láidir, chun trédhearcacht a áirithiú, go mbreithneoidh an Pharlaimint gach beart atá ar fáil chun comhlíonadh a fhorfheidhmiú, agus chun cosc a chur ar léirmhíniú comhchosúil a chur i bhfeidhm maidir le forálacha trédhearcachta i rialacháin airgeadais eile; á mheas, i gcás nach n-áirithítear ar bhonn leanúnach foilsiú fóinteach faighteoirí deiridh, go gcuirtear amhras mór ar chumas na Parlaiminte urscaoileadh a dheonú ar bhonn eolasach; á mheabhrú gur léirigh an Pharlaimint imní thromchúiseach arís agus arís eile i rúin roimhe seo maidir le hurscaoileadh a bhaineann le STA, lena n-áirítear maidir le trédhearcacht na bhfaighteoirí deiridh; á mheas gur cheart don Choimisiún tús a chur le himeachtaí um shárú agus gur cheart dó gníomhú gan moill mhíchuí chun a chumhachtaí mar chaomhnóir na gConarthaí a fheidhmiú go hiomlán i gcoinne na mBallstát chun a áirithiú go mbeidh rochtain iomlán ag saoránaigh agus ag geallsealbhóirí ar an bhfaisnéis sin; má theipeann uirthi é sin a dhéanamh, breithneoidh an Pharlaimint gach beart iomchuí laistigh dá sainchumais chun comhlíonadh a áirithiú, lena n-áirítear caingean dlí; á chur i bhfáth go bhfuil faisnéis iomlán agus iontaofa maidir leis na faighteoirí deiridh bunriachtanach chun mí-úsáid cistí a chosc, chun calaois a bhrath agus chun caighdeáin chomhionanna chuntasachta a áirithiú ar fud na mBallstát uile;

279. á mheabhrú don Choimisiún nach mór cloí go docht le fuarlitir agus spiorad Rialachán STA, agus nach mór glacadh treoirlínte nó doiciméad inmheánach eile a bheith i gcomhréir go hiomlán le torthaí na caibidlíochta idir na comhreachtóirí; á chreidiúint nárbh amhlaidh an cás nuair a ghlac an Coimisiún na forálacha a bhaineann leis an léirmhíniú ar a bhfuil i gceist le ‘faighteoir deiridh’ ina Threoraíocht maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta;

280. á thabhairt chun suntais, thairis sin, an 4 Feabhra 2025, chun críoch urscaoilte faoi Airteagal 319 CFAE, gur iarr Comhaltaí den Choiste um Rialú Buiséadach go ndéanfadh an Coimisiún liosta den 100 duine nádúrtha nó eintiteas is mó a fhaigheann cistí faoi STA, lena n-áirítear conraitheoirí agus fochonraitheoirí, a sholáthar do gach Ballstát; á mheas go bhfuil sé do-ghlactha nach ndearna ach sé Bhallstát na sonraí a iarradh a chomhroinnt le seirbhísí an Choimisiúin, agus gur chuir Ballstát in iúl go raibh sé ar intinn aige an liosta a chomhroinnt amach anseo, agus gur chuir trí Bhallstát eile in iúl nach gcuirfidís na sonraí isteach, agus iad á mhaíomh nach

raibh an iarraidh i gcomhréir leis na ceanglais tuairiscithe faoi Rialachán STA, agus nár thug na 17 mBallstát eile freagra ar iarraidh an Choimisiúin;

281. ag leagan béim ar rannchuidiú ríthábhachtach STA chun mórshleabhcadh eacnamaíoch agus géarchéim shóisialta a chosc tar éis phaindéim COVID-19 agus a chumas uirlis láidir freagartha ar ghéarchéimeanna a sholáthar;

Moltaí

282. á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhú de réir mholtaí na Cúirte óna Tuarascáil Bhliantúil 2024 chun a áirithiú go ndéanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

    (i) tástáil shubstainteach leordhóthanach a dhéanamh chun iontaofacht na faisnéise a thacaíonn le comhlíonadh cheanglais na gCinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle ag na Ballstáit a áirithiú agus measúnú á dhéanamh ar gharspriocanna agus spriocanna a dtacaítear leo go príomha trí thuarascálacha faireacháin nó cur chun feidhme, seachas a bheith ag brath ar shonraí agus seiceálacha na mBallstát;

    (ii) anailís a dhéanamh ar na cúiseanna atá le moill a bheith ar na Ballstáit i gcur chun feidhme moltaí atá nasctha le torthaí criticiúla nó an-tábhachtach, agus breithniú a dhéanamh ar laghduithe cothromráta a chur i bhfeidhm;

283. á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, an méid seo a leanas a dhéanamh:

    (i) dlúthfhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh leanúnach garspriocanna agus spriocanna, go háirithe iad siúd a bhaineann le hiniúchóireacht, faireachán agus rialú, agus faireachán leordhóthanach a áirithiú ar staid cur chun feidhme garspriocanna agus spriocanna éagsúla ag pointe ama éagsúil tar éis dhul in éag STA leis na roghanna dá bhforáiltear faoi na Comhaontuithe Maoiniúcháin agus Iasachta agus faoin Seimeastar Eorpach;

    (ii) oibriú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun a áirithiú go ndéanfar garspriocanna agus spriocanna, go háirithe iad siúd atá de chineál struchtúrach nó atá nasctha le CSRanna, a chur chun feidhme go hiomlán agus go dícheallach;

    (iii) sásraí fíoraithe níos déine a chur chun feidhme chun cosc a chur ar thionscadail atá ann cheana nach soláthraíonn breisluach faoi chreat STA a áireamh;

    (iv) comhlíonadh iomlán gharspriocanna STA a áirithiú agus gan cistiú a eisíoc ach amháin má leantar de gharspriocanna a chomhlíonadh;

(v) socrú idirinstitiúideach ceangailteach a bhunú, gan a thuilleadh moille, lena n-áiritheofar rochtain iomlán, chórasach agus fíor-ama na Cúirte ar na bunachair sonraí ábhartha uile, lena n-áirítear Arachne agus Fenix;

(vi) na forálacha de Rialachán STA a bhaineann leis na ‘faighteoirí deiridh’ a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go cruinn, trí athbhreithniú a dhéanamh ar a Threoraíocht maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta, chun cumarsáid a dhéanamh leis na Ballstáit maidir le cur i bhfeidhm ceart an tsainmhínithe ar ‘fhaighteoirí deiridh’, chun a áirithiú go mbailíonn agus go soláthraíonn na Ballstáit faisnéis faoi na heintitis dheireanacha a fhaigheann cistí, gan eintitis idirmheánacha amhail aireachtaí nó údaráis bhainistíochta a áireamh, agus an fhaisnéis sin a chur ar fáil don údarás um urscaoileadh faoin sprioc-am deiridhle haghaidh íocaíochtaí STA, agus tús a chur le nosanna imeachta um shárú más gá;

(vii) trédhearcacht níos fearr a áirithiú in STA trí mheasúnuithe, tuarascálacha náisiúnta, iniúchtaí agus gníomhaíochtaí aisghabhála an Choimisiúin a fhoilsiú go tráthúil i bhformáid inrochtana agus infhíoraithe, rud a chuirfidh ar chumas na Parlaiminte, na Cúirte agus na saoránach grinnscrúdú cuí a dhéanamh; ag tacú le cur chuige srathach maidir le rochtain fíor-ama iomlán don Chúirt, cearta faisnéise neamhshrianta don Pharlaimint, agus rochtain phoiblí thrédhearcach i gcomhréir le rialuithe CBAE, agus comhlíonadh RGCS agus rialacha cosanta sonraí an Aontais á n-áirithiú ag an am céanna; á chur i bhfáth nach mór cur chun feidhme agus torthaí iarbhír an tionscadail a léiriú sna sonraí foilsithe;

(viii) faisnéis chomhsheasmhach feidhmíochta a áirithiú in CAI tar éis 2027, trí shraith aonair réimsí beartais atá sainithe go soiléir agus modheolaíocht chomhsheasmhach a bhunú chun dúshláin, cuspóirí, bearta, táscairí cistiúcháin agus feidhmíochta a nascadh le réimse beartais amháin nó níos mó, lena n-áirítear trí chreataí tuairiscithe comhchuibhithe agus táscairí intomhaiste inchomparáide a úsáid ar fud na mBallstát uile, rud a fhágfaidh gur féidir measúnú soiléir a dhéanamh ar thorthaí, ar éifeachtúlacht agus ar luach chistiú an Aontais;

(ix) forálacha Rialachán STA a chur i bhfeidhm go docht, lena n-áirítear na forálacha sin i ndáil le híocaíochtaí a chur ar fionraí nó suimeanna a aisghabháil, go háirithe mura ndéantar cosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú;

(x) sainordú a thabhairt maidir le cros-seiceálacha idir-inoibritheacha uathoibrithe ar fud STA, ionstraimí comhtháthaithe agus ionstraimí bainistíochta dírí agus tuairisciú go bliantúil don údarás um urscaoileadh faoi chásanna cistiúcháin dhúbailte a bhraitear;

(xi) oibriú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, go háirithe leis na Ballstáit sin a bhfuil srianta ar a n-acmhainneacht struchtúrach, trí chúnamh teicniúil, treoraíocht agus tacaíocht riaracháin spriocdhírithe a chur ar fáil chun a áirithiú go gcuirfear infheistíochtaí agus athchóirithe STA chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach ar fud na mBallstát uile;

(xii) sásraí faireacháin a neartú agus a áirithiú go leanfaidh athchóirithe agus infheistíochtaí arna maoiniú faoi STA de bheith oibríochtúil agus go mbeidh tionchar marthanach acu tar éis na tréimhse eisíocaíochta, chun leasanna airgeadais an Aontais agus airgead na gcáiníocóirí a chosaint;

(xiii) i gcás ionstraimí agus athbhreithnithe ar rialacháin tar éis 2026, oibleagáid a mholadh do na Ballstáit calaois agus neamhrialtachtaí amhrasta a thuairisciú trí thacsanomaíocht chomhchuibhithe atá ailínithe le caighdeáin OLAF/OIPE a úsáid;

(xiv) meastóireacht mhaicreacnamaíoch a dhéanamh agus é de chuspóir aici measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht thacaíocht an Aontais do na Ballstáit tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, lena n-áirítear a mhéid a bhí an tacaíocht tráthúil agus comhréireach le cuspóirí beartaithe na Saoráide, go háirithe téarnamh ó ghéarchéim COVID-19, agus í a roinnt leis an údarás um urscaoileadh;

(xv) a iarraidh go dtabharfaí isteach uirlisí anailíseacha tuarthacha arna gcumhachtú ag IS chomh maith le cumais mheaisínfhoghlama a chuirfeadh ar chumas iniúchóirí measúnuithe riosca fíor-ama a dhéanamh agus aimhrialtachtaí a shainaithint ar bhealach níos éifeachtaí.